

Tuarascáil Bhliantúil 2009



ISSN 1831-5240

Tiomanta chun cinntiú go bhfuil bia na hEorpa sábháilte


TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2009



CLÁR ÁBHAR

RÉAMHRÁ	2	3. SONRAÍ AE A BHAILIÚ	22
Réamhrá le Jo Leinen	2	Cad atá á ithe san Eoraip?	22
Réamhrá le Androulla Vassiliou	3	An Chéad Tuarascáil Bhliantúil de chuid EFSA ar Iarmhair Lotnaidicídí	23
Teachtaireacht ó Diána Bánáti	4	Tuairisciú ar zónóisí agus ar bhristí amach bia-iompartha ar fud an AE	23
Teachtaireacht ó Catherine Geslain-Lanéelle	5	Ag cabhrú le rioscaí atá ag teacht chun cinn a aithint	24
I. RÓL EFSA I gCÓRAS SÁBHÁILTEACHTA BIA AN AE A DHAINGNIÚ	6	4. COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA A THÓGÁIL	25
II. TIOMANTA CHUN CINNTIÚ GO BHFUIL BIA NA HEORPA SÁBHÁILTE	8	Ag gníomhú ar fud an domhain	25
1. COMHAIRLE CHUIMSITHEACH A CHUR AR FÁIL	9	Naisc níos dlúithe a chothú go hidirnáisiúnta	25
Gach sainordú a athbhreithniú d'fhonn déileáil le saincheisteanna ar bhealach níos fearr	9	5. CUMARSÁID AGUS COMHPHLÉ	27
Baill Choiste Eolaíoch agus Phainéil EFSA a athnuachan	9	Comhoibriú le Ballstáit i ndáil le cumarsáid	28
Próiseas athbhreithnithe cáilíochta i bhfeidhm go hiomlán	9	Comhphlé le páirtithe leasmhara	28
Comhoibriú dlúth le Ballstáit	10	Páirt a ghlacadh i gcomhphlé eolaíoch	29
An úsáid is fearr a bhaint as sármhaitheas eolaíoch uile-Eorpach	11	Teagmháil a dhéanamh leis an bpobal eolaíoch	30
Ag glao ar lucht is fearr na hEorpa	12	Comhpháirtíocht láidir le hinstitiúidí AE	30
Saineolas idirghníomhaireachta a chomhtháthú do bhainisteoirí riosca	13	Comhoibriú le gníomhaireachtaí eile AE	30
Cur chuige ildisciplíneach a úsáid i ndáil le héilleáin sa slabhra bia	14	Naisc níos dlúithe a chruthú le pobal áitiúil EFSA	31
Cur chuige comhtháite i ndáil le sláinte ainmhithe	14	6. FREAGRÚLACHT, ÉIFEACHTÚLACHT AGUS ÉIFEACHTACHT	32
Modheolaíochtaí measúnaithe riosca nua a fhorbairt i ndáil le lotnaidicídí	15	I gcás géarchéime...	32
Measúnú riosca lotnaidí chun sláinte plandaí a choinneáil san Eoraip	15	Ón teoiric go cleachtas	32
Tacaíocht eolaíoch a sholáthar trasna EFSA	16	Bheith éifeachtúil agus éifeachtach	33
2. MEASTÓIREACHTAÍ TRÁTHÚLA ARDCHAIGHDEÁIN	17	III. AG FÉACHAINT AR AGHAIDH DON BHLIAIN 2010	34
Meastóireacht a dhéanamh ar mhaímh sláinte	18	IV. IARSCRÍBHINNÍ	36
Feabhas breise a chur ar athbhreithniú píaraí ar shubstaintí gníomhacha i dtáirgí cosanta plandaí	19	Iarscríbhinn I Cairt eagraíochta	37
Treoir a thabhairt agus plé le hiarrthóirí: Eiseamláir na mbeiseán beatha	19	Iarscríbhinn II Liosta acrainmneacha	39
Breiseáin bhia a mheasúnú	20	Iarscríbhinn III Tuairimí agus doiciméid eolaíochta efsa 2009	41
Meastóireacht a dhéanamh agus treoir a thabhairt faoi ábhair theagmhála bia agus blastáin	21	Iarscríbhinn IV Tuarascáil airgeadais	63

CD ROM LE HASCHUIR EOLAÍOCHTA EFSA 2009



RÉAMHRÁ le Jo Leinen

CATHAOIRLEACH AN CHOISTE COMHSHAOIL, SLÁINTE POIBLÍ AGUS SÁBHÁILTEACHTA BIA, PARLAIMINT NA HEORPA

I mo cháil mar Chathaoirleach an Choiste Comhshaoil, Sláinte Poiblí agus Sábháilteachta Bia (ENVI), ceann de na príomh-thosaíochtaí atá agam ná an leibhéal ard sábháilteachta bia atá againn san Aontas Eorpach a threisiú agus a fheabhsú. Mar thoradh ar mhargadh inmheánach na hEorpa, féadtar bia a dhíol go neamhsrianta sna Ballstáit uile, rud a chuireann raon leathan d'earraí speisialtachta ar fáil do thomhaltóirí Eorpacha. Mar sin, tá sé ríthábhachtach go ndéanfaidh comhlacht neamhspleách na táirgí seo a mheasúnú chun a dheimhniú go gcomhlíonfar caighdeáin sábháilteachta arda an AE.

Mar sin, tá ról tábhachtach ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA) san AE, ní hamháin toisc go measúnaíonn sé sábháilteacht bia agus cothaitheach, ach freisin toisc go ngníomhaíonn sé mar ghasra faire do shláinte agus leas ainmhithe agus do chosaint plandaí agus sláinte plandaí.

Cé nach bhfuil EFSA ar an saol ach le seacht mbliana anuas, is comhpháirtí ríthábhachtach de chuid Parlaimint na hEorpa é i ndáil le saincheisteanna maidir le sábháilteacht bia agus sláinte, agus is údarás dea-bhunaithe, aitheanta sna réimsí seo é. Mar sin, ní hamháin go dtéann a chuid oibre i bhfeidhm ar an

AE ach socraíonn sé caighdeáin dhomhanda chomh maith.

Bíonn an Pharlaimint ag brath ar ionchuir eolaíoch agus ar thuairimí saineolaithe EFSA chun reachtaíocht fhónta maidir le sábháilteacht bia a chur ar bun a chosnóidh tomhaltóirí ar rioscaí sláinte. Léiríonn plé a rinneadh le deireanas ar bhianna nua, ar tháirgí ó ainmhithe clónáilte, ar bhia géinathraithe agus ar bhreiseáin bhia go bhfuil an obair a dhéanann EFSA chun rioscaí a bhaineann leis an slabhra bia a mheasúnú thar a bheith ábhartha. Ní hamháin go bhfuil spéis mhór ag an bpobal de tháirgeoirí leasmhara i gclárú agus i measúnú leanúnach na "maíomh sláinte", mar a thugtar orthu; d'éirigh tomhaltóirí i bhfad níos feasaí ar an tsaincheist seo chomh maith. Laistigh de chreat an rialacháin maidir le maíomh sláinte, tá EFSA ag déanamh taighde ar gach maíomh a dhéantar i lipéadú, i gcur i láthair nó i margaíocht bia san Aontas Eorpach chun a fháil amach an bhfuil an maíomh cruinn agus an bhfuil sé bunaithe ar fhianaise a ghlacann an pobal eolaíochta leis. Níl ansin ach eiseamláir mhaith amháin le leas na saoránach, trína chinntiú go gcomhlíonfaidh táirgeoirí a gcuid gealltanais.

Tá dúshlán nua le sárú ag an Eoraip a bhaineann le hathrú aeráide agus inbhuanaitheacht. Tá talmhaíocht agus táirgeadh bia ag cur le téamh domhanda ar feadh an tslabhra bia iomláin. Agus iarrachtaí á ndéanamh chun déileáil leis na dúshláin seo, m.sh. trí fheabhas a chur ar tháirgeacht barraí nó trí bheatha ainmhithe a athrú chun astuithe meatáin a laghdú, forbrófar teicneolaíochtaí nua. Caithfidimid a chinntiú go dtabharfar aird chuí ar chaighdeáin sábháilteachta agus sláinte sa réimse seo freisin.

Cuimsíonn obair EFSA raon ollmhór tascanna agus caithfidh sé cloí leis na ceanglais cháilíochta is airde chun tomhaltóirí a choimeád slán. Mar sin, cé gur obair an-deacair í, baineann saoránaigh AE tairbhe mhór aisti ag an am céanna. Le blianta beaga anuas, d'éirigh le EFSA caighdeáin arda maidir le sábháilteacht bia a chur ar bun san Aontas Eorpach. ■

*Jo Leinen
Cathaoirleach an Choiste Comhshaoil, Sláinte Poiblí agus
Sábháilteacht Bia, Parlaimint na hEorpa*

RÉAMHRÁ le Androulla Vassiliou

COIMISINÉIR SLÁINTE AN AE (2008-2009)



Creidimid go tréan sa Choimisiún Eorpach gurb í an tsábháilteacht comhábhar is tábhachtaí an bhia.

Rinne sraith géarchéimeanna sna 1990í – mar shampla iad siúd a bhain le ESB agus le dé-ocsainí – dochar ollmhór do mhuintir tomhaltóirí san Aontas Eorpach agus ar fud an domhain. Ba chrua na cúinsí a chabhraigh linn ár gceacht faoi shábháilteacht a fhoghlaim, agus mar sin rinneamar athmhachnamh ar ár gcur chuige tríd is tríd maidir le sábháilteacht bia. An toradh deireanach a bhí air sin ná leasú cuimsitheach chóras sábháilteachta bia an AE. D'éirigh chomh breá leis gur féidir linn a bheith bródúil anois go bhfuil ceann de na córais sábháilteachta bia is fearr, is cuimsithí ar domhan againn san Aontas Eorpach.

Ní bheifí in ann an feabhsú suntasach seo a bhaint amach gan é a bhunú ar eolaíocht urrúnta. Agus seo é an ról atá le comhlíonadh ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia. Léirigh EFSA go bhfuil ar a chumas na tuairimí eolaíocha a chur ar fáil a bhíonn ag teastáil ón Aontas chun bonn a chur faoina reachtaíocht. Go simplí, is comhpháirtí riachtanach é EFSA inár gcuid iarrachtaí chun sábháilteacht bia a chinntiú.

Ó bunaíodh é seacht mbliana ó shin, d'éirigh leis, de réir a chéile, ról mar phointe tagartha eolaíochta a bhaint amach. Inniu, is údarás é a bhfuil meas mór air agus tugtar aitheantas dá shármhaitheas eolaíoch.

I rith 2009, d'éirigh le EFSA freagairt go rathúil do líon ard iarratas ón gCoimisiún – rud nach éasca é mar thoradh ar a ualach mór oibre. Le bliain anuas, bhí orainn déileáil le sraith dúshlán agus rioscaí a bhain leis an slabhra bia – eiseamláir amháin ba ea an bainne éililthe le mealaimín sa tSín, cás inar tugadh aitheantas d'ionchur EFSA ar fud an domhain. Bhí ról EFSA maidir le comhairle eolaíoch a chur ar fáil go tapa ag croí ár n-iarrachtaí déileáil leis an gcás seo agus le cásanna cosúla eile.

Ach ní bhaineann luach EFSA lena chomhairle eolaíoch amháin. Trí shonraí eolaíocha a bhailiú agus a anailísiú, tugann EFSA léargas níos fearr dúinn ar na rioscaí a bhaineann le bia agus cuireann sé ar ár gcumas athmheasúnú a dhéanamh ar shaincheisteanna fadtéarmacha i bhfianaise dul chun cinn eolaíoch agus forbartha teicneolaíche.

I mo cháil mar Choimisinéir Sláinte, chomhoibrigh mé go dlúth le EFSA chun bonn eolaíoch láidir a chur ar fáil do bheartais AE. Tá an Coimisiún Eorpach tiomanta do chomhoibriú dlúth leanúnach a dhéanamh le EFSA amach anseo. Leoga, tá na cúiseanna imní agus na spriocanna céanna againn.

Go bunúsach, leanfaidh an Coimisiún Eorpach agus EFSA orthu ag obair go crua chun a chinntiú go mbeidh an comhábhar bia is tábhachtaí ar ár mbord i gcónaí: leanfaimid orainn ag déanamh ár seacht ndícheall chun an bia a ithimid a choinneáil slán. ■

*Androulla Vassiliou,
Coimisinéir Sláinte an AE (2008-2009)*



TEACHTAIREACHT ó Diána Bánáti

CATHAOIRLEACH BHORD BAINISTÍOCHTA EFSA

“Ní féidir le duine amháin atá ag feadaíl siansa a chasadh. Caithfidh ceolfhoireann iomlán é a sheinm.”

(H.E. Luccock)

Is é príomhaidhm EFSA faisnéis iontaofa, bunaithe ar eolaíocht a chur ar fáil i ndáil le gach riosca a bhaineann leis an slabhra bia. An fhís atá againn ná aitheantas domhanda a bhaint amach mar an comhlacht tagartha Eorpach um measúnú riosca maidir le sábháilteacht bia agus beatha, sláinte agus leas ainmhithe, cothú, cosaint plandaí agus sláinte plandaí. Chun é sin a bhaint amach, in 2009 lean EFSA de ag dul i méid san Eoraip agus ar fud an domhain, ag síneadh níos fairsinge ná riamh, i gcomhar dlúth lena chomhpháirtithe sna hinstitiúidí AE agus sna Ballstáit.

In 2009, ghlac an Bord Bainistíochta straitéis idirnáisiúnta EFSA ina leagtar amach na príomhchuspóirí a bhfuil gá leo chun tionscnaimh reatha agus amach anseo a dhaingniú le Ballstáit, le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta. Spreagamar cumas measúnaithe riosca agus saineolas an Údaráis freisin. In 2009, i ndiaidh an fheachtais earcaíochta rathúil a bhí ar siúl ó 2008 go dtí go luath in 2009, d'fhorghreasamar ainmniú 174 saineolaí eolaíochta neamhspleách chun Coiste Eolaíoch an Údaráis agus ocht gcinn dá dheich bPainéal a athbhunú do théarma nua trí bliana. Lena chois sin, le tuiscint againn ar ionchur shaineolaithe EFSA, thacaíomar le togra chun cúiteamh do shaineolaithe a láidriú agus ghlacamar buiséad EUR 73 milliún 2010, buiséad a bhfuil gá leis chun obair eolaíochta

mhéadaitheach EFSA a chur i gcrích, go háirithe sna réimsí d'iarratais agus de bhailiú sonraí.

Tá a fhios againn cheana féin go bhfuil ualach oibre EFSA ag dul i méid mar thoradh ar iarratais ónár gcomhpháirtithe. Mar sin, an bhliain seo caite chuireamar tús le hidirbheartaíocht chun meastóireacht agus measúnacht a dhéanamh ar thionchar obair EFSA. In 2009, bhain ceann de thascanna is tábhachtaí EFSA le tacaíocht eolaíoch a chur ar fáil do mhaímh maidir le sláinte agus cothú d'fhonn cabhrú le tomhaltóirí roghanna cothaithe eolasacha, bríocha a dhéanamh. In 2010 saineoimid táscairí príomhúla chun tomhas a dhéanamh ar an dóigh a dtéann ár gcomhairle i bhfeidhm ar chumadh dhlí an AE agus an dóigh a rannchuidíonn sí leis an gcóras sábháilteachta bia.

Creidimid go mbaineann tábhacht le comhoibriú agus le comhphlé, agus gach bliain déanaimid sár-iarracht na líonraí seo a threisiú agus a leathnú. Ní bhaineann sé seo lenár gcomhpháirtithe amháin; baineann sé freisin leis na páirtithe leasmhara éagsúla uile a bhfuil spéis acu inár gcuid oibre agus a ghlacann páirt inti. Dá bhrí sin, in 2009 scrúdaíomar agus d'athbhreithníomar gníomhaíochtaí ár nArdáin Chomhchomhairliúcháin do Pháirtithe Leasmhara. Thionscain an Bord Bainistíochta plé faoi agus leag sé béim ar an ngá comhoibriú

breise leis na Ballstáit a chur chun cinn chun a bheith níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla.

Tá athrú suntasach tagtha ar an tírdhreach cumarsáide agus ar EFSA féin ó glacadh straitéis chumarsáide an Údaráis den chéad uair in 2006. Agus tuiscint aige air sin, phléigh an Bord páipéar ina leagtar amach an bealach is fearr leis an straitéis seo a athbhreithniú. Táimid ag tnúth go mór le leanúint ar aghaidh leis an díospóireacht seo in 2010 chun treo obair chumarsáide thábhachtach EFSA a bheachtú.

Thar ceann an Bhoird Bhainistíochta, ba bhreá liom buíochas a ghabháil leis an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Ms Catherine Geslain-Lanéelle, leis na 1500 saineolaí a oibríonn leis an gCoiste Eolaíoch agus leis na Painéal Eolaíoch, agus leis an mbreis agus 400 ball foirne EFSA as ucht a gcuid oibre díograisí, leanúnaí in 2009. Éiríonn leo déileáil leis an ualach oibre méadaithe agus aschuir bhreise a chur ar fáil do bhainisteoirí riosca ar fud na hEorpa. Ba bhreá liom freisin buíochas a ghabháil le baill eile an Bhoird as ucht a gcuid oibre in 2009. Táim ag tnúth go mór le hoibriú le chéile chun EFSA a threorú agus é ag baint aitheantas méadaithe amach mar chomhchuid riachtanach de chóras sábháilteachta bia an AE. ■

An tOllamh Diána Bánáti
Cathaoirleach Bhord Bainistíochta EFSA

TEACHTAIREACHT ó Catherine Geslain-Lanéelle

STIÚRTHÓIR FEIDHMIÚCHÁIN EFSA



Bhí 2009 mar bhliain de chomhoibriú agus de chomhphlé treisithe do EFSA. Is féidir linn féachaint siar ar bhliain rathúil eile de chomhoibriú tairbheach leis an gCoimisiún Eorpach, leis na Ballstáit, le gníomhaireachtaí AE agus le contraphárteanna idirnáisiúnta, ina ndearnadh comhphlé cuiditheach leanúnach lenár bpáirtithe leasmhara. Sa bhliain 2009, d'éirigh thar barr le tiomantas EFSA maidir le haschuir ardchaighdeán a chur ar fáil, mar cuireadh 636 aschur ar fáil i gcomparáid le 489 sa bhliain roimhe sin.

Cloch mhíle amháin a baineadh amach le linn na n-iarrachtaí seo ná an dul chun cinn a rinne EFSA maidir le meastóireacht a dhéanamh ar tháirgí, substaintí agus maímh atá faoi réir údaraithe. Go háirithe, rinneamar meastóireacht ar na céadta maíomh sláinte, laistigh de spriocamanna a bhí gairid go leor, agus ar bhreiseáin bhia, orgánaigh ghéinathraithe, blastáin, lotnaidicídí agus breiseáin bheatha.

Bhí idirghníomhaíocht le comhpháirtithe agus le páirtithe leasmhara ina gné thábhachtach dár gcuid oibre laethúla fós. Mar shampla, in 2009 d'eagraíomar comhdháil chun an ról atá againn maidir le measúnacht a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le horgánaigh ghéinathraithe a phlé agus a mhíniú do gheallsealbhoirí agus d'eolaithe, agus chun ár bpost mar sholá-

thraí comhairle eolaíche neamhspleáiche a shoiléiriú. Ba dheis luachmhar í chun éisteacht agus foghlaim, agus chun idirghníomhú le heolaithe agus le geallsealbhoirí trí mheán díospóireachtaí oscailte, tairbheacha, go háirithe i ndáil le treoir threisithe maidir le measúnuithe riosca comhshaoil.

D'oibríomar freisin ar ár bhfreagrúlacht agus ar ár dtiomantas maidir le freagairt ghasa, éifeachtúil a thabhairt ar chásanna práinneacha. In 2009, reáchtálar cleachtaí ionsamhlúcháin ghéarchéime cuimsitheacha a chlúdaigh measúnú riosca i gcásanna géarchéime agus cumarsáid maidir le riosca leis an gCoimisiún Eorpach agus le Ballstáit. Mar aon le blianta roimhe seo, cuireadh an teoiric sin i ngníomh nuair a thugamar freagairtí gasta ar bhagairtí láithreacha a bhain le sábháilteacht bia, mar shampla, sna cásanna a bhain le nicítín i muisiriúin agus dúch clódóireachta i ngránach bricfeasta.

Chomh maith leis sin, trínár straitéis idirnáisiúnta a ghlacadh in 2009, thógamar céim thábhachtach chun tosaigh maidir le baint amach ár bhfíse, is é sin, aitheantas domhanda a bhaint amach mar an comhlacht tagartha Eorpach um measúnú riosca maidir le sábháilteacht bia agus beatha. Cabhróidh an straitéis nua seo le treoir a thabhairt d'fhorbairt inár

n-obair for-rochtana idirnáisiúnta. Agus cheana féin, in 2009, bhí níos mó ná focail ar pháipéar i gceist léi. D'fhreastalaíomar ar chruinnithe tairbheacha le heagraíochtaí príomhúla a oibríonn sna réimsí de sábháilteacht bia agus sláinte ainmhithe agus plandaí sna Stáit Aontaithe. Tá comhoibriú le *Health Canada*, *New Zealand Food Safety Authority* agus *Food Standards Australia New Zealand* tacaithe ag malartú litreacha anois, a éascóidh comhoibriú eolaíoch maidir le bailiú sonraí agus comhroinnt sonraí a bhaineann le measúnú riosca. Chomh maith leis sin, shínigh EFSA Meabhrán Comhoibríthe leis an tSeapáin in 2009.

Ní bheadh na héachtaí a rinneamar i rith na bliana indéanta gan tiomantas agus gairmiúlacht fhoireann, shaineolaithe eolaíochta agus comhpháirtithe EFSA, in institiúidí AE agus i mBallstáit araon, agus tiomantas agus gairmiúlacht na bpáirtithe leasmhara uile. Mar gheall ar a dtiomantas agus a dtacaíocht leanúnach, bíonn ról ríthábhachtach leanúnach ag EFSA maidir le sábháilteacht bia agus sláinte phoiblí a chosaint. ■

Catherine Geslain-Lanéelle
Stiúrthóir Feidhmiúcháin EFSA

I. RÓL EFSA I gCÓRAS SÁBHÁILTEACHTA BIA AN AE A DHAINGNIÚ






Bunaíodh EFSA in 2002 chun freagairt do na géarchéimeanna bia a bhain an bonn d'iontaoibh tomhaltóirí as cúrsaí sábháilteachta bia sna 1990í, agus ag tús na ndéic mbliana nua seo tá sé réidh chun a ról a chomhlíonadh sa réimse de shábháilteacht bia agus measúnú riosca, san AE agus go hidirnáisiúnta, gné dá chuid oibre atá ag dul i méid. I ndiaidh a bhunaithe, chaith EFSA blianta luatha a shaoil ag cothú nasc agus ag tógáil líonraí ar fud na hEorpa agus ag cur na bpróiseas agus na struchtúr i bhfeidhm go himmheánach a chuireann bonn faoina chuid oibre anois. Mar thoradh ar fhás a tharla sna blianta go dtí seo, d'éirigh leis an Údarás an tacaíocht a chuireann sé ar fáil dá chomhpháirtithe bainistíochta riosca sa Choimisiún Eorpach, i bParlaimint na hEorpa agus sna Ballstáit a threisiú, comhpháirtithe a bhíonn ag brath ar EFSA le haghaidh comhairle a thabharfaidh treoir dá gcineoireacht.

Ceanglaíonn corpas méadaitheach de dhlí AE ar EFSA tacú leis an bpróiseas údaraithe – i ndáil le maímh sláinte, lotnaidicídí, orgánaigh ghéinathraithe, blastáin, agus breiseáin bhia agus bheatha, i measc eile. Lena chois sin, le súil ar an todhchaí agus mar chuid den réamhphleanáil, threisigh EFSA an comhphlé a dhéanann sé leis an gCoimisiún faoi ghníomhaíochtaí agus tosaíochtaí meántéarmacha a chuirfear i gcrích amach anseo agus a ndéantar cur síos orthu i dtreochláir chomhaontaithe.

Ba í 2009 an chéad bhliain inar cuireadh Plean Straitéiseach nua EFSA – a bhaineann leis an tréimhse 2009 go 2013 – i bhfeidhm. Tá sé mar aidhm ag an bplean seo an tÚdarás a mhúnlú sna blianta amach romhainn agus é a ullmhú do dhúshláin na todhchaí. Agus aghaidh ag EFSA ar na príomhréimsí straitéiseacha a aithníodh sa phlean seo, dhírigh sé isteach ar shé chuspóir:

- cur chuige cuimsitheach i ndáil le measúnuithe riosca;
- meastóireachtaí tráthúla ardchaighdeáin;
- sonraí AE a bhailiú;
- comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta a thógáil;
- cumarsáid agus comhphlé;
- freagrúlacht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht. ■

II. TIOMANTA CHUN CINNTIÚ GO BHFUIL BIA NA hEORPA SÁBHÁILTE





1. COMHAIRLE CHUIMSITHEACH A CHUR AR FÁIL

Is é ceann de phríomhláidreachtaí EFSA a shaineolas leathan i ndáil le measúnú riosca, ag gníomhú ar feadh an tslabhra bia, ó pháirc go pláta. Cumhdaíonn an tÚdarás gach réimse a bhaineann le sábháilteacht bia agus beatha, sláinte agus leas ainmhithe, cothú, cosaint plandaí agus sláinte plandaí. Cuireann sé sin ar a chumas leas a bhaint as raon leathan eolais atá ar fáil d'fhonn freagairt do na dúshláin i gceist le timpeallacht pholaitiúil a bhíonn ag athrú agus le dul chun cinn eolaíoch, agus soláthar sábháilte bia a chinntiú do thomhaltóirí Eorpacha. Ciallaíonn sé seo gur féidir le EFSA comhairle chuimsitheach a chur ar bhainisteoirí riosca, go méadaitheach trí leas a bhaint as cur chuige ildisciplíneach agus comhtháite. Baintear é seo amach ní hamháin trí ionchuir saineolais ó áiteanna ar fud na hEorpa a chuimsiú, ach freisin, trí ghníomhú i gcomhar le gníomhaireachtaí AE eile agus trí chomhoibriú dlúth a dhéanamh le Ballstáit. Go himmheánach, tá cur chuige uileghabhálach, cuimsitheach á fhorbairt ag EFSA, ina dtreisiúir struchtúir agus próisis chothrománacha, agus ina nashtar obair a ranna riaracháin le hobair a ranna eolaíoch a d'fhonn an éifeachtúlacht is mó is féidir a bhaint amach. Go hiomlán, in 2009, sheachaid EFSA 636 aschur eolaíoch, méadú 30 % ar 2008.

Gach sainordú a athbhreithniú d'fhonn déileáil le saincheisteanna ar bhealach níos fearr

Gach seachtain déanann Coiste Athbhreithnithe Sainorduithe EFSA gach iarratas a sheoltar chuig an Údarás a athbhreithniú. Cuireann sé seo ar chumas Stiúrthóir Feidhmiúcháin EFSA, Cathaoirleach an Choiste Eolaíoch agus Ceannairí na Stiúrthóireachtaí léargas barrleibhéil a fháil ar na hiarratais atá ag teacht isteach chun déileáil leis na saincheisteanna ar an mbealach is fearr agus chun an obair a leithroinnt ar an bpainéal (na painéil) agus/nó ar an roinn (na ranna) is cuí. Cuireann sé ar chumas EFSA an gá féideartha le comhoibriú idir ranna agus le teachtaireachtaí a bhreithniú ag céim luath. Mar thoradh air sin, féadann EFSA an léargas is leithne is féidir a thabhairt ina chuid freagraí, rud a chinntíonn go dtugtar eolas iomlán do bhainisteoirí riosca.

Baill Choiste Eolaíoch agus Phainéil EFSA a athnuachan

In 2009, d'athnuair EFSA baill dá Choiste Eolaíoch agus d'ocht gcinn dá dheich bPainéal Eolaíoch le haghaidh téarma nua trí bliana. Ba é sin an dara hathnuachan ó bunaíodh an gasra faire bia Eorpach in 2002.

Úsáideadh próiseas roghnúcháin dian chun gearrliosta d'iarrthóirí cuí agus dea-cháilithe a thiomsú. Ansin, rinne coiste meastóireachta seachtach neamhspleách an próiseas roghnúcháin a athbhreithniú. San iomlán, cheap Bord Bainistíochta EFSA 174 saineolaí neamhspleách.

Tháinig méadú 7 % tríd is tríd ar líon na n-iarratas i gcomparáid leis an nglao deiridh i ndáil le hathnuachan ball painéal in 2006. Tá níos mó ban ar na painéil nár mar a bhíodh, agus arís, tá meascán mór de náisiúntachtaí. Rinne 79 % de bhaill reatha na bpainéal iarratais ar na poist arís. Maidir leis na 174 Ball a moladh le bheith ainmnithe, athcheapadh 101 dá dhara nó dá thríú téarma, rud a léiríonn go soiléir cumas EFSA na heolaithe ar a mbíonn sé ag brath a mhealladh agus a choinneáil.

Próiseas athbhreithnithe cáilíochta i bhfeidhm go hiomlán

Cloch mhíle eile do EFSA in 2009 ba ea cur i bhfeidhm na céime deiridh dá Chóras um Athbhreithniú Inmheánach agus Seachtach (INEX) d'obair eolaíoch an Údaráis. B'éard a bhí i gceist leis seo ná saineolaithe neamhspleácha a cheapadh chun athbhreithnithe seachtacha a dhéanamh ar aschuir eolaíoch EFSA.



Tá an córas athbhreithnithe i bhfeidhm go hiomlán anois agus tá sé deartha chun aiseolas leanúnach faoi chaighdeán a chuid oibre a thabhairt do EFSA. Tá trí shraith d'athbhreithnithe i gceist leis an gcóras seo: féin-athbhreithniú ar gach aschur eolaíoch ag an roinn a tháirgeann an t-aschur, athbhreithniú inmheánach déanta ag eolaithe sinsearacha ar aschuir eolaíocha gach roinne; roghnaítear na haschuir a athbhreithnítear trí sampláil randamach agus – ó 2009 i leith – athbhreithniú seachtarach ag saineolaithe neamhspleácha. Comhlánaíonn na hathbhreithnithe inmheánacha agus seachtaracha a chéile: baineann an t-athbhreithniú inmheánach leas as an eolas fairsing atá ag ranna EFSA agus baineann an t-athbhreithniú seachtarach tairbhe as saineolas agus dearcthaí eolaithe seachtaracha agus neamhspleácha.

Bunaíodh an mheitheal um athbhreithniú seachtarach, ar a bhfuil 23 saineolaí, trí mheán glao ar léirithe spéise in 2009 agus eagraíodh é ar bhonn seacht réimse eolaíocha. Mar thoradh ar an athbhreithniú seachtarach, táirgeadh tuarascáil a cuireadh faoi bhráid Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Údaráis i mí na Nollag 2009.

I ndiaidh do EFSA na torthaí agus na moltaí sa tuarascáil a anailísiú, úsáidfidh sé an toradh chun feabhas leanúnach a chur ar cháilíocht a aschur eolaíoch agus ar an bpróiseas i gceist leis na haschuir sin a fhorbairt.

Comhoibriú dlúth le Ballstáit

Tá Fóram Comhairleach EFSA ina phríomhchomhlacht den Údarás agus tá ról lárnach aige maidir le comhoibriú EFSA le Ballstáit a threisiú. Nascann sé EFSA le húdaráis náisiúnta sábháilteachta bia na 27 Ballstát den AE. Ceann de na tascanna atá ag a bhaill ná saineolaithe náisiúnta a mholadh le páirt a ghlacadh ina chruinnithe agus ina líonraí EFSA ar leith ar feadh trí bliana. Tagann saineolaithe le chéile sna líonraí sonracha seo chun ionadaíocht a dhéanamh dá mBallstát i réimse ar leith. Tá líonraí eolaíocha tiomanta ann sna réimsí de bhailiú sonraí (tomhaltas bia, minicíocht ceimiceán) agus measúnú riosca (sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí, ESB). Na cuspóirí ginearálta atá ag na líonraí eolaíocha seo ná cur ar chumas rannpháirtithe faisnéis eolaíoch agus acmhainní a roinnt agus oibriú chun cláir oibre a chomhordú agus chun comhchuibhiú cleachtas agus modheolaíochtaí measúnaithe riosca a éascú. Ina theannta sin, reáchtálann siad malaruithe dearcthaí bunaithe ar Rialachán AE i ndáil le hobair EFSA maidir le horgánaigh ghéinathraithe, breiseáin bheatha agus maímh sláinte.

Eiseamláir thábhachtach amháin de seo is ea an dul chun cinn atá déanta maidir le sonraí tomhaltas bhia a thiomsú – cé atá ag ithe cad agus cá mhéad de atá á ithe - d'fhonn measúnú níos éifeachtúla, níos cruinne a dhéanamh ar

nochtadh ag leibhéal an AE. Ba iad EFSA agus an Fóram Comhairleach a spreag an dul chun cinn seo. Cabhraíonn sonraí den sórt sin le spriocanna sláinte poiblí eolaíocht bhunaithe maidir le cothú agus le sláinte a shocrú chomh maith (féach ar *Cad atá á ithe san Eoraip?*, lch 22).

In 2009, d'eagraigh EFSA cruinnithe níos minice le hionadaithe Ballstát agus mar sin d'éascaigh sé malartú faisnéise idir an tÚdarás agus na Ballstáit. Bhuail an Fóram Comhairleach féin le chéile cúig huair in 2009, le rannpháirtíocht ard ó na Ballstáit. Bhíothas níos toilteanaí faisnéis a roinnt agus obair leanúnach a chomhordú.

Sa bhreis ar chruinnithe an Fhóraithe Chomhairligh, tionóladh sainchruinnithe d'ionadaithe náisiúnta d'ábhair shonracha. Mar shampla, in 2009 tionóladh an dara cruinniú d'ionadaithe náisiúnta do shláinte plandaí. Bhí an t-imeacht dírithe ar bhailiú sonraí agus ar rioscaí do shláinte plandaí atá ag teacht chun cinn, agus thug sé deis do Phainéal EFSA um shláinte plandaí (Painéal PLH) athbhreithniú ar a ghníomhaíochtaí a chur i láthair agus plé a dhéanamh ar a ról, a bhfuil forás faoi, i gcóras sláinte plandaí na hEorpa, lena n-áirítear comhchuibhiú na modheolaíochtaí um measúnú riosca i ndáil le lotnaidí (féach lch 15 chomh maith).

Coiste Eolaíochta EFSA



I rith na bliana, d'eagraigh EFSA cruinnithe spriocdhírthe freisin chun cur chuige comhleanúnach a choinneáil i réimsí sonracha agus chun a chinntiú go gcoinnítear Ballstáit agus EFSA ar an eolas faoi na forbairtí is déanaí ar fud na hEorpa. Mar shampla, i mí Mheán Fómhair 2009, d'eagraigh eolaithe an Údaráis cruinniú speisialta le saineolaithe Ballstáit ar chothú chun dearcthaí a mhalartú faoi dhréacht-tuairimí sa réimse de Luachanna Tagartha Cothúcháin (DRVanna) agus Treoirlínte Cothúcháin Bia-bhunaithe. Tugann DRVanna le fios cá mhéad de chothaitheach ar leith a bhíonn ag teastáil ó dhuine le haghaidh na dea-shláinte, ag brath ar a aois agus a inscne. Is féidir iad a úsáid, mar shampla, mar bhonn do luachanna tagartha i lipéadú bia. Féadfar iad a úsáid freisin chun cothú a mheasúnú agus a phleanáil, chun moltaí faoi chothaithigh a dhéanamh agus chun Treoirlínte Cothúcháin Bia-bhunaithe a fhorbairt.

Chomh maith leis sin, thug an cruinniú deis do EFSA saineolaithe náisiúnta a chur ar an eolas faoi na tráchtanna a fuarthas i ndáil leis na dréacht-tuairimí seo le linn na tréimhse comhairliúcháin, a ról eolaíoch maidir le DRVanna a shocrú a shoiléiriú, agus cabhrú leis na saineolaithe Ballstáit na luachanna tagartha a úsáid

chun treoirlínte praiticiúla bia-bhunaithe a chur ar fáil dá bpobail faoi seach.

Uirlis eile a threisiónn comhoibriú idir agus i measc na mBallstát agus EFSA is ea na Pointí Fócasacha. Gníomhaíonn na Pointí Fócasacha mar chomhéadan idir EFSA agus údaráis náisiúnta sábháilteachta bia trí thacaíocht a chur ar fáil dá mball den Fhóram Comhairleach. Ba í 2009 an dara bliain de ghníomhú iomlán na bPointí Fócasacha. I measc na bpríomhthascanna a bhí acu bhí malartú faisnéise eolaíche, gníomhaíochtaí tacaíochta faoi líonra Airteagal 36 agus cur chun cinn bhunachar sonraí saineolaithe EFSA. Mar shampla, le cabhair na bPointí Fócasacha, fuair bunachar sonraí saineolaithe an Údaráis thart ar 2300 iarratas. Lena chois sin, chabhraigh Pointí Fócasacha le hinfheictheacht eolaíoch EFSA sna Ballstáit a mhéadú trí imeachtaí a eagrú i dtíortha éagsúla agus trí fhaisnéis ar EFSA a scaipeadh trí mheán leathanach gréasáin agus ábhar clóite a bhain leis na Pointí Fócasacha.

Ó thaobh an chomhordaithe agus an chomhoibrithe de, ba spreagúil é gur uaslódáil Ballstáit breis agus 550 doiciméad a bhain le measúnú riosca chuig *Ardán Malartaithe Faisnéise* EFSA. Mheas na Ballstáit go raibh an uirlis seo úsáideach chun

Ballstáit agus EFSA a choinneáil ar an eolas faoi mheasúnuithe riosca leanúnacha nó ag teacht chun cinn a bhaineann le sábháilteacht bia agus beatha.

Tríd is tríd, d'éirigh leis na hiarrachtaí a rinneadh in 2009 chun comhoibriú Ballstát a threisiú - iarrachtaí a aithníodh in athbhreithniú eatramhach 2008 ar straitéis EFSA do chomhoibriú agus líonrú - torthaí a chur ar fáil a mbaineann EFSA agus údaráis náisiúnta sábháilteachta bia comhthairbhe astu (féach leathanach 12 chomh maith).

An úsáid is fearr a bhaint as sármhaitheas eolaíoch uile-Eorpach

Tá *Scientific Cooperation projects* [Tionscadail Chomhoibre Eolaíche] (ESCONna) EFSA mar uirlis éifeachtúil eile a úsáideadh chun acmhainní eolaíoch uile-Eorpach a chomhroinnt, agus chun comhoibriú agus líonrú idir an tÚdarás agus a chontrapháirtithe i mBallstáit a threisiú in 2009. I gcodarsnacht leis na líonraí eolaíoch, oibríonn ESCONna ar ábhar sonracha ar feadh tréimhse seasta agus glacann saineolaithe náisiúnta, baill na bPainéal Eolaíoch nó an Choiste Eolaíoch agus baill foirne eolaíoch EFSA páirt iontu. Déileáilann ESCONna le hábhair a bhfuil leas coiteann ag an Údarás agus ag Ballstáit iontu.



Mar shampla, in 2009 chuir ESCO na tuarascáil ar fáil a bhain le hanailís ar na rioscaí agus na tairbhí a bhainfeadh le treisiú bia le *haigéad fólach* agus thug siad comhairle faoi threordhoiciméad EFSA maidir le measúnú sábháilteachta *ábhar luibheolaíoch agus ullmhóidí luibheolaíocha* atá beartaithe le bheith úsáidte mar fhorbhíanna (féach Ich 13 chomh maith). I gcás aigéid fhólaigh, chinn an mheitheal ESCO go bhfuil na tairbhí sláinte maidir leis an riosca d'fhachtanna néarfheadáin a laghdú dea-bhunaithe. Mar sin féin, ní dhearbhaíonn na staidéir atá ar fáil an hipitéis go laghdaíonn forlíonadh le haigéad fólach an riosca de, mar shampla, galar cardashoithíoch sa duine, ná ní chuireann siad go leor sonraí ar fáil le measúnú a dhéanamh ar thionchar féideartha aigéid fhólaigh ar an riosca d'ailese.

D'fhonn tástáil a dhéanamh ar an modheolaíocht a ndéantar cur síos uirthi i dtreoir EFSA faoi conas ábhair luibheolaíocha a mheasúnú, thionscain an tÚdarás tionscadal ESCO chun roinnt ullmhóidí planda a roghnú agus an mhodheolaíocht a úsáid i measúnú a sábháilteachta. Tháinig an ghníomhaíocht seo chun deiridh in 2009. Mar gheall ar iarrachtaí comhchuibhithe EFSA agus comhtháthú shaineolas na mBallstát, tá treordhoiciméad cuimsitheach faoi ábhair luibheolaíocha ag comhlachtaí inniúla na mBallstát anois.

Ag glao ar lucht is fearr na hEorpa

I dteannta na líonraí eolaíocha agus na dtionscadal comhoibrithe, úsáideann EFSA conarthaí agus deontais chun teacht ar shaineolas Ballstát. Agus leas á bhaint as nósanna imeachta soláthair caighdeánacha an AE, iarrtar tairiscintí le haghaidh conarthaí m.sh. trí ghlaonna oscailte nó trí nósanna imeachta idirbheartaithe. Féadann EFSA deontais a bhronnadh ar eagraíochtaí a ainmníonn Ballstáit d'fhonn cabhrú leis an Údarás a thascanna a chomhlíonadh faoi Airteagal 36 dá Rialachán Bunaitheach. Déanann na heagraíochtaí seo gníomhaíochtaí cosúil le bailiú sonraí agus obair ullmhúcháin d'fhorbairt tuairimí eolaíocha, agus cuireann siad tacaíocht eile eolaíoch agus theicniúil ar fáil. Cabhraíonn sé seo le EFSA freagairt dá ualach oibre méadaitheach ar shlí níos éifeachtaí, níos solúbtha. Is uirlis phraiticiúil thábhachtach é líonra Airteagal 36 freisin a chabhraíonn leis an Údarás leas a bhaint as raon níos leithne de shármhaitheas eolaíoch sna Ballstáit. Méadaíodh an liosta d'eagraíochtaí inniúla agus d'fhorghaibh Bord Bainistíochta EFSA é i mí na Nollag 2008, agus mar sin in 2009 bhí ar chumas an Údaráis teacht ar bhonn eolais níos leithne ná riamh (chuaigh an liosta ó 243 eagraíocht go 371 eagraíocht le cinn ó gach Ballstát seachas Ballstát amháin).

Chaith EFSA EUR 6.8 milliún ar dheontais agus ar chonarthaí in 2009 i gcomparáid le EUR 5.5 milliún in 2008. Maidir leo siúd, caitheadh EUR 2.5 milliún ar dheontais Airteagal 36 (i gcomparáid le EUR 2 milliún in 2008), agus caitheadh an chuid eile ar chonarthaí soláthair. Mar sin, tháinig méadú 20 % ar mhéid an chaiteachais ar thionscadail seachfhoinisithe in 2009, agus bhí an caiteachas sin breis agus dhá uair níos mó ná mar a bhí sé in 2007 (EUR 2.9 milliún), an chéad bhliain ina raibh liosta Airteagal 36 i bhfeidhm. Bhain tionscadail Airteagal 36 a seoladh in 2009 le raon ábhar éagsúil. Ina measc bhí breiseáin bheatha chun míceatocsainí a dhíthocsainiú; treoirlínte leasa ainmhithe a bhain le rioscaí titheoicthe agus bainistíochta a mheasúnú; tocsaineolaíocht eistir 3-MPCD; samháltú agus mapáil aflatocsainí i ngránbharraí san AE mar gheall ar athrú aeráide; grúpaí measúnaithe coiteanna de lotnaidicídí a aithint; roghnú géiniteach agus leas agus sláinte sicíní grísce; measúnú riosca lotnaidí comparáideach uile-Eorpach ar shláinte plandaí le húsáid á baint as cás-staidéir; agus treoirshuirbhé uile-Eorpach ar chothú.

Cruinniú de Cheannairí na nGníomhaireachtaí ag EFSA i mí Dheireadh Fómhair 2009



I bhfianaise na tábhachta méadaithí a bhaineann le conarthaí agus deontais chun cabhrú le EFSA, sheol an tÚdarás dhá uirlis tacaíochta TF nua, *bunachar sonraí d'eagraíochtaí Airteagal 36* agus *spás oibre eislin* do gach ball de líonra Airteagal 36. Rinne sé suirbhé freisin ar ranna EFSA agus ar na heagraíochtaí a dhéanann an obair chun an dá scéim a mheasúnú. Léirigh na torthaí gur chuir deontais agus conarthaí go mór le haschur eolaíoch EFSA agus le forbairt líonraithe i measc eagraíochtaí. Braitheann na ranna eolaíochas agus na heagraíochtaí rannpháirteacha araon gur uirlisí éifeachtacha, úsáideacha iad. Ina ainneoin sin, leanfaidh an tÚdarás de ag anailísiú thorthaí an tsuirbhé in 2010 d'fhonn réimsí ina bhféadfaí feabhas breise a chur ar na scéimeanna a anailísiú.

Saineolas idirghníomhaireachta a chomhtháthú do bhainisteoirí riosca

Le cois úsáid a bhaint as an tiomsachán mór eolais atá ar fáil laistigh de EFSA, in 2009 rinne an tÚdarás malartú dearchtaí agus eispéireas laistigh den *líonra comhoibríoch de ghníomhaireachtaí AE* a stiúradh agus a chomhordú d'fhonn comhairle níos cuimsithí, níos forleithne a chur ar fáil do bhainisteoirí riosca (*féach I ch 30 chomh maith*).

I mí na Samhna 2009 – i gcomhar leis an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC), leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA) agus le *Scientific Committee on Emerging and Newly Identified Health Risks* [Coiste Eolaíoch um Rioscaí Sláinte atá ag Teacht Chun Cinn agus Rioscaí Sláinte Nua-Aitheanta] (SCENIHR) an Choimisiúin Eorpaigh – d'fhoilsigh Painéal EFSA um Ghuaiseacha Bitheolaíochas (Painéal BIOHAZ) *tuairim eolaíoch chomhpháirteach ar fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbaigh (AMR)*. Bhí an fócas ar ionfhabhtuithí a tharchuirtear go daoine ó ainmhithe agus bia (zónóisí). Chomhoibrigh na gníomhaireachtaí chun tuairim chomhpháirteach a tháirgeadh a chuir leis na sonraí agus na doiciméid a bhí ann cheana chun freagairt d'iaratas an Choimisiúin Eorpaigh ar chomhairle. Sa tuairim chomhpháirteach, cinneadh go bhfuil gá le faireachas níos fearr chun dul i ngleic le leathadh méadaitheach frithsheasmhachta in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbaigh in ionfhabhtuithí zónóiseacha.

Ar an dul céanna, chomhoibrigh na gníomhaireachtaí chun an *tuarascáil eolaíoch chomhpháirteach ar Staphylococcus aureus meiticillinfhriotaíoch (MRSA)* i mbeostoc, i bpeataí agus i mbianna a foilsíodh i mí an Mheithimh 2009 a chur ar fáil. I ndiaidh cúiseanna inní a bheith curtha in iúl faoin méadú ar MRSA i mbeostoc agus i meas-ain-

mhithe, shocraigh EMA agus EFSA an dualgas a ghlacadh orthu féin obair a dhéanamh i ndáil leis an ábhar seo. Ina dhiaidh sin, spreag EFSA rannpháirtíocht an ECDC d'fhonn tairbhe a bhaint as eolas na heagraíochta sin i ndáil le saincheisteanna a bhaineann le sláinte an duine. Sa bhratdoiciméad a táirgeadh, cinneadh nach bhfuil fianaise ar bith ann i láthair na huaire go mbíonn riosca sláinte méadaithe ann do dhaoine má itheann siad nó má láimhseálann siad bia éillithe ag MRSA.

In 2009, chomhoibrigh EFSA le EMA agus le Ballstáit Eorpacha i ndáil le *hábhair luibheolaíochas* freisin. Déantar ullmhóidí luibheolaíochas as plandaí, algaí, fungais nó léicín agus déantar iad a mhargú go hiondúil le maímh éagsúla orthu i ndáil le tairbhí féideartha cothaitheacha nó sláinte. Tá na hoibreoirí bia agus údarais inniúla na mBallstáit freagrach as a chinntiú go bhfuil na táirgí seo ag an teorainn idir bianna agus leigheasra, d'fhan an tÚdarás i dteagmháil dhlúth le EMA agus leis an gCoimisiún Eorpach agus na Ballstáit chun leas a bhaint as a gcuid saineolais.

Mar thoradh ar an obair seo, cuireadh treoir ar fáil do mheasúnóirí riosca Eorpacha ina raibh modheolaíocht a mhínigh an chaoi a ndéanfaí sábháilteacht ábhar luibheolaíoch a mheasúnú. Thiomsaigh EFSA faisnéis freisin ar ábhair luib-



heolaíoch a tuairiscíodh go raibh substaintí iontu a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis imní i ndáil leis an tsláinte; tá sé mar aidhm ag an gcoimre seo cabhrú le déantóirí agus le húdaráis sábháilteachta bia trí aird a tharraingt ar shaincheisteanna sábháilteachta féideartha. I ndiaidh do Choiste Eolaíoch EFSA an treoir seo a fhoilsiú i mí Mheán Fómhair 2009, d'eagraigh EFSA ceardlann leis na páirtithe leasmhara uile (an Coimisiún Eorpach, údaráis náisiúnta sábháilteachta bia, geallsealbhóirí agus ionadaithe tionscail) chun an obair a chur i láthair agus chun tuiscint choiteann ar an modheolaíocht a fhorbairt. Is é an breisluch a bhaineann leis an gcur chuige cuimsitheach seo ná go ndearnadh aschur deiridh EFSA a phlé leis na páirtithe ábhartha éagsúla cheana féin, rud a mhéadóidh leibhéal a ghlactha.

Ina theannta sin, i mí na Bealtaine 2009, shínigh EFSA Meabhrán Tuisceana le ECHA. Cuireann sé sin bunús ar fáil chun forbairt bhreise a dhéanamh ar mhalartú faisnéise, ar chomhoibriú agus ar chomhthuiscint idir an dá eagraíocht, agus go háirithe, chun comhleanúnachas sa chur chuige measúnaithe riosca a chinntiú i gcás substaintí a fhéadfaidh dul i bhfeidhm ar shábháilteacht bia.

Léiríonn na heiseamláirí seo uile an chaoi a nglacann EFSA páirt i gcomhroinnt saineolais eolaíoch agus an chaoi a dtacaíonn sé leis. Trí leas a bhaint as an mbonn eolais níos leithne seo tá EFSA,

i gcomhar le gníomhaireachtaí eile, níos cumasaí maidir le dul i ngleic le saincheisteanna níos mó atá, ina n-iomláine, lasmuigh dá shainchúram ach a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar shábháilteacht bia. Mar sin, is bealach éifeachtach é comhoibriú idirghníomhaireachta chun an t-eolas agus na hacmhainní atá ar fáil laistigh de chóras gníomhaireachtaí an AE a chomhtháthú d'fhonn rannchuidiú le leibhéal ard cosanta do thomhaltóirí.

Cur chuige ildisciplíneach a úsáid i ndáil le héilleáin sa slabhra bia

Eiseamláir amháin den obair eolaíoch leathan, ildisciplíneach, chomhoibriúch a dhéantar in EFSA ba ea measúnú biotocsainí muirí ag an Údarás in 2009. D'iarr an Coimisiún Eorpach ar EFSA measúnú a dhéanamh ar na teorainneacha AE do chineálacha éagsúla tocsainí rialaithe agus neamhrialaithe, dá ngairtear biotocsainí muirí, i sliogéisc, agus ar na modhanna tástála a bhí bunaithe do reachtaíocht AE.

Agus an measúnú seo á dhéanamh, bhailigh meitheal de chuid Phainéal an Údaráis um éilleáin sa slabhra bia (Painéal CONTAM) sonraí agus ríomh siad an nochtadh do bhiotocsainí muirí, le tacaíocht ón Roinn um Bailiú Sonraí agus Nochtadh (DATEX) agus ón Roinn CONTAM. Mar sin, bhí ar chumas an Phainéil CONTAM measúnú a dhéanamh ar an riosca a d'fhéadfadh a bheith


i gceist don tsláinte phoiblí mar thoradh ar bhiotocsainí muirí i sliogéisc.

Bhain an obair leis na himpleachtaí atá i gceist do shláinte an duine má itear sliogéisc, ach chomh maith leis sin, chuimsigh sé gnéithe a bhain le leas ainmhithe. Rinne an painéal na gnéithe seo a bhreithniú nuair a mhol siad modhanna ceimiceacha malartacha chun tástáil le haghaidh na dtocsainí seo; i láthair na huaire, is trí bhithmheasúnachtaí luiche go príomhúil a dhéantar na tástálacha seo.

Ina thuairim achomair, thiomsaigh EFSA conclúidí sé mheasúnú riosca a rinneadh roimhe sin maidir le biotocsainí muirí rialaithe. Trí shonraí atá ar fáil faoi thomhaltas a úsáid, d'aithin saineolaithe EFSA 400 g mar mheastachán réalaíoch de chuid mhór de shliogéisc agus d'úsáid sé é sin chun leibhéal cheadaithe reatha na dtocsainí a mheasúnú. Rinne an Painéal CONTAM tionchar na próiseála ar leibhéal na mbiotocsainí muirí a mheasúnú freisin agus thosaigh sé ag measúnú biotocsainí muirí neamhrialaithe.

Cur chuige comhtháite i ndáil le sláinte ainmhithe

Eiseamláir eile de chur chuige comhtháite EFSA ba ea na tuairimí a foilsíodh maidir le córais tithíochta agus saothraíochta bó déiríochta in 2009. Bhain ceann amháin – ón bPainéal BIOHAZ – le



gnéithe sábháilteachta bia córas tithíochta agus saothraíochta bó déiríochta, agus bhain cúig cinn eile – ón Painéal um shláinte agus leas ainmhithe (Painéal AHAW) – le héifeachtaí tríd is tríd na gcóras feirmeoireachta is ábhartha ar leas bó déiríochta agus galair bhainteacha. Rinne siad éifeachtaí féideartha na tithíochta, na beatha, na bainistíochta agus an roghnaithe ghéinitigh ar leas bó déiríochta a mheasúnú.

Bhí dearcadh uileghabhálach ag saineolaithe an Údaráis i ndáil leis an ábhar seo, agus i ndiaidh dóibh an fuilleach sonraí a bhí ar fáil a thiomnú, rinne siad measúnuithe riosca i gceithre fho-réimse ar dtús (neamhoird mheitibileachta agus atáirgthe, neamhoird útha, fadhbanna coise agus gluaiseachta, agus neamhoird iompraíochta, scanradh agus pian) sular ghlac siad na cúig thuairim eolaíoch ina dtugtar measúnú tríd is tríd ar an réimse seo uile.

Chinn EFSA gur fachtóirí tábhachtacha iad cineál na gcóras feirmeoireachta agus an roghnú géiniteach fadtéarmach chun táirgeacht bainne níos airde a bhaint amach a théann i bhfeidhm ar shláinte agus ar leas bó déiríochta agus rinne siad moltaí faoi thithíocht, beathú, bainistíocht agus cleachtais roghnaithe ghéinitigh a d'fhéadfadh feabhas a chur ar leas bó déiríochta.

Modheolaíochtaí measúnaithe riosca nua a fhorbairt i ndáil le lotnaidicídí

Tá obair EFSA ar éifeachtaí carnacha lotnaidicídí ina cuid de chur chuige níos leithne, uileghabhálach an Údaráis, agus tríd is tríd, is gné nua de mheasúnuithe riosca EFSA í. Don obair seo, mhol EFSA modheolaíochtaí chun measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí carnacha a bhíonn i gceist le nochtadh tomhaltóirí do lotnaidicídí, go háirithe na lotnaidicídí siúd le struchtúir cheimiceacha chosúla agus le héifeachtaí tocsaineacha.

I mí an Mheithimh 2009, d'eisigh Painéal um tháirgí cosanta plandaí agus a n-iarmhair (Painéal PPR) EFSA tuairim faoi infheidhmeacht na modheolaíochtaí nua trí na modheolaíochtaí a chur i ngníomh i ndáil le grúpa lotnaidicídí a roghnaíodh ar bhonn a gcosúlachtaí tocsaineolaíochta. D'aithin an painéal na chéad chéimeanna eile agus na saincheisteanna oscailte ar gá aghaidh a thabhairt orthu sula mbeifear in ann measúnú riosca carnach a chur i bhfeidhm do lotnaidicídí mar chúrsa gnáthaimh. Mar sin, tá an obair seo mar chuid de thiomantas leanúnach EFSA do bheith ar thús cadhnaíochta maidir le modheolaíochtaí measúnaithe riosca a fhorbairt, go háirithe i gcás measúnaithe riosca charnagh de dhroim an Chollóiciam Eolaíoch faoin ábhar seo a eagraíodh in 2006.

Measúnú riosca lotnaidí chun sláinte plandaí a choinneáil san Eoraip

Bíonn bainisteoirí riosca san AE ag brath ar mheasúnuithe riosca lotnaidí chun tacú le cinnteoireacht faoi bhearta fíteashláintíochta. Dá bhrí sin, bíonn gá le nós imeachta meastóireachta folla-sach, bunaithe ar phrionsabail eolaíochta, d'fhonn a chinntiú go n-úsáidtear cur chuige oibiachtúil, comhsheasmhach nuair atá na rioscaí do bheatha plandaí nó do shláinte plandaí á measúnú. Mar sin, i mí Dheireadh Fómhair 2009, d'fhoilsigh Painéal um shláinte plandaí (Painéal PLH) EFSA treoir faoi mheasúnú doiciméad arna n-ullmhú ag Ballstáit AE nó ag tríú páirtithe chun údar a thabhairt le hiarratais maidir le breithniú beart fíteashláintíoch.

Agus an treoir seo á forbairt, d'athbhreithnigh an painéal na sé thuairim is tríocha a foilsíodh idir 2006 agus 2008, agus thug siad aird ar leith ar an bpróiseas meastóireachta i gcás 30 doiciméad um anailísiú riosca lotnaidí a d'ullmhaigh an Fhrainc i ndáil le horgánaigh a bhreithnítear mar orgánaigh dhíobhálacha i roinnt de chríocha thar lear na Fraince. Dheimhnigh an painéal freisin, maidir leis na critéir a úsáideann an painéal agus fianaise á measúnú aige chun údar a thabhairt le maímh go bhféadfaí orgánach a bhreithniú mar orgánach díobhálach, go dtéann siad le Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le Bearta Fíteashláintíochta.



Sa treoir a táirgeadh mar thoradh ar an obair seo, déantar cur síos ar an bpróiseas, ar na critéir agus ar na príomh-mhodheolaíochtaí a mholann an painéal gur chóir iad a úsáid i measúnuithe riosca lotnaidí agus chun roghanna bainistíochta riosca lotnaidí a mheasúnú. I ndeireadh na dála, cuireann treoir den sórt seo bonn faoi ról EFSA i ndáil le measúnuithe a chomhchuíbhiú ar fud na hEorpa chun tacaíocht fheabhsaithe a chur ar fáil do bhainisteoirí riosca.

I rith 2009, d'oibrigh an painéal ar threoir a raibh sé mar aidhm aici creat comhchuíbhithe a chur ar fáil um measúnú rioscaí do phlandaí agus do tháirgí plandaí is lotnaidí is cúis leo, agus um roghanna bainistíochta riosca a aithint agus a mheasúnú. Foilsíodh an treoir bhreise seo i mí Feabhra 2010.

Tacaíocht eolaíoch a sholáthar trasna EFSA

Chuir Roinn um Modheolaíocht Measúnaithe (AMU) EFSA tacaíocht ar fáil d'fhormhór na bpainéal EFSA in 2009. D'fhorbair sí cineálacha cur chuige nua chun cabhrú le cinnteoireacht i measúnuithe riosca agus chabhraigh sé le painéil éagsúla EFSA sonraí ina dtuairimí eolaíoch a bhainistiú. Áiríodh orthu sin, mar shampla, athbhreithnithe córasacha ar an litríocht agus gníomhaíochtaí samhaltaithe meitea-anailíse a d'úsáid an Painéal CONTAM ina thuairim faoi éifeachtaí caidmiam a bhaineann le dáileoga.

Chuir AMU treoir ar fáil freisin faoi chur i bhfeidhm na modheolaíochta athbhreithnithe chórasaigh ar mheasúnuithe ar shábháilteacht bia agus beatha chun tacú le cinnteoireacht. Chuir an treoir seo bonn faoi cheardlann do shaineolaithe painéil agus do bhaill foirne EFSA a reáchtáladh i mí Feabhra 2010. ■

2. MEASTÓIREACHTAÍ TRÁTHÚLA ARDCHAIGHDEÁIN


Tá borradh leanúnach faoin obair a bhaineann le meastóireacht a dhéanamh ar tháirgí, ar shubstaintí agus ar mhaímh is gá a údarú faoi dhlí AE agus anois is cuid mhór d’ualach oibre EFSA é. I ndáil leis seo, tá ról tábhachtach ag an Údarás sa chreat rialála a bhaineann le sábháilteacht bia agus beatha na hEorpa. In 2009, mar shampla, b’ionann iarratais agus 68 % d’aschuir eolaíoch EFSA agus tá an méid dá acmhainní a chaitear orthu ag dul i méid i gcónaí.

Toisc go gcaithfidh EFSA na meastóireachtaí seo a chur ar fáil i gcomhréir le srianta ama dlíthiúla gairide, threisigh EFSA próisis inmheánacha arís in 2009, le tacaíocht ó uirlisí nua TF a dhéanann monatóireacht ar dhul chun cinn a oibre eolaíche agus a dhéanann an dul chun cinn sin a rianú. Mar shampla, cabhraíonn an uirlis TF um shreabhadh oibre measúnaithe riosca leis an Údarás monatóireacht a dhéanamh ar an bpróiseas measúnaithe riosca iomlán ó fhaightear sainordú go dtí go ndéantar é a fhoilsiú ar deireadh, agus go dtí go gcuirtear in iúl é i gcás go ndéantar é sin. Cabhraíonn sé sin le EFSA frámaí ama foilsithe a chinneadh agus ualaigh oibre amach anseo a réamhinsint agus a thréithriú. Lena chois sin, thug EFSA agus an Coimisiún Eorpach an “roadmap” [“treochlár”] isteach in 2009 d’fhonn cabhrú le EFSA leithroinnt a acmhainní a phleanáil agus a aschur eolaíoch a bhainistiú, mar shampla sna réimsí a bhaineann le blastáin agus lotnaidicídí. Tá i gceist leis an Treochlár tosaíochtaí comhaontaithe i ndáil leis an ualach oibre agus frámaí ama réalaiócha um measúnú iarratas, ag baint úsáide go páirteach as an bhfaisnéis ó uirlis um shrea-



bhadh oibre EFSA. Ina theannta sin, d’fhonn an sreabhadh oibre a éascú agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn, lean EFSA agus an Coimisiún Eorpach díobh ag comhoibriú go dlúth ar feadh na bliana trí chomhphlé rialta a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar thosaíochtaí in a lán réimsí cosúil le lotnaidicídí agus breiseáin bhia agus bheatha.

Chomh maith leis sin, i mí na Bealtaine 2009 d’fhoilsigh Coiste Eolaíoch EFSA treoir bhreise chun tacú le cleachtas maith i ndáil le measúnú riosca. Bhí an treoir dírithe ar fhollasacht maidir le táirgeadh aschuir eolaíoch EFSA. Chuimsigh sí prionsabail ghinearálta ar chóir dóibh a bheith curtha i bhfeidhm ar mheasúnuithe riosca eolaíoch, cosúil le meastóireachtaí, d’fhonn cothabháil na cáilíochta a chinntiú. Baineann na prionsabail le haithint foinsí sonraí, le critéir um shonraí a chuimsiú/a eisiáimh, le rúndacht sonraí, agus le toimhdí agus éiginnteachtaí. Tagann sé seo i ndiaidh treorach níos luaithe a chuir an Coiste Eolaíoch ar fáil in 2006 maidir leis na gnéithe níos imeachta a bhaineann le measúnuithe riosca.



Iarratais a bhainistiú: cás na n-orgánach géinathraithe

De réir dhlí an AE, caithfidh EFSA measúnú riosca a dhéanamh ar bhia nó beatha ghéinathraithe nó ar tháirgí díorthaithe uathu chun cabhrú le bainisteoirí riosca a chinneadh cibé ar chóir nó nár chóir a n-úsáid a cheadú san AE. D'fhonn feabhas breise a chur ar thacaíocht EFSA sa réimse seo, rinneadh sruthlíniú breise ar mheasúnú iarratas a bhain le horgánaigh ghéinathraithe in 2009. Mar thoradh air sin, ba é 21 seachtain an mheántréimhse ama idir iarratas nua a bheith faighte agus a bhailíocht a bheith dearbhaithe. Lena chois sin, mar thoradh ar iarrachtaí an Phainéil um orgánaigh ghéinathraithe (Painéal GMO), tá an t-aga idir bailíochtú iarratais agus seachadadh na chéad litreach chuig iarrthóirí le ceisteanna nó le hiarratais ar shonraí breise (i 96 % de na cásanna, ceanglaítear ar iarrthóirí faisnéis bhreise a sholáthar do mheasúnú sábháilteachta orgánach géinathraithe) níos lú ná leath chomh fada agus a bhíodh. Fiú amháin leis na hiarratais seo ar shonraí breise, chuir méaduithe nua ar éifeachtúlacht ar chumas an Phainéil GMO trí huairé níos mó tuairimí faoi iarratais a bhain le horgánaigh ghéinathraithe a ghlacadh in 2009 (14 thuairim a chlúdaigh 18 n-iarratas, i gcomparáid le ceithre thuairim a chlúdaigh cúig iarratas in 2008).

Meastóireacht a dhéanamh ar mhaímh sláinte

Tá EFSA freagrach as bunús eolaíoch na maíomh sláinte a aighnítear a fhíorú, agus cuireann sé sin bonn faoi chinneadh an Choimisiúin Eorpaigh agus na mBallstát maidir le húdarú na maíomh sin.

In 2009, chloígh Painéal um tháirgí diaitéiteacha, chothú agus ailléirgí (Painéal NDA) EFSA le gach spriocam dlíthiúil a bhain le meastóireacht a dhéanamh ar an iliomad iarratais maidir le maímh sláinte a fuarthas. I gcás iarratas maidir le maímh sláinte níos sonraí a rinne tagairt do laghdú an riosca de ghalar nó d'fhorbairt nó do shláinte leanaí, ghlac EFSA 68 tuairim laistigh de spriocamanna dlíthiúla gairide.

Maidir le maímh sláinte le "feidhm níos ginearálta", cosúil le "tá cailciam maith do na cnámha", in 2009 d'fhoilsigh an tÚdarás comhliosta dena thart ar 4 000 maíomh sláinte a fuair sé ón gCoimisiún agus ó na Ballstáit in 2008; chomh maith leis sin, d'fhoilsigh sé na tagairtí litríochta (thart ar 40 000) a fuair sé do thart ar 2 000 maíomh a cuireadh ar fáil don phróiseas meastóireachta eolaíoch. I mí Dheireadh Fómhair 2009, ghlac sé agus d'fhoilsigh sé thart ar 500 maíomh ar tugadh aghaidh orthu i 94 tuairim,

agus níos déanaí sa bhliain, ghlac sé 400 maíomh sláinte breise a bheartaítear iad a fhoilsiú in 2010.

Chuir na fo-mheithleacha nua a bhunaigh an tÚdarás chun tacú le meastóireachtaí ar mhaímh sláinte fheidhmeacha tús lena gcuid gníomhaíochtaí in 2009 agus d'éirigh leo obair ullmhúcháin thábhachtach a dhéanamh a bhíodh á déanamh ag an meitheal bhuan ar mhaímh agus ag an bpainéal iarbhír.

Mar chuid de sin, bhail saineolaithe ón bPainéal NDA le hiarrthóirí a chuir maímh sláinte isteach agus le saineolaithe tionscail sa Bhruiséil d'fhonn dearcthaí a mhalartú faoi chur i láthair na n-iarratas ar údarú maíomh sláinte agus d'fhonn treoir bhreise a chur ar fáil faoi iarratais i ndáil le maímh.



Feabhas breise a chur ar athbhreithniú piaraí ar shubstaintí gníomhacha i dtáirgí cosanta plandaí

Faoi 2009, bhí Roinn um Athbhreithniú Piaráí ar Mheasúnuithe Riosca Lotnaidicídí (PRAPeR) EFSA tar éis a athbhreithniú piaraí ar na substaintí gníomhacha a úsáidtear i lotnaidicídí i láthair na huaire a thabhairt chun críche. Cuirfidh sé seo ar chumas an Choimisiúin Eorpaigh cinneadh a dhéanamh faoin liosta de shubstaintí gníomhacha a fhéadfadh a chuimsiú i dtáirgí cosanta plandaí ar fud an AE. D'fhéadfadh iarrthóirí nár cuimsíodh a substaintí gníomhacha ar an liosta dearfach seo a n-iarratais a aighniú arís le bheith breithnithe faoi nós imeachta luathaithe.

Mar fhreagra ar an ualach oibre ard ionchasach in 2009/2010 agus na hamlínite dúshlánacha a bhaineann le haighniú iarratas arís, thosaigh EFSA ag déanamh athbhreithniú forleathan ar a nósanna imeachta, agus i gcomhar le Ballstáit agus leis an gCoimisiún Eorpach, rinne sé a chur chuige maidir le hathbhreithniú piaraí a shruthlíniú arís. Cé go bhfuil substaintí gníomhacha faoi réir measúnaithe riosca iomláin agus athbhreithnithe piaraí fós, anois déantar an comhairliúchán le saineolaithe eolaíocha ar chaoi níos fócasaithe, atá dírithe go háirithe ar shaincheisteanna níos tábhachtaí nó níos deacra.

Mar thoradh ar na nósanna imeachta seo, in 2009 bhí EFSA in ann athbhreithniú piaraí a dhéanamh agus conclúidí a eisiúint faoin gcéad ghrúpa de naoi substaint gníomhacha a aighníodh arís agus dul chun cinn a dhéanamh ar an athbhreithniú piaraí ar 42 substaint eile a aighníodh arís. I dteannta na hoibre seo, d'éisigh EFSA a chonclúidí faoi 19 substaint gníomhacha eile, lena n-áirítear 9 substaint gníomhacha nua, agus rinne sé athbhreithniú piaraí ar an gcéad ghrúpa de shubstaintí gníomhacha a bhí ar an liosta dearfach ach a bhí dlite do bheith athnuaite.


Bhí cumarsáid dhlúth leis an gCoimisiún Eorpach rithábhachtach freisin d'athbhreithniú an Údaráis ar Uasleibhéil Iarmhair (MRLanna) d'iarmhair lotnaidicídí i mbia nó beatha nó ar bhia nó beatha. Is ionann MRLanna agus na huasleibhéil dhlíthiúla de dhlúis iarmhair lotnaidicídí atá ceadaithe i nó ar bhia nó beatha de réir an dlí, bunaithe ar dhea-chleachtas talmhaíochta agus ar an íosleibhéal nocht tomhaltóra is gá chun tomhaltóirí leochaileacha a chosaint. Ba í 2009 an chéad bhliain iomlán ina raibh an rialachán comhfhreagrach ar MRLanna infheidhme agus ina raibh EFSA (in ionad na mBallstát) freagrach as an measúnú riosca tomhaltóirí i gceist leis an bpróiseas um shocrú MRLanna. In 2009, d'éisigh

an tÚdarás 76 tuairim faoi 300 MRL a bhain le 53 substaint gníomhach. Sa chás seo, chabhraigh comhphlé leis an gCoimisiún Eorpach le tosaíochtaí a shocrú agus le hobair EFSA a dhírú ar shubstaintí atá criticiúil i dtaca le sábháilteacht tomhaltóirí agus a bheartaítear athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar na MRLanna bunaithe sa reachtaíocht Eorpach i ndáil leo.

Ar deireadh, sa réimse de tháirgí cosanta plandaí, bunaíodh an Coiste Stiúrtha Lotnaidicídí chun comhoibriú a thionscnamh leis na húdaráis inniúla sna Ballstáit, leis an gCoimisiún Eorpach, leis an Airmheán Comhpháirteach Taighde (JRC) agus le gníomhaireachtaí AE eile. In 2009, bhuail an grúpa seo le chéile cúig huaire agus bhreithnigh an coiste bealaí chun an próiseas a dhéanamh níos éifeachtúla i bhfianaise ualach oibre atá ag dul i méid i gcónaí agus timpeallacht rialála atá ag athrú.

Treoir a thabhairt agus plé le hiarrthóirí: Eiseamláir na mbreiseán beatha

I rith 2009, d'fhorbair EFSA treoir chun cabhrú le hiarrthóirí feabhas a chur ar a n-ullmhúcháin d'aighniú sainchomhad. Trí fheabhas a chur ar thuiscint ar an bpróiseas agus ar an bhfaisnéis a bhíonn ag teastáil luathaítear an próiseas agus faightear iarratais ar chaighdeán níos airde.



Mar shampla, in 2009 d'ullmhaigh EFSA treoir d'athmheastóireacht *breiseán bia* atá ann agus a cláraíodh roimhe seo. Beidh EFSA, agus an Painéal FEEDAP ach go háirithe, ag déanamh athmheastóireachta ar na táirgí seo sna blianta amach romhainn. Mar sin, ní hamháin gur nuashonraigh an tÚdarás an treoir dhoiciméad riaracháin d'iarrthóirí, a chuimsíonn seicliosta chun cur ar chumas iarrthóirí iomláine an iarratais a dhearbhu den chéad uair riamh, ach chomh maith leis sin, thug sé an treoir dhoiciméad teicniúil do bhreiseáin chéadfacha chun críche. Maidir leis an dara doiciméad sin, chríochnaigh an tÚdarás an tsraith de threoir dhoiciméid theicniúla sa réimse de bhreiseáin bheatha in 2009. Tá siad seo dírithe go príomhúil ar oibreoirí a bhfuil baint acu le táirgeadh beatha, i dteannta geallsealbhóirí agus comhlachtaí eile a bhfuil leas acu i sábháilteacht beatha. Mínítear sna doiciméid cur chuige an phainéil i ndáil le measúnú riosca eolaíoch a dhéanamh ar bhreiseáin bheatha chomh maith. Lena chois sin, chuir an tÚdarás tacaíocht bhreise ar fáil do na hiarrthóirí agus thionóil sé éisteachtaí teicniúla le hiarrthóirí agus/nó le cumainn tionscail shonracha.

Breiseáin bhia a mheasúnú

I gcás na mbreiseán bia, bhain an tÚdarás tairbhe as a chinneadh dhá phainéal nua a bhunú chun déileáil leis an obair a bhíodh á déanamh ag painéal amháin. Roinneadh an t-ualach oibre ar dhá phainéal, an Painéal um breiseáin agus fhoinsí cothaitheacha arna gcur le bia (Painéal ANS) agus an Painéal um ábhair theagmhála bia, einsímí, blastáin agus áiseanna próiseála (Painéal CEF), a bunaíodh in 2008. Mar thoradh ar eagrú nua an ualaigh oibre, bhí ar chumas an EFSA cloí leis an spriocdháta – in 2009 – do chlár meastóireachta na bhfoinsí cothaitheacha a úsáidtear i bhforbhianna. B'éacht thábhachtach í sin a chabhraigh leis an gCoimisiún Eorpach liosta dearfach d'fhoinsí cothaitheacha den sórt sin a chur ar fáil faoi dheireadh 2009, de réir mar a cheangail an reachtaíocht.

Agus an chéad mheasúnú cuimsitheach ar shubstaintí cothaitheacha beartaithe le bheith úsáidte i bhforbhianna san AE á thabhairt chun críche aige, scrúdaigh EFSA 533 iarratas san iomlán, a bhain le 344 substaint éagsúil; tarraingíodh 186 iarratas siar ag céimeanna éagsúla den phróiseas meastóireachta agus ní bhfuair EFSA go leor fianaise eolaíche le measúnú a dhéanamh ar thart

ar leath na n-iarratas fágtha. Aithníodh cúiseanna imní féideartha maidir le sábháilteacht i gcás 39 iarratas. Leis an measúnú seo, chabhraigh an tÚdarás le cinntiú ní hamháin go bhfuil forbhíanna a dhíoltar san AE sábháilte, ach freisin go bhfuil siad éifeachtach maidir leis na cothaitheach san fhorbhianna a chur ar fáil don chorp. Lena chois sin, trí fhaisnéis níos fearr a chur ar fáil do na hiarrthóirí – mar shampla trí riachtanais sonraí d'iarratais maidir le breiseáin bhia a bhunú – luatháíodh próisis EFSA. Déanfaidh an Coimisiún Eorpach na riachtanais sonraí a liostaíonn EFSA a bhreithniú nuair a bheidh bearta reachtaíochta i ndáil le hiarratais a chuirtear isteach le haghaidh meastóireachta agus údaraithe breiseán bia á thabhairt chun críche aige. Ansin in 2010, tosóidh an Painéal ANS ag ullmhú treoir dhoiciméid ar leith chun na gnéithe eolaíoch a is gá a bhreithniú nuair atáthar ag ullmhú iarratas i ndáil le breiseáin bhia a chur in iúl.

Chun ullmhú d'athmheastóireacht gach breiseán bia ceadaithe, rinneadh trí ghlaio phoiblí ar shonraí i mí na Samhna 2009, a bhí dírithe go príomhúil ar tháirgeoirí breiseán, ar chuideachtaí bia, ar údarais náisiúnta, nó ar pháirtithe bainteacha eile. An cuspóir leo ná chun fáil réidh le heaspaí



eolais a d'fhéadfadh cosc a chur ar an bpainéal measúnú ceart a dhéanamh ar shábháilteacht na mbreiseán i dtrácht.


D'éirigh leis an bPainéal ANS a athmheastóireacht ar na sé dhathúchán a úsáideadh sa *Southampton Study* ["Staidéar Southampton"] (McCann *et al.*, 2008), mar a thugtar air, a thabhairt chun críche freisin; d'iarr an Coimisiún Eorpach ar EFSA tosaíocht a thabhairt don obair seo. Roimh mheastóireacht an Údaráis thug staidéar a rinneadh ag Ollscoil Southampton le fos go raibh nasc idir meascáin de shé dhathúchán bia agus an leasaitheach beansóáit sóidiam agus hipirghníomhaíocht i leanaí. I mí na Samhna 2009, chinn an painéal nár thacaigh an fhianaise atá ar fáil i láthair na huaire le nasc cúiseach idir aon cheann de na sé dhathúchán ar leith agus éifeachtaí féideartha ar iompraíocht. Mar sin féin, mar thoradh ar chúiseanna sonracha a bhaineann le héifeachtaí diúltacha féideartha gach dathúcháin, laghdaigh an painéal Iontógáil Inghlactha Laethúil (ADI) trí cinn de na dathúcháin (E 104, E 110 agus E 124).

Meastóireacht a dhéanamh agus treoir a thabhairt faoi ábhair theagmhála bia agus blastáin

Rinne EFSA meastóireacht ar thart ar 2 600 substaint bhlaistithe a cláraíodh leis an gCoimisiún Eorpach mar tháirgí a bhí ann. D'éirigh leis an Údarás an chuid is mó den tasc seo a thabhairt chun críche in 2009, agus níl ach líon beag saincheisteanna fágtha is gá comhordú breise a dhéanamh le gníomhaireachtaí eile, cosúil leis an EMA, chun iad a réiteach. Lena chois sin, rinne an tÚdarás bailiú na sonraí agus ullmhú achoimrí do na meithleacha agus do na painéil a sheachfhoinsiú.

Chomh maith leis sin, in 2009 sheol EFSA comhairliúchán poiblí faoi dhréacht-doiciméad treorach maidir le blastáin bhia ina sonraítear na sonraí ar chóir don tionscal iad a aighniú d'fhonn meastóireacht ar bhlastáin nua a chumasú. Léiríonn an doiciméad seo an taithí a ghnóthaigh EFSA agus meastóireacht á déanamh aige ar na blastáin atá ar an margadh cheana féin.

I dteannta sin, d'fhoilsigh an tÚdarás treoirlínte faoi shubstaintí "gníomhacha" agus "cliste" in ábhair a bhíonn i dteagmháil le bia. Déanann ábhair theagmhála bia ghníomhacha substaintí a ionsú nó a scaoileadh chun riocht bia pacáistithe a chaomhnú nó a fheabhsú nó chun a sheilfré a leathnú, agus déanann ábhair theagmhála bia chliste monatóireacht ar riocht bia pacáistithe nó ar an timpeallacht mórthimpeall air agus cuireann siad faisnéis ar fáil faoi úire an bhia. ■



3. SONRAÍ AE A BHAILIÚ

Ní bhíonn caighdeán an mheasúnaithe riosca a dhéanann EFSA ag brath ar chomhtháthú an raoin iomláin saineolais atá ar fáil amháin. Braitheann sé freisin ar cháilíocht, ar chomhsheasmhacht, ar thráthúlacht agus ar iomláine na sonraí a úsáidtear sna hanailísí eolaíocha, i monatóireacht na rioscaí agus i bplé faoi na rioscaí atá á measúnú. Mar sin, tá ról tábhachtach ag an Údarás maidir le bailiú sonraí, comhordú agus comhchuibhiú ar fud na hEorpa freisin. Sa ról seo, oibríonn EFSA i gcomhar le Ballstáit, ach go háirithe, chun sonraí ag leibhéal an AE a bhailiú, a chomhroinnt agus a anailísiú. Chun é sin a dhéanamh, féadann sé brath ar líonra láidir, éifeachtúil a chuimsíonn na tíortha ar leith agus údaráis fhreagracha. I measc eile, baineann obair an Údaráis sa réimse seo le monatóireacht a dhéanamh ar iarmhair loitnaidicídí agus ar iarmhair drugaí tréidliachta, ar éilleáin cheimiceacha, ar zónóisí agus ar rioscaí atá ag teacht chun cinn agus le tiomsú sonraí Eorpacha faoi thomhaltas bia, ar thaobh amháin, agus leis an dá shreabhadh sonraí a úsáid chun nochtadh a ríomh, ar an taobh eile. Trí shonraí den sórt seo a bhailiú, cuirtear ar chumas EFSA freagairt go gasta le bonn fianaise láidir d'iarratais phráinneacha ar chomhairle, ionas gur féidir rioscaí féideartha a mheasúnú go gasta, rud a chuireann ar chumas bainisteoirí riosca gníomhú go gasta, nuair is gá.

Cad atá á ithe san Eoraip?

Is comhpháirt choiteann d'aon mheasúnú ar nochtadh í faisnéis ar thomhaltas bia. Chuir EFSA tús le bailiú sonraí faoi thomhaltas bia le forbairt an *Concise European Food Consumption Database* ['Bunachar Sonraí Cruinn ar Thomhaltas Bia san Eoraip'] faoi stiúir a Roinne um Bailiú Sonraí agus Nochtadh (DATEX). Chuir an chéim seo an chéad fhorbhreathnú ar thomhaltas bia san Eoraip ar fáil.

Chun a bheith in ann measúnuithe ar nochtadh a bheachtú, thosaigh an tÚdarás, i gcomhar le Ballstáit, ag bailiú sonraí mionchruinne do *bhunachar sonraí cuimsitheach ar thomhaltas bia* a tugadh chun críche faoi dheireadh 2009. Is ionann an bunachar sonraí cuimsitheach seo agus céim thábhachtach chun cinn i ndáil le measúnuithe ar nochtadh, mar féadann cáilíocht na sonraí ar fáil faoi thomhaltas bia dul i bhfeidhm go mór ar thorthaí measúnuithe riosca bainteacha. Cuimsíonn an bunachar sonraí cuimsitheach nua seo na sonraí is fearr faoi thomhaltas bia atá ar fáil ag leibhéal an AE; ina theannta sin, léiríonn sé daingniú an chaidrimh idir an tÚdarás agus Ballstáit mar chomhroinneann siad a gcuid sonraí anois.

I láthair na huaire tá EFSA ag obair chun a bhunachar sonraí faoi thomhaltas bia san Eoraip a leathnú. Mar sin féin, úsáideann Ballstáit an AE modhanna

éagsúla chun sonraí faoi thomhaltas bia a bhailiú, rud a chiallaíonn go mbíonn sé deacair anailísí uile-AE a dhéanamh nó comparáid a dhéanamh idir tíortha. Mar sin, i gcomhar le Ballstáit an AE, tá EFSA ag tacú le comhchuibhiú breise na modhanna um bailiú sonraí faoi thomhaltas bia ar fud na hEorpa. Cuirfidh comhsheasmhacht sonraí den sórt seo feabhas ar chruinneas agus ar iontaofacht na meastachán uile-AE maidir le nochtadh, agus dá bhrí sin, cuirfeadh feabhas ar na measúnuithe riosca a dhéanfaidh painéil EFSA agus measúnoirí riosca agus saineolaithe eolaíocha eile ar fud na hEorpa. I mí na Nollag 2009, d'fhoilsigh meitheal um thomhaltas bia agus nochtadh an Údaráis na prionsabail ghinearálta do bhailiú sonraí náisiúnta faoi thomhaltas bia d'fhonn tacú le comhchuibhiú na modhanna bailithe sonraí.

Bailíonn Ballstáit sonraí eile faoi thomhaltas bia agus nochtadh chomh maith, agus seoltar chuig EFSA iad chun tacú le gníomhaíochtaí monatóireachta an Údaráis agus le táirgeadh na *dtuarascálacha bailithe sonraí* bliantúla ar nochtadh d'éilleáin. In 2009, bhain na tuarascálacha seo le dhá sprioc-éilleán, aicriolaimíd i mí na Bealtaine agus fúráin i mí an Mheithimh. Féadtar aicriolaimíd a chruthú i mbianna ina bhfuil a lán carbaihiodráite nuair a dhéantar an bia a phróiseáil ag teocht 120°C nó níos airde. Léiríodh go bhfuil



an chomhdhúil géineatocsaineach agus carcanaigineach in ainmhithe saotharlainne. Féadtar fúrán a chruthú i mbianna le linn cóireála teasa freisin agus tá sé ar an eolas go bhfaightear é, mar shampla, i gcaife agus i mbianna i bprócaí, lena n-áirítear bia do naonáin a bhfuil feoil ann. Léiríodh go bhfuil an t-éilleán seo carcanaigineach i staidéir ar ainmhithe freisin.

D'iarr an Coimisiún Eorpach tuarascálacha *ad hoc* ar mhínicíocht éilleán sonrach freisin m.sh. déocsainí i mbia agus i mbeatha. Fuair EFSA sonraí faoi éilleáin i dtáirgí bia agus beatha ó Bhallstáit agus ó pháirtithe leasmhara eile, agus d'eisigh sé dréacht-tuarascáil in 2009 a phléifear le Ballstáit agus leis an gCoimisiún.

An Chéad Tuarascáil Bhliantúil de chuid EFSA ar Iarmhair Lotnaidicídí

Freagracht eile a thug an Coimisiún Eorpach do EFSA is ea an fhreagracht as foilsíú na *Tuarascála Bliantúla ar Iarmhair Lotnaidicídí* mbia, atá bunaithe ar chreat dlíthiúil na reachtaíochta nua MRL is infheidhme ó mhí Mheán Fómhair 2008 agus nach mór do Bhallstáit na sonraí a chur ar fáil di. I mí Iúil 2009, d'fhoilsigh Roinn um Athbhreithniú Piaráí ar Mheasúnuithe Riosca Lotnaidicídí (PRAPeR) EFSA an chéad cheann de na tuarascálacha seo inar tugadh forbheathnú

ar na hiarmhair lotnaidicídí a fuarthas i samplaí bia a margáidh san Eoraip in 2007, agus inar tugadh measúnú riosca ar nochtadh tomhaltóirí do na hiarmhair seo chomh maith. Ina iomláine, anailísíodh breis agus 74 000 sampla de bheag-nach 350 cineál bia éagsúil; sháraigh 4 % de na samplaí na MRLanna dlíthiúla. Aithníodh roinnt torthaí criticiúla sa mheasúnú ar nochtadh tomhaltóirí. Ar bhonn na dtorthaí seo, d'fhorbair EFSA roinnt moltaí a bhreithneofar do ghníomhaíochtaí rialaithe amach anseo.

Chun cabhrú le dréachtú na tuarascála agus chun comhoibriú le Ballstáit a fheabhsú, bhunaigh an tÚdarás grúpa líonraithe. Sa ghrúpa tá sainolaithe ainmnithe ó Bhallstáit agus ionadaí don Choimisiún Eorpach. Pléann an grúpa seo gach saincheist a bhaineann leis an tuarascáil mhonatóireachta, go háirithe na feabhsuithe riachtanacha a bhfuil gá leo i ndáil le formáid na sonraí agus leibhéal na mionsonraí a thuairiscítear do EFSA. Dá bhrí sin, in 2009 d'fhorbair an tÚdarás samhail de shonraí do thuairisciú torthaí agus d'éirigh leis treoirthionscadal cuimsitheach a thabhairt chun críche. I ndiaidh di a bheith glactha go foirmiúil, úsáidfean an tsamhail de shonraí chun sonraí a bhailiú ó thorthaí monatóireachta 2009. Cuirfidh an fhormaid nua ar chumas EFSA measúnú níos cruinne a dhéanamh ar nochtadh tomhaltóirí.

Tuairisciú ar zónóisí agus ar bhrístí amach bia-iompartha ar fud an AE

Mar a tharla i mblianta roimhe seo, in 2009 d'eisigh Roinn um Bailiú Sonraí faoi Zónóisí ("Zónóisí") EFSA *an tuarascáil achomair chomhphobail ar zónóisí agus brístí amach bia-iompartha*. Ullmhaítear an tsraith seo tuarascálacha i gcomhar leis an ECDC, a sholáthraíonn agus a anailísíonn na sonraí ó chásanna galair sa duine daonna, agus i gcomhar leis an tascfhórsa an bailiú sonraí faoi zónóisí. Cabhraíonn an líonra uile-Eorpach d'ionadaithe náisiúnta agus d'eagraíochtaí idirnáisiúnta le EFSA trí fhaisnéis ar zónóisí ina gcuid tíortha a bhailiú agus a chomhroinnt. Úsáideann bainisteoirí riosca agus measúnóirí agus páirtithe leasmhara eile ar fud an AE na tuarascálacha achoimre comhphobail seo. Go háirithe, úsáideann na bainisteoirí riosca ag leibhéal an AE na tuarascálacha nuair atá siad ag breithniú cibé an bhfuil gá le bearta rialaithe breise san AE nó nach bhfuil agus nuair atá siad ag déanamh monatóireachta ar thionchar na mbeart AE atá ann.



Ba iad príomhthorthaí na tuarascála is déanaí, a foilsíodh i mí Eanáir 2010, go raibh campala-baictéaróis agus salmanallóis ar na galair zónóiseacha ba mhinice a tuairiscíodh sa duine in 2008 fós, cé gur tháinig laghdú suntasach ar chásanna de shalmanallóis don chúigiú bliain as a chéile. Tugadh laghdú tábhachtach ar mhínicíocht *Salmonella* i mbéaróga faoi deara in 2008 mar thoradh ar chláir rialaithe a chuir na Ballstáit i ngníomh. Seans gurb é sin an chúis leis an laghdú comhfhreagrach ar ionfhabhtuithe *Salmonella* sa duine, a bhaineann go hiondúil le hithe uibheacha, a tugadh faoi deara sa bhliain chéanna.

I measc buaicphointí eile 2009 bhí tuarascálacha EFSA ar anailís ar shuirbhéanna bonnlíne uile-AE de dhá bhaictéar zónóiseacha, *Salmonella* agus *Staphylococcus aureus* meiticillinfhriotaíoch (MRSA) i muca síolraíochta. Fuarthas an dá chineál baictéir seo go coitianta i ngnóthais mhuc síolraíochta in a lán Ballstát. Cabhróidh torthaí na suirbhéanna seo le bainisteoirí riosca agus iad ag socrú spriocanna laghdaithe *Salmonella* do mhuca síolraíochta agus ag breithniú an ghá MRSA i muca a rialú agus monatóireacht a dhéanamh air d'fhonn an tsláinte phoiblí a chosaint.

Chun bailiú sonraí a bhaineann le zónóisí a chomhchuihbhiú ar fud an AE agus chun feabhas a chur ar a n-anailísí, in 2009 d'fhoilsigh EFSA dhá thuarascáil ina raibh sonraíochtaí do shuirbhéanna comhchuibhithe ar na pataiginí bia-iompartha *E. coli* véaratocsaigineach agus *Yersinia* mar threoir do Bhallstáit. Bhain an tÚdarás úsáid as modhanna staitistiúla feabhsaithe chun treochtaí in oibreáin zónóiseacha ar feadh na mblianta a anailísí, agus chuir siad feabhas breise ar bhailíochtú sonraí chomh maith trí chóras bainistíochta sonraí nua a úsáid den chéad uair.

Ag cabhrú le rioscaí atá ag teacht chun cinn a aithint

In 2009, d'fhorbair Roinn um Rioscaí atá ag Teacht Chun Cinn (EMRISK) EFSA uirlisí nua chun monatóireacht agus anailís éifeachtúil a dhéanamh ar shonraí d'fhonn guaiseacha nua nó atá ag teacht chun cinn arís a aithint, go háirithe ó Chóras Mear-Rabhaidh an AE um Bia don Duine agus d'Ainmhithe (RASFF). Cuimsíonn an bunachar sonraí seo, a chothabhálann an Coimisiún Eorpach, faisnéis mhionchruinn ar theagmhais sábháilteachta bia a fhógraíonn baill an líonra RASFF.

Foinse thábhachtach eile sonraí d'aithint rioscaí atá ag teacht chun cinn ná na meáin chumarsáide.

Rinne EMRISK measúnú ar cé chomh úsáideach agus a bhí uirlis mhonatóireachta meán cumarsáide a d'fhorbair Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin Eorpaigh i ndáil leis an tasc seo. Cuireann na huirlisí seo, i dteannta monatóireachta ar shonraí trádála, an chéad chéim ar fáil do chur i bhfeidhm straitéis EFSA um aghaidh a thabhairt ar rioscaí atá ag teacht chun cinn.

Ábhar sonrach amháin a bhfuil Roinn EMRISK an Údaráis ag tabhairt aghaidhe air is ea tionchar an athraithe aeráide ar aflatocsainí (ceimiceáin charcanaigineacha a tháirgeann roinnt músacán, ar fáil go forleathan in aeráid the agus thais, a fhásann ar ghránbharraí) i ngránbharraí. An aidhm atá leis an tionscadal seo, a tosaíodh in 2009 agus atá bunaithe ar chásanna éagsúla maidir le hathrú aeráide, ná sonraí ar tháirgeadh aflatocsainí a bhailiú agus a anailísí chun samhlacha réamh-mheastacha a chruthú, cásanna a shainiú agus léarscáileanna a chruthú ina n-aibhseofar na háiteanna ina bhféadfadh éilliú gránbharraí tarlú amach anseo. Cé gur tionscadal an-ionchasach é seo a bhaineann le féidearthachtaí sa todhchaí, tairbhe láithreach amháin a bhaineann leis an obair seo ná go bhfuiltear ag forbairt modheolaíochtaí agus uirlisí d'fhonn teacht chun cinn rioscaí nua i mbia agus i mbeatha a réamh-mheas. ■

Toscaireacht ón tSeapáin ar cuairt ar EFSA i mí na Nollag 2009



4. COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA A THÓGÁIL

Iompraítear barraí, ainmhithe agus táirgí bia agus beatha ar fud domhain atá ag éirí níos domhandaithe i gcónaí – mar aon leis na rioscaí bainteacha. Mar sin chun go mbeidh EFSA in ann soláthar bia na hEorpa a choinneáil slán agus tomhaltóirí a chosaint tá rannpháirteachas idirnáisiúnta – a thacaíonn le beartas AE – riachtanach dó. Chun na críche seo, déanann EFSA iarracht comhpháirtíochtaí a bhunú le húdaráis sábháilteachta bia i dtíortha lasmuigh den AE agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta d’fhonn rochtain ar an tiomsachán níos mó de shonraí agus d’fhaisnéis eolaíoch idirnáisiúnta a chinntiú. Cuirfidh sé seo ar chumas an Údaráis leanúint de ag cur bonn láidir ar fáil do mheasúnú riosca agus ag aithint rioscaí atá ag teacht chun cinn, páirt a ghlacadh i measúnuithe riosca idirnáisiúnta, tacú le hiarrachtaí idirnáisiúnta maidir le comhchuibhiú modhanna bailithe sonraí agus measúnaithe riosca, agus comhleanúnachas a chur chun cinn i gcumarsáid i ndáil le riosca. Lena chois sin, tá an tÚdarás ag cur le feasacht idirnáisiúnta ar a chuid gníomhaíochtaí chun cáil a bhaint amach mar eagraíocht atá aitheanta ar fud an domhain agus a bhfuil iontaoibh aisti mar an comhlacht tagartha Eorpach um measúnú riosca.

Ag gníomhú ar fud an domhain

Ghlac EFSA a *chur chuige straitéiseach i ndáil lena ghníomhaíochtaí idirnáisiúnta* i mí Eanáir 2009. Mar chéad chéim, rinne an t-údarás athbhreithniú ar an iliomad socruithe comhoibríoch foirmiúla agus neamhfoirmiúla, agus ar an iliomad teagmhálacha idirnáisiúnta ag leibhéal ar leith a bhí ann. Ansin, chun tosaíocht a thabhairt do réigiúin agus d’eagraíochtaí ina bhfuil comhoibriú níos dlúithe agus ailíniú seasamh ábhartha do EFSA, d’aithin an tÚdarás comhpháirtithe tosaíochta agus sprioc-thíorthaí d’fhorbairt caidreamh níos fadtéarmaí. An cuspóir leis na caidrimh seo ná cumas an Údaráis measúnuithe riosca a dhéanamh ar bhonn dearthaí comhroinnte faoi na rioscaí a threisiú agus na rioscaí a chur in iúl go hidirnáisiúnta ar bhealach níos fearr. Maidir le EFSA, tá sé riachtanach dó a sheasamh ag an leibhéal náisiúnta a threisiú toisc go bhfuil líon na rioscaí a bhaineann le bia is rioscaí domhanda iad ag dul i méid i gcónaí: tá trádáil bia idirnáisiúnta ag dul i méid i gcónaí agus, trí mheán an tslabhra bia dhomhanda, féadann rioscaí teacht chun cinn go héasca i dtáirgí ó thíortha i bhfad i gcéin.

Tacaíonn an tÚdarás le malartú idirnáisiúnta sonraí agus measúnuithe rioscaí. Cuireann sé le forbairt agus le comhchuibhiú modheolaíochtaí agus cothaíonn sé comhthuiscint ar na príonsabail bhunúsacha. Teastaíonn ó EFSA dea-chleachtas idirnáisiúnta a thacú agus a stiúradh – leis an aidhm deiridh aitheantas domhanda a bhaint amach mar an comhlacht tagartha Eorpach um measúnú rioscaí a bhaineann leis an slabhra bia.

Naisc níos dlúithe a chothú go hidirnáisiúnta

In 2009, d’ullmhaigh EFSA a straitéis idirnáisiúnta agus thosaigh sé á cur i bhfeidhm – ag tabhairt tosaíochta dá ghníomhaíochtaí a bhain le tacú le beartas an AE – agus shocraigh sé clocha míle tábhachtacha nua dá ghníomhaíochtaí idirnáisiúnta. Ba é ceann de na héachtaí is mó a rinneadh ná gur cuireadh *an caidreamh* le measúnóir riosca na Seapáine, *Food Safety Commission* [Coimisiún Sábháilteachta Bia] (FSC) na Seapáine *ar bhonn foirmiúil*, trí Mheabhrán Comhoibrithe a shíniú i mí na Nollag maidir le bailiú agus comhroinnt sonraí a bhfuil gá leo chun rioscaí atá ann agus



Toscaireacht ón tSín ar cuairt ar EFSA i mí Eanáir 2009

atá ag teacht chun cinn a mheasúnú. Ar an dul céanna, gheall EFSA go gcomhoibreoidh sé le agus go malartóidh sé sonraí le húdarás inniúil na Nua-Shéalainne trí litreacha a mhalartú; rinneadh dul chun cinn i ndáil le gníomhaíochtaí cosúla le Ceanada agus leis an Astráil. Ina theannta sin, chuir EFSA tacaíocht eolaíoch ar fáil do thoscaireacht an Choimisiúin Eorpaigh chuig *Codex Alimentarius* (comhlacht comhpháirteach FAO/WHO a fhorbraíonn caighdeáin idirnáisiúnta bia, treoirlínte, etc.) agus chuir sé, ach go háirithe, le seasamh an AE i ndáil le ractapaimín, spreagthóir fáis a úsáidtear i mbeatha ainmhithe.

Go luath in 2009, thug toscaireacht ó údarás sláinte poiblí na Síne cuairt ar EFSA. I measc na gcuairteanna ardleibhéal idirnáisiúnta eile ar EFSA in 2009, thug toscaireacht WHO cuairt orthu chun a chlár oibre sa réimse de shábháilteacht bia a chur i láthair agus chun saincheisteanna eolaíocha cosúil le sláinte agus leas ainmhithe, lotnaidicídí, zónóisí, cothú, breiseáin bhia, éilleáin agus prionsabail ghinearálta maidir le measúnú riosca agus cumarsáid faoi riosca a phlé. Bhí téama coiteann ag gach cuairt idirnáisiúnta, ba é sin, an aidhm gníomhaíochtaí comhoibriocha agus céimeanna comhchuibhithe amach anseo a aithint. Thug toscaireachtaí EFSA cuairt ar

chomhpháirtithe idirnáisiúnta freisin, mar shampla, i mí Iúil 2009 thug toscaireacht cuairt ar institiúidí feidearálacha SAM.

Ar deireadh, in 2009 thionscain EFSA sraith tion-scnamh faoi chlár réamhaontachais an AE do tíortha is iarrthóirí agus do tíortha is iarrthóirí féideartha, i.e. an Tuirc, an Chróit agus Poblacht Iar-Lúgslavach na Macadóine agus an Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Chosaiv, Montainéagró agus an tSeirbia. An cuspóir a bhí leis an gclár seo ná cabhrú le húdarás náisiúnta sábháilteachta bia sna tíortha seo a measúnuithe riosca agus a gcumarsáid riosca féin a dhéanamh. Go háirithe, tá sé mar aidhm ag an gclár cabhrú leo ullmhúcháin a dhéanamh do rannpháirteachas i líonraí EFSA amach anseo; córais chumarsáide agus mhalartaithe faisnéise a fhorbairt; eolas ar réimsí a chlúdaíonn EFSA a chur ar fáil dóibh; agus tacú leis na tíortha is tairbhíthe agus gníomhaíochtaí cumarsáide riosca á ndéanamh acu.

Chun é sin a dhéanamh, eagraíonn EFSA seimineáir oiliúna agus turais staidéir do shaineolaithe a ainmníonn comhordaitheoir cláir faoi seach gach tíre; tionóladh ceithre sheimineár in 2009. I gcomhthéacs an chlár seo, tugtar cuireadh do na tíortha is iarrthóirí agus do na tíortha

is iarrthóirí féideartha páirt a ghlacadh i gcruinnithe EFSA leis na Ballstáit i gcáil breathnóirí. Mar thoradh air sin, méadaítear rannpháirteachas na dtíortha seo in obair EFSA, rud a thacaíonn le hiarrachtaí comhchuibhithe idirnáisiúnta ■

5. CUMARSÁID AGUS COMHPHLÉ

Tá sé d'aidhm ag EFSA muinín agus iontaoibh an phobail as córas sábháilteachta bia an AE a threisiú trí mheán cumarsáide agus comhphlé le comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara. Tá sé tiomanta freisin d'fhollasacht a áirithiú ina chuid oibre uile, ag cinntiú go bhfuil a aschuir eolaíoch infheicthe agus inrochtana agus ag múscailt feasachta agus tuiscena ar an dóigh a n-oibríonn EFSA.

Déanann EFSA iarracht comhleanúnachas a chur chun cinn idir a chumarsáid riosca féin agus cumarsáid riosca a chomhpháirtithe i gcóras sábháilteachta bia an AE agus níos faide i gcéin. Is sprioc ríthábhachtach é sin, chomh maith le simplíocht agus inrochtaineacht a chumarsáide a chothabháil agus infheictheacht agus tuiscint ar a obair eolaíoch a mhéadú. Chun é sin a bhaint amach, agus chun teagmháil níos fearr a dhéanamh le luchtanna féachana náisiúnta ina dteangacha féin, in 2009 thosaigh EFSA ag baint úsáide as cur chuige ilteangach i ndáil lena chumarsáid féin, ag cur príomhfhoilseachán corparáideach agus doiciméad straitéise ar fáil sna 23 teanga oifigiúil den AE.

In 2009 chuir an tÚdarás tús le taighde i measc a sprioclucht féachana, le tuiscint ar an ngá tionchar a chumarsáide agus feasacht ghinearálta ar EFSA a thomhas. Bhain EFSA úsáid as cur chuige cáilíochtúil, agus chuir sé agallaimh ar chinnteoirí agus ar pháirtithe leasmhara sna réimsí polaitíochta agus eolaíochta agus sa slabhra bia



ag leibhéal náisiúnta, Eorpach agus idirnáisiúnta. Cabhróidh torthaí na hoibre seo leis an Údarás athbhreithniú a dhéanamh ar a straitéis chumarsáide, ar cuireadh tús léi in 2009. Cuirfidh sé sin ar chumas an Údaráis a threoir maidir le Branda EFSA a bheachtú, treoir ina ndéantar achoimre ar cad a theastaíonn ó EFSA a chur in iúl agus a bhfuil mar aidhm aici aschuir chumarsáide a threorú chun íomhá chomhsheasmhach, comhleanúnach den Údarás a chur ar fáil.

Mhéadaigh EFSA a fhor-rochtain go suntasach in 2009. Mar shampla, chuir sé feabhas suntasach ar inúsáideacht agus ar inrochtaineacht a láithreáin ghréasáin ar tugadh breis agus 2.4 milliún cuairt air, méadaíodh líon na síntiúsóirí leis an nuachtlitr *EFSA Highlights* [‘Buaicphointí EFSA] faoi bhreis agus 20 %, treisíodh caidreamh leis na meáin chumarsáide, méadaíodh nuacht ar líne faoi bheagnach 30 % agus táirgeadh breis agus dhá uair líon na bhfoilseachán agus a táirgeadh sa bhliain roimhe sin.



Meitheal Cumarsáide an Fhóiraim Chomhairligh

Comhoibriú le Ballstáit i ndáil le cumarsáid

Tá an *Advisory Forum Communications Working Group* [Meitheal Cumarsáide an Fhóiraim Chomhairligh] (AFCWG) mar an phríomhuirlis fós um threisiú chomhleanúnachas na ngníomhaíochtaí cumarsáide idir na húdaráis náisiúnta agus EFSA, agus um chomhroinnt agus cur chun cinn an dea-chleachtais. In 2009, d'fhorbair an AFCWG cur chuige foriomlán agus imlíne do threoirlínte cumarsáide riosca chun tacú le comhleanúnachas i gcumarsáid riosca ar fud an AE agus tabharfar chun críche é in 2010.

Chabhraigh EFSA le Ballstáit comh-imeachtaí a eagrú trí nuachtlitreacha spriocdhírthe a fhoilsiú chun teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara ar an leibhéal náisiúnta agus trí chomhoibriú níos láidre a dhéanamh trí mheán an AFCWG. In 2009, d'eagraigh EFSA agus an Ballstát faoi seach comh-imeachtaí san Ostair, sa Ghréig agus sa tSlóivéin chomh maith. Bhain na himeachtaí seo le raon ábhar, lena n-áiríodh cumas maidir le sábháilteacht bia a threisiú, comhoibriú idir EFSA agus Ballstáit agus na naisc idir eolaíocht agus beartas i ndáil le sábháilteacht bia agus cothú.

Comhphlé le páirtithe leasmhara

In 2009, d'athnuaigh EFSA a ardán comhchomhairliúcháin do pháirtithe leasmhara trí 24 eagraíocht uile-AE a oibríonn i réimsí a bhaineann leis an slabhra bia a ghlacadh arís ar feadh aon bhliain amháin. Buaileann an t-ardán seo le chéile trí huair in aghaidh na bliana chun cabhrú le EFSA a chaidreamh tríd is tríd agus a bheartas i ndáil le páirtithe leasmhara a fhorbairt. Is cainéal tábhachtach é an t-ardán chun comhphlé agus rannpháirteachas páirtithe leasmhara a spreagadh agus chun caidreamh maith le páirtithe leasmhara a chur chun cinn.

Is ionann athnuachan an ardáin seo agus daingniú tábhachtach de theagmhálacha an Údaráis lena pháirtithe leasmhara agus leagann sé béim ar thiomantas an Údaráis do chomhphlé oscailte, follasach.

In 2009, thionóil EFSA trí chruinniú iomlánacha in ionad an dá cheann a tionóladh sna blianta roimhe sin. Ag na cruinnithe seo, phléigh páirtithe leasmhara doiciméid straitéiseacha chothrománacha agus chuir siad comhairle agus tráchtanna ar fáil faoi phlean bainistíochta, faoi thuarascáil bhliantúil agus faoi straitéis chumarsáide EFSA. Pléitear próisis bhunúsacha EFSA ag an ardán freisin – mar shampla, in 2009

bunaíodh meitheal faoi chur chuige EFSA maidir le comhairliúcháin phoiblí ar aschuir eolaíocha.

I dteannta líon na gcruinnithe iomlánacha a mhéadú, mhéadaigh EFSA minicíocht chruinnithe teicniúla an ardáin in 2009 chomh maith. Díríonn na cruinnithe seo níos mó ar ábhair eolaíocha, agus bhain siad, mar shampla, le leas ainmhithe, lotnaidicídí, nanaitheicneolaíocht, agus bianna nua. Lena chois sin, cothaíonn an tÚdarás teagmhálacha déthaobhacha lena pháirtithe leasmhara. In 2009, chuir EFSA fáilte roimh thoscaireacht BEUC, faoi stiúir a Uachtaráin nua, a tháinig ar cuairt ar a cheanncheathrú. Chuir sé ar chumas EFSA míniú a thabhairt ar an dóigh a gcosnaíonn an tÚdarás tomhaltóirí trí mheán a chuid oibre ar mheasúnú riosca, agus plé a dhéanamh ar an obair a dhéanann sé i ndáil le comhoibriú agus cumarsáid eolaíoch.

Imeacht eile do pháirtithe leasmhara in 2009 ba ea an cruinniú le heagraíochtaí neamhrialtasacha comhshaoil a d'eagraigh EFSA i bParma. Ghlac ionadaithe AS Sláinte agus Tomhaltóirí an Choimisiúin (AS SANCO) agus AS Comhshaoil páirt sa chruinniú sin i gcáil breathnóirí. Thug an cruinniú seo deis don Údarás a obair sa réimse a bhaineann le measúnú riosca GMO a chur i láthair agus dearcthaí a mhalartú le geall-



sealbhoirí. Chuir sé feabhas ar thuiscint fhrith-pháirteach shaineolaithe an Phainéil GMO agus bhaill na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha comhshaoil ar argóintí agus ar dhearcthaí. Sa réimse de mhaímh sláinte, bhuail EFSA le geallsealbhoirí agus le Ballstáit i mí an Mheithimh 2009 chun míniú a thabhairt ar obair EFSA sa réimse seo agus ar an gcaoi a ndéanann sé meastóireacht ar mhaímh, agus chun na treoirdhoiciméid ábhartha éagsúla atá táirgthe aige a chur i láthair.

Páirt a ghlacadh i gcomhphlé eolaíoch

Tá sármhaitheas san eolaíocht ina croíluach de EFSA fós. Gné thábhachtach de choinneáil na sármhaitheasa is ea páirt a ghlacadh i gcomhphlé, éisteacht agus foghlaim, agus faisnéis a chomhroinnt. Agus é sin á dhéanamh aige, déanann EFSA iarracht feasacht agus tuiscint ar a chuid oibre a mhúscailt freisin. Mar shampla, i mí Mheán Fómhair 2009, reáchtáil EFSA comhdháil ardleibhéil chun a chuid oibre a chur i láthair agus chun dearcthaí a mhalartú faoi mheasúnuithe riosca GMO do shláinte daoine agus ainmhithe, agus don chomhshaoil. Is eiseamláir mhaith é réimse na GMOanna de réimse ina gcuireann an tÚdarás comhairle eolaíoch stuama agus faisnéis eolaíocht-bhunaithe ar fáil, ina n-éascaíonn sé malartú

dearcthaí, ina gcothaíonn sé comhthuiscint agus foghlaim, agus ina gcuireann sé a obair mheasúnaithe riosca in iúl go hoscailte agus go follasach.

Den chéad uair riamh san Eoraip, tháinig bainisteoirí riosca agus measúnóirí riosca ó Bhallstáit, agus ionadaithe páirtithe leasmhara – grúpaí tionscail, tomhaltóirí agus comhshaoil san áireamh – le chéile ag an gcomhdháil dhá lá seo sa Bhruiséil chun stádas na measúnuithe riosca i ndáil le GMOanna agus na dúshláin a bheidh i gceist amach anseo a phlé. Maidir leis an gCoimisiún Eorpach, tugadh aitheantas do thábhacht an imeachta seo trí mheán óráidí Ard-Stiúrthóirí AS SANCO agus AS Comhshaoil, a thug na hóráidí tosaigh agus deireanacha faoi seach. San iomlán, d'fhreastail thart ar 150 rannpháirtí ar an gcomhdháil seo, agus fuarthas aiseolas dearfach faoi.

Sampla maith de na himeachtaí eolaíocha a d'eagraigh EFSA in 2009 is ea a Chollóicim Eolaíoch ar Bhianna Nua. Thart ar dhá uair in aghaidh na bliana eagraíonn EFSA comhdhálacha teicniúla den sórt seo chun deis a thabhairt d'eolaithe a ndearcthaí a mhalartú agus chun idéanna nua a chothú agus a chur chun cinn. Tráth an imeachta seo bhí an rialachán maidir le bianna nua á athbhreithniú, agus sa rialachán nua

beartaíodh go ndéanadh EFSA measúnú riosca láraithe. Mar sin, thionóil an tÚdarás an collóicim chun plé a dhéanamh ar an bhfaisnéis eolaíoch agus ar na sonraí eolaíocha a mbeadh gá leo chun iarratais a dhéanamh ar údarú bianna nua agus údarú comhábhar bia nua san Aontas Eorpach. Ar an gcaoi seo, fuair EFSA ionchur luachmhar luath ó na páirtithe leasmhara uile i ndáil leis an treoirdhoiciméad bainteach faoi mheasúnú sábháilteachta bianna nua a dhréachtófar in 2010. D'fhreastail thart ar 100 saineolaí idirnáisiúnta ar mheasúnú sábháilteachta agus ar ghnóthaí rialála, agus déantóirí bia agus daoine eile a bhfuil baint acu le bianna nua, ar an gCollóicim. Tháinig siad ó 25 tír laistigh den AE agus thar lear.



The EFSA Journal: Science at your fingertips

Three reasons to subscribe to the European Food Safety Authority's online scientific journal.

1. Easy access to EFSA science, past and present
2. Available free of charge
3. Comprehensive advice from field to plate:

Teagmháil a dhéanamh leis an bpobal eolaíoch

Bhain eolaíocht EFSA cloch mhíle shuntasach amach in 2009 freisin, nuair a seoladh réimse gréasáin nua, tiomanta ar láithreán gréasáin corparáideach an Údaráis don *EFSA Journal* [Iris EFSA]. Ba é an sprioc le forbairt bhreise an *EFSA Journal* ná feabhas a chur ar infheictheacht obair eolaíoch an Údaráis go hidirnáisiúnta agus aitheantas a thabhairt don obair a dhéanann na saineolaithe eolaíoch ar a phainéil agus ina mheithleacha.

Mar thoradh ar an *EFSA Journal* nua-dheartha, tá sé níos éasca do léitheoirí aschuir eolaíoch EFSA a bhrabhsáil agus a chuardach. Féadann léitheoirí liostáil go héasca chun na heagráin is déanaí den *EFSA Journal* a fháil, agus féadann siad féachaint ar ailt go héasca trí leas a bhaint as seirbhísí sindeacáitithe nuachta ar líne, cosúil le RSS. Lena chois sin, tá sé d'aidhm ag an Iris cloí le caighdeán foilsithe scoláireachta agus riachtanais bhunachar sonraí bibleagrafaíoch atá ábhartha d'obair EFSA a chomhlíonadh. Nuair a bheidh réimse gréasáin an *EFSA Journal* curtha i bhfeidhm ina iomláine, iarrfaidh EFSA ar bhunachair shonraí bhibleagrafaíoch ailt *EFSA Journal* a innéacsú, rud a chuirfidh feabhas breise ar infheictheacht eolaíochta obair an Údaráis.

Comhpháirtíocht láidir le hinstitiúidí AE

Bhí cuairt an Choimisinéara Eorpaigh Sláinte, Androulla Vassiliou, ar EFSA i mí Dheireadh Fómhair 2009, ina sampla tábhachtach amháin den chomhpháirtíocht láidir, mhéadaitheach idir an tÚdarás agus na hinstitiúidí. Agus é ag labhairt leis an bhfoireann, luaigh an Coimisinéir Vassiliou an tábhacht a bhaineann le comhairle eolaíoch urrúnta EFSA mar cabhraíonn sí le cinnteoirí AE creat rialála a chruthú a áiríthíonn ceann de na leibhéil sábháilteachta bia is airde ar domhan. Rinne an Coimisinéir tagairt ar leith do phleanáil fheabhsaithe agus do shocrú tosaíochtaí mar thoradh ar an gcaidreamh dlúth oibre idir an tÚdarás agus an Coimisiún – mar shampla, “treochláir” a aontú sa réimse d'iarraitais.

Chuimsigh clár oibre dhá lá an Choimisinéara roinnt seisiún chun gníomhaíochtaí deireanacha EFSA sna réimsí de chlónáil, nanaitheicneolaíocht, GMOanna agus cothú a phlé, agus seisiún chun aghaidh a thabhairt ar gníomhaíochtaí reatha agus amach anseo i ndáil le bailiú sonraí. Agus é ag moladh an chórais chomhpháirtíochta reatha idir an tÚdarás agus an Coimisiún, luaigh an Coimisinéir “comhoibriú níos dlúithe fós” idir EFSA agus institiúidí eile, go háirithe i ndáil le saincheistanna cosúil le teicneolaíochtaí nua

agus GMOanna. Luaigh an Coimisinéir freisin go bhfuil cáilíocht chomhairle eolaíoch EFSA, a chuireann bonn faoi reachtaíocht AE, mar “bhunchloch” rath an Údaráis.

I mí Dheireadh Fómhair, labhair Stiúrthóir Feidhmiúcháin EFSA, Catherine Geslain-Lanéelle, le Coiste Comhshaoil, Sláinte Poiblí agus Sábháilteachta Bia (Coiste ENVI) Pharlaimint na hEorpa sa Bhruiséil. Leag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin béim ar an tábhacht a bhaineann le comhairliúcháin leis an bParlaimint faoi gníomhaíochtaí agus tosaíochtaí EFSA.

Comhoibriú le gníomhaireachtaí eile AE

I rith 2009, ba ghné thábhachtach eile d'obair EFSA é ról an Údaráis mar chomhordaithe *an líonra de gníomhaireachtaí AE*. An cuspóir leis an líonra seo ná fóram plé agus comhoibrithe a chur ar fáil do gníomhaireachtaí ag leibhéal na n-institiúidí. Cuireann sé ar chumas gníomhaireachtaí eispéiris a chomhroinnt, dea-chleachtas choiteanna a fhorbairt, comhoiliúint a eagrú agus íomhá agus infheictheacht tríd is tríd gníomhaireachtaí uile an AE a chur chun cinn.



Bunaíodh meitheal idirinstiúideach AE chun foghlaim ó imlonnú gníomhaireachtaí rialála AE agus chun breithniú a dhéanamh ar an gcaoi is fearr is féidir le gníomhaireachtaí rannchuidiú i gcomhthéacs an chreata instiúidigh athnuaithe a chruthaigh Conradh Liospóin.

Go comhthreomhar, chuir an Coimisiún Eorpach tús le meastóireacht chothrománach ar chóras na ngníomhaireachtaí. Pléadh an mheastóireacht sin laistigh den líonra, agus mar thoradh uirthi rinneadh machnamh ar thodhchaí na ngníomhaireachtaí, i.e. forbairt físe coitinne comhroinnte do na gníomhaireachtaí i ndáil le rialachas, éifeachtacht, bainistíocht agus a gcaidrimh laistigh den chóras AE.

Mar shampla, i bhfianaise na meastóireachta seo, forbraíodh plean cumarsáide chun ról foriomlán Gníomhaireachtaí sa chóras AE agus an méid a chuireann siad leis an gcóras sin a léiriú. Mar thoradh air sin, forbraíodh, mar shampla, bróisiúr fógraíochta idirghníomhaireachta. Ina theannta sin, ag a gcuirniú i mí Dheireadh Fómhair 2009, ghlac Ceannairí na nGníomhaireachtaí an *Internal Audit Services (IAS) Charter* [Cairt na Seirbhísí Iníúcháireachta Inmheánaí] a chuireann caidrimh idir gníomhaireachtaí AE agus an IAS ar bhonn foirmiúil i ndáil le gníomhaireachtaí iniúcháire-

achta inmheánaí. D'fhorhuinigh Ceannairí na nGníomhaireachtaí *Mutual Expectations Paper* [Páipéar na nIonchas Frithpháirteach] an IAS freisin, ina ndéantar cur síos ar na modhanna oibre i bhfeidhm idir IAS agus gníomhaireachtaí AE.

Sampla coincréiteach amháin de chomhoibriú idirghníomhaireachta is ea an *EU Agencies Heads of Communication and Information Network* [Líonra Ceannairí Cumarsáide agus Faisnéise na nGníomhaireachtaí AE] a raibh EFSA ina chathaoirleach air in 2009. Ba é ceann de chlocha míle an líonra seo in 2009 a chruinniú le hiar-Choimisinéir Cumarsáide an AE, Margot Wallström, faoi obair na ngníomhaireachtaí i ndáil le cumarsáid. Ina theannta sin, chruthaigh agus scaip an Gníomhaireacht liosta teagmhálaithe a chlúdaigh na baill foirne ghréasáin sna Gníomhaireachtaí uile, sula ndearna sé suirbhé tagarmharcála orthu chun teacht ar na hábhair choiteanna ar gá dóibh foghlaim fúthu. Ar bhonn na faisnéise seo, d'eagraigh EFSA ceardlann oiliúna sainoiriúnaithe d'fhoireann gréasáin na ngníomhaireachtaí AE, a thug deis dóibh líonrú a dhéanamh agus a chuir fóram ar fáil do phlé agus do mhalar-tuithe gairmiúla freisin. Ghlac 57 rannpháirtí páirt sa cheardlann, agus de réir an aiseolais a fuarthas, d'éirigh thar barr léi.

Naisc níos dlúithe a chruthú le pobal áitiúil EFSA

Maidir le EFSA, baineann gné ar leith dá fhor-rochtain áitiúil agus réigiúnach le cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal ina bhfuil an tÚdarás lonnaithe agus ina gcónaíonn a bhaill foirne. Tá sé tábhachtach go dtuigfidh pobal Pharma agus cinnteoirí áitiúla agus réigiúnacha obair EFSA. Dá bhrí sin, déanann EFSA iarracht a sheasamh áitiúil a fheabhsú gach bliain trí imeachtaí sonracha a reáchtáil. In 2009, d'eagraigh an tÚdarás "Festa dell'Europa" – i gcomhar le húdarás réigiúnacha agus áitiúla – chun Lá Schuman a chomóradh. An cuspóir atá leis ná tuiscint áitiúil ar EFSA a chur chun cinn agus feasacht a mhúscailt ar thoghadh Pharlaimint na hEorpa, agus, níos ginearálta, ar an tionscadal Eorpach. ■



6. FREAGRÚLACHT, ÉIFEACHTÚLACHT AGUS ÉIFEACHTACHT

Léiríonn aschur méadaitheach EFSA gur éirigh leis an Údarás córais bhainistíochta agus bhonneagair a dheardh go héifeachtach, a phróisis a shruhlíniú go hoptamúil, a acmhainní a leithroinnt go táirgiúil agus déileáil le srianta go rathúil.

Mar a tharla sna blianta roimhe seo, léirigh an tÚdarás in 2009 gur féidir leis freagairt go mear do bhagairtí práinneacha i ndáil le sábháilteacht bia. Trí fhoghlaim ó theagmhais den sórt seo agus trí chleachtaí ionsamhlúcháin ghéarchéime a dhéanamh fanann EFSA ullamh agus airdeallach. Ba léir go raibh EFSA éifeachtach agus éifeachtúil ón gcaoi ar láimhseáil sé saincheisteanna práinneacha agus freisin, ón aschur leanúnach, a bhíonn ag dul i méid i gcónaí, a chuir sé ar fáil.

I gcás géarchéime...

Bhí na *hionsamhlúcháin ghéarchéime* a rinneadh in 2009, a raibh dhá chleachtadh ar leith i gceist leo, mar chuid de chur chuige córasach chun a chinntiú go mbeifí réidh agus ullamh do bhagairtí práinneacha i ndáil le sábháilteacht bia. An cuspóir leis an gcéad chleachtadh ná próisis inmheánacha EFSA a thástáil chun feabhas a chur ar a chumas measúnú riosca mear a chur ar fáil agus chun foilsíú comhairle a thacú le bearta cumarsáide leordhóthanacha. Maidir leis an dara cleachtadh, thástáil sé cumas an Údaráis cumarsáid agus comhoibriú a dhéanamh leis an gCoimisiún Eorpach agus le Ballstáit i gcás géarchéime.

Le chéile, chlúdaigh an dá ionsamhlúchán na hoibríochtaí uile agus an cúrsa gníomhaíochtaí iomlán is gá don Údarás a thabhairt chun críche – bheith

chomh tapa agus is féidir agus torthaí ardchaighdeáin á gcur ar fáil – chun géarchéim a bhainistiú go rathúil. Úsáideadh na hionsamhlúcháin seo chun lámhleabhar géarchéime EFSA a nuashonraíodh go luath in 2009 a thástáil freisin. Tríd is tríd, ba chleachtadh luachmhar iad na hionsamhlúcháin a chabhraigh le foireann an Údaráis foghlaim faoi na nósanna imeachta agus faoin mbonneagar agus triail a bhaint astu, agus a bheith níos compordaí nuair is gá dóibh déileáil le cás iarbhir.

Ón teoiric go cleachtas

Le cois na ngéarchéimeanna ionsamhalta, bhí ar EFSA déileáil le cásanna iarbhir, go háirithe an gá comhairle eolaíoch phráinneach a chur ar fáil i ndáil le nicitín i muisiriúin fhiáine agus dúch pacáistíochta i ngránach bricfeasta.

I mí Feabhra 2009, d'aimsigh saotharlann sa Ghearmáin leibhéal arda de 4-meitilbeinsifeanón (substaint a úsáidtear i ndúigh chlódóireachta do phacáistíocht bia) i ngránach bricfeasta. Mar thoradh air sin, fuair EFSA iarratas ar chomhairle ghasta ón gCoimisiún Eorpach. Ina chéad mheasúnú, a bhí bunaithe ar shonraí ó Bhallstáit, chinn an tÚdarás nár chóir go mbeadh formhór an phobail i mbaol mar thoradh ar ghránach bricfeasta éillithe a ithe sa ghearrthéarma, ach go mbeadh tuilleadh sonraí ag teastáil chun measúnú riosca iomlán a dhéan-



amh dá leanfadh éilliú bia le 4-meitilbeinsifeanón ar aghaidh. I ndiaidh an teagmhais seo, lean EFSA de ag scrúdú an ábhair seo agus thug sé comhairle bhreise a chuir leis an bhfreagra mear a tugadh níos túisce. Bhunaigh an tÚdarás meitheal d'ábhair theagmhála bia neamhphlaisteacha freisin agus thiomsaigh sé liosta de theagmhálaithe is saineolaithe chun tacaíocht eolaíoch a fháil.

In 2009, braitheadh nicitín i samplaí de muisiriúin *boletus* sa Ghearmáin freisin. Arís, rinne an Coimisiún Eorpach teagmháil le EFSA chun tuairim a iarraidh faoi cibé an raibh nó nach raibh an nicitín ina dhíol inmí maidir le sábháilteacht. Fuarthas an t-iarraitas an 27 Aibreán agus ba é an spriocdháta don ráiteas deich lá níos déanaí, an 7 Bealtaine. Chinn an tÚdarás go bhféadfadh na hiarmhair a fuarthas a bheith baolach do shláinte tomhaltóirí. Ar bhonn ráiteas EFSA, bhunaigh an Coimisiún Eorpach agus na Ballstáit treoilínte chun leibhéal ard cosanta do thomhaltóirí a chinntiú san AE. Go háirithe, bunaíodh clár monatóireachta agus treoiluachanna tagartha sealadacha d'iarhair i muisiriúin úra agus thriomaithe.

I gcás an dá chás phráinneacha seo, bhí an tÚdarás in ann comhairle a chur ar fáil go gasta agus inmí poiblí gan chúis a sheachaint.

Bheith éifeachtúil agus éifeachtach

Tháinig méadú ar ualach oibre eolaíoch EFSA arís in 2009, agus tháinig méadú ar líon na sainorduithe maidir le comhairle eolaíoch, ón gCoimisiún Eorpach go príomha, ó thart ar 285 in 2008 go 317 in 2009. Tháinig méadú suntasach comhfhreagrach ar na haschuir eolaíoch: 636 san iomlán in 2009 i gcomparáid le 489 in 2008, méadú 30 %. Go háirithe, mar gheall ar mhéaduithe ar éifeachtúlacht agus an méadú ar acmhainní tiomanta do na ranna a dhéileáil le hiarratais (na Ranna ANS, CEF, FEEDAP, GMO, NDA agus PRAPeR) le blianta beaga anuas, tháinig méadú mór ar a dtáirgiúlacht, ó 165 tuairim ghlactha in 2008 go 435 in 2009. Lena chois sin, chun tacú le painéil agus chun feabhas breise a chur ar a gcumas iarratais a phróiseáil, rinneadh breis gníomhaíochtaí a sheachfhoinsiú trí mheán conarthaí agus deontas (féach lch 12 chomh maith), agus tháinig méadú ar líon na saineolaithe seachtracha a thug cabhair do na painéil mar bhaill de mheithleacha. Ina theannta sin, lean an tÚdarás de ag múscaill feasachta ar obair eolaíoch EFSA trí mheán caidrimh réamhghníomhaigh leis na meáin chumarsáide: thacaigh gníomhaíochtaí meán cumarsáide le

34 % de thuairimí EFSA in 2009; trí fhoilseacháin i ngach teanga AE, trí 19 n-imeacht ar fud na hEorpa, agus trí fheabhas leanúnach a chur ar láithreán gréasáin EFSA d'fhonn a inúsáideacht agus a inrochtaineacht a fheabhsú. ■

III. AG FÉACHAINT AR AGHAIDH DON BHLIAIN 2010





In 2009, lean an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia de ag gníomhú mar chuid bhunúsach de chóras sábháilteachta bia an AE agus méadaíodh a infheictheacht go hidirnáisiúnta. In 2010, tá sé mar aidhm ag EFSA cur leis na héachtaí seo trí chumas measúnaithe riosca san Eoraip a mhéadú, trí éifeachtacht a chuid cumarsáide a threisiú agus trína tharraingteacht do bhaill foirne agus do shaineolaithe a dhaingniú.

In 2010, méadófar ualach oibre EFSA arís, go háirithe i réimse na n-údaruithe. Agus é ag leanúint de ag sruthlíniú a shreabha oibre, meastar go dtáirgfídh EFSA thart ar 900 aschur eolaíoch. Is éard atá i gceist le cumas measúnaithe riosca san Eoraip a mhéadú ná cláir oibre EFSA a chomhroinnt le gníomhaireachtaí náisiúnta ag céim luath d'fhonn éascaíocht a dhéanamh ar a bpleanáil mheántéarmach agus ar shocrú tosaíochtaí in éineacht leis an gCoimisiún.

In 2010, beidh méadú a ghníomhaíochtaí bailithe sonraí ar fud an AE mar thionscadal tábhachtach de chuid an Údaráis freisin. An aidhm leis ná feabhas breise a chur ar chomhsheasmhacht sonraí ar fud Ballstát chun go mbeidh sonraí níos incomparáide. Eiseamláir de seo is ea an tionscadal *EU Menu – What's on the Menu in Europe?* [Céard atá ar an mBiachlár san Eoraip?] a bhfuil mar aidhm aige bailiú sonraí faoi thomhaltas bia ar fud na hEorpa a chomhchuihiú.

Eiseoidh EFSA a chéad Straitéis Eolaíochta in 2010, rud a chuirfidh an obair seo uile i gcomhthéacs.

Leanfaidh comhoibriú láidir EFSA le Ballstáit, le páirtithe leasmhara agus le gníomhairí eile sa slabhra bia ar aghaidh chun a chinntiú go mbeidh cosaint tomhaltóirí agus beartas sláinte tacaíthe ag an bhfianaise eolaíoch is urrúnta a bheidh ar fáil, agus go mbeidh tionchar leanúnach ag EFSA ar fhorbairt modheolaíochtaí measúnaithe riosca san Eoraip agus níos faide i gcéin. Chun na críche seo, leanfaidh EFSA de ag cur a chur chuige straitéiseach i ndáil le gníomhaíochtaí idirnáisiúnta i bhfeidhm.

Agus Coimisiún Eorpach nua agus Parlaimint na hEorpa nua ainmnithe, cruthóidh EFSA naisc níos láidre fós le hinstiúidí AE. Is sprioc bhunúsach de chuid an Údaráis fós í iontaoibh agus muinín as EFSA agus as córas sábháilteachta bia an AE a atreisiú trí rioscaí a chur in iúl go héifeachtach agus trí chomhphlé a dhéanamh le páirtithe agus le páirtithe leasmhara.

Déanfaidh EFSA athbhreithniú ar a Straitéis Chumarsáide, a glacadh in 2006, chomh maith chun aird a thabhairt ar athruithe sa tírdhreach cumarsáide agus ar fhás agus ar fhorbairt na heagraíochta. Is í an aidhm atá leis an gcur chuige foriomlán ná caidreamh oibre dlúth a choinneáil le gníomhaireachtaí náisiúnta sábháilteachta bia agus le líonraí páirtithe leasmhara, feabhas breise a chur ar shimplíocht


cht a chumarsáide agus for-rochtain ar an bpobal a mhéadú. Cuirfear an straitéis chumarsáide athbhreithnithe ar fáil le haghaidh comhairliúcháin phoiblí agus beartaítear í a chur faoi bhráid an Bhoird Bhainistíochta le haghaidh a bailíochtaíthe deiridh faoi dheireadh 2010.

In 2010, leanfaidh EFSA de ag treisiú a chaidrimh le páirtithe leasmhara. Chun é sin a dhéanamh, forbróidh sé plean oibre rollach a nuashonrófar go leanúnach. Sa phlean seo tabharfar forbhreathnú ar na páirtithe leasmhara agus na himeachtaí uile eagraithe do gheallsealbhóirí agus i gcomhar le pháirtithe leasmhara. Ina measc siúd beidh: breis cruinnithe teicniúla le páirtithe leasmhara in 2010; meitheal nua chun modhanna a mholadh um rannpháirteachas geallsealbhóirí i ngníomhaíochtaí EFSA a chothú agus a threisiú, i dteannta páirt a ghlacadh i gcomhairliúcháin phoiblí agus in imeachtaí eolaíochta EFSA; agus bunú grúpaí comhairleacha.

Mar sin, cuirfidh EFSA leis an dul chun cinn a rinneadh le blianta beaga anuas chun aghaidh a thabhairt ar an ualach oibre a bhíonn ag dul i méid i gcónaí, agus déanfaidh sé idirghníomhú breise le páirtithe agus le páirtithe leasmhara ag leibhéal náisiúnta, Eorpach agus idirnáisiúnta. Déanfaidh sé seo cinnte go mbeidh EFSA réidh agus in ann a pháirt a ghlacadh i gcosaint sábháilteachta bia agus sláinte poiblí san Eoraip.

IARSCRÍBHINN I – CAIRT EAGRAÍOCHTA





IARSCRÍBHINN II – LIOSTA ACRAINMNEACHA





ADI	Iontógáil Laethúil Inghlactha
AE	An tAontas Eorpach
AFCWG	Advisory Forum Communications Working Group [Meitheal Cumarsáide an Fhóiraim Chomhairligh]
AHAW	Panel/Unit on animal health and welfare [Painéal/Roinn um shláinte agus leas ainmhithe]
AMR	Fríthsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbaigh
AMU	Assessment Methodology Unit [Roinn um Modheolaíocht Measúnaithe]
ANS	Panel/Unit on food additives and nutrient sources added to food [Painéal/Roinn um breiseáin agus fhoinsí cothaitheacha ama gcur le bia]
AS	Ard-Stiúrthóireacht (An Coimisiún Eorpach)
AS SANCO	AS Sláinte agus Tomhaltóirí, an Ard-Stiúrthóireacht Sláinte agus Tomhaltóirí
BIOHAZ	Panel/Unit on biological hazards [Painéal/Roinn um ghuaiseacha bitheolaíocha]
BPA	Bisfeanól A
CE	An Coimisiún Eorpach
CEF	Panel/Unit on food contact materials, enzymes, flavourings and processing aids [Painéal um ábhair theagmhála bia, einsímí, blastáin agus áiseanna próiseála]
Coiste ENVI	Coiste Comhshaoil, Sláinte Poiblí agus Sábháilteachta Bia (Parlaimint na hEorpa)
CONTAM	Panel/Unit on contaminants in the food chain [Painéal/Roinn um éilleáin sa slabhra bia]
DATEX	Data Collection and Exposure (Unit) [(Roinn um)Bailiú Sonraí agus Nochtadh]
DRV(anna)	Luach(anna) Tagartha Cothúcháin
ECDC	An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú
ECHA	An Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán
EFSA	An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia
EMA	An Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach
EMRISK	Emerging Risks (Unit) [(Roinn um) Rioscaí atá ag Teacht Chun Cinn]
ESB	Einceifileapaite spúinseach bhólachta
ESCO	Comhoibriú eolaíoch EFSA
FAO	Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe
FEEDAP	Panel/Unit on additives and products or substances used in animal feed [Painéal/Roinn um breiseáin agus táirgí nó substaintí arna n-úsáid i mbia d'ainmhithe]
GM	Géinathraithe
GMO(nna)	Orgánach géinathraithe (Orgánaigh ghéinathraithe)
HC	Health Canada

IAS	Internal Audit Services [Seirbhísí Iniúcháireachta Inmheánaí] (An Coimisiún Eorpach)
INEX	Córas um athbhreithniú inmheánach agus seachtach EFSA
JRC	An tAirmheán Comhpháirteach Taighde
MRL(anna)	Uasleibhéal (Uasleibhéil) Iarmhair
MRSA	Staphylococcus Aureus meiticillinfhriotaíoch
NDA	Panel/Unit on dietetic products, nutrition and allergies [Painéal/Roinn um tháirgí diaitéiteacha, chothú agus ailéirg]
PE	Parlaimint na hEorpa
PLH	Panel/Unit on plant health [Painéal/Roinn um shláinte plandaí]
PPR	Panel/Unit on plant protection products and their residues [Painéal/Roinn um tháirgí cosanta plandaí agus a n-iarmhair]
PRA	Pest Risk Analysis [Anailísiú Riosca Lotnaidí]
PRAPeR	Pesticide Risk Assessment Peer Review (Unit) [(Roinn um) Athbhreithniú Piaráir ar Mheasúnuithe Riosca Lotnaidicídí]
RA	Risk Assessment Directorate [Stiúrthóireacht Measúnaithe Riosca]
RA	An Ríocht Aontaithe
RASFF	An Córas Mear-rabhaidh um Bia don Duine agus d'Ainmhithe (An Coimisiún Eorpach)
SAM	Stáit Aontaithe Mheiriceá
SC	Scientific Committee [An Coiste Eolaíoch]
SCA	Scientific Cooperation and Assistance (Directorate) [(Stiúrthóireacht um) Chomhoibriú agus Cuidiú Eolaíoch]
SCENIHR	Scientific Committee on Emerging and Newly Identified Health Risks (European Commission) [Coiste Eolaíoch um Rioscaí Sláinte atá ag Teacht Chun Cinn agus Rioscaí Sláinte Nua-Aitheanta (An Coimisiún Eorpach)]
SCO	Scientific Cooperation (Unit) [(Roinn um) Chomhoibriú Eolaíoch]
TSE	Einceifileapaite Spúinseach In-tarchurtha
US	United States
WHO	An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte

IARSCRÍBHINN III – TUAIRIMÍ AGUS DOICIMÉID EOLAÍOCHA EFSA 2009



Forbhreathnú araschuireolaíoch EFSA 2009

Painéal / Roinn	Tuairimí faoi Iarratais an Choiste Eolaíoch / na bPainéal	Tuairimí Cineálacha an Choiste Eolaíoch / na bPainéal	Ráitis ón gCoiste Eolaíoch / ó na Painéil	Treoracha ón gCoiste Eolaíoch / ó na Painéil	Ráitis ó EFSA	Treoracha ó EFSA	Conclúidí ón Athbhreithniú Piaráí ar Lotnaidicídí	Tuairimí Réasúnaithe	Tuarascálacha Eolaíoch nó Teicniúla EFSA	Tuarascálacha seachtracha*
An Coiste Eolaíoch (SC)	-	2	-	3	1	-	-	-	7	-
Sláinte agus Leas Ainmhithe (AHAW)	-	15	1	1	-	-	-	-	2	7
Breiseáin bhia agus foinsí cothaitheacha (ANS)	33	2	37	1	-	-	-	-	-	-
Guaiseacha bitheolaíoch (BIOHAZ)	2	16	2	-	2	-	-	-	-	-
Ábhair theagmhála bia, einsímí, blastáin (CEF)	78	3	-	2	1	-	-	-	2	-
Éilleáin (CONTAM)	-	12	2	-	1	-	-	-	-	2
Breiseáin bheatha (FEEDAP)	36	3	-	1	-	1	-	-	-	1
Orgánaigh ghéinathraithe (GMO)	17	9	1	-	1	-	-	-	16	-
Cothú (NDA)	165	9	-	-	1	2	-	-	-	-
Sláinte plandaí (PLH)	-	2	1	1	-	-	-	-	-	10
Táirgí cosanta plandaí (PPR)	-	8	-	-	-	1	-	-	5	1
Modheolaíocht measúnaithe (AMU)	-	-	-	-	-	-	-	-	1	2
Bailiú sonraí agus nochtadh (DATEX)	-	-	-	-	-	1	-	-	4	2
Rioscaí atá ag teacht chun cinn (EMRISK)	-	-	-	-	-	-	-	-	2	1
Lotnaidicídí (PRAPeR)	-	-	-	-	1	-	28	76	1	-
Comhoibriú eolaíoch (SCO)	-	-	-	-	-	-	-	-	-	2
Zónóisí (Bailiú sonraí)	-	-	-	-	-	-	-	-	14	5
Iomlán	331	81	44	9	8	5	28	76	54	33
Aschuir eolaíoch a iomlána EFSA	636									

*Tuarascálacha táirgthe do EFSA ag páirtithe seachtracha faoi réir nósanna imeachta sainiúla EFSA

An Coiste Eolaíoch

An tasc príomhúil atá ag an gCoiste Eolaíoch ná comhairle eolaíoch a ullmhú sa réimse de chineálacha cur chuige nua agus comhchuibhithe do mheasúnú riosca bia agus beatha. Cuireann sé comhairle straitéiseach ar fáil do Stiúrthóir Feidhmiúcháin EFSA freisin.

Aschuir eolaíoch 2009	Líon
Tuairimí Cineálacha an Choiste Eolaíoch	2
Treoracha ón gCoiste Eolaíoch	3
Ráitis ó EFSA	1
Tuarascálacha Eolaíoch nó Teicniúla EFSA	7

Iarradh ar an gCoiste Eolaíoch comhairle bhreise a sholáthar faoi na himpleachtaí atá i gceist le clónáil ainmhithe, agus go háirithe, mionsonraí breise a chur ar fáil faoi na moltaí a cuimsíodh sa tuairim faoi chlónáil ainmhithe a foilsíodh in 2008. Foilsíodh ráiteas EFSA i mí an Mheithimh 2009. Iarradh ar an gCoiste Eolaíoch treirdhoiciméad a ullmhú do mheasúnú sábháilteachta iarratas maidir le naineolaíocht agus nanaitheicneolaíochtaí a úsáid i mbia agus i mbeatha. Cuireadh tús le hobair chun moltaí praiticiúla a chur ar fáil do mheasúnuithe riosca ar úsáid nanaitheicneolaíochtaí i gcúrsaí a bhaineann le bia, a mhéid is féidir i bhfianaise an eolais atá ann i láthair na huaire. Tabharfar an treoir seo chun

críche faoi shamhradh 2010. Le tacaíocht ó Chathaoirleach an Choiste Eolaíoch, a bhí ina chathaoirleach ar chomh-mheitheal i ndáil leis an ábhar seo, thug an Painéal GMO agus an Painéal BIOHAZ aird ar chineálacha cur chuige maidir le frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbaigh, rud atá ina ghníomhaíocht leathan de chuid EFSA. Ghlac an Coiste Eolaíoch doiciméad dírithe ar fhollasacht sna haschuir eolaíoch a tháirgeann EFSA. Déileáilann an doiciméad seo le prionsabail ghinearálta ar chóir iad a chur i bhfeidhm in aithint foinsí sonraí, critéir um shonraí a chuimsiú/a eisiáimh, rúndacht sonraí, toimhdí agus éiginnteachtaí.

Chuir an Coiste Eolaíoch agus a Mheithleacha le forbairt, le cur chun cinn agus le cur i bhfeidhm cineálacha cur chuige agus modheolaíochtaí nua agus comhchuibhithe i ndáil le measúnú riosca sa réimse de shábháilteacht bia agus beatha. Go háirithe, tugadh an treirdhoiciméad ar fhollasacht i measúnú riosca chun críche i ndiaidh comhairliúcháin phoiblí. Tugadh chun críche treirdhoiciméad eile a bhain leis an gcur chuige um dháileog tagarmhairc (BMD)

a úsáid; eagrófar ceardlann in 2010 chun cur le sainéolas EFSA sa réimse seo agus chun cur i bhfeidhm cur chuige comhchuibhithe trasna Painéal a chinntiú. Foilsíodh an tuairim faoi na cineálacha chuige atá ann d'ionadú, do laghdú agus do mhionleasú tástála ainmhithe i measúnú riosca bia agus beatha chomh maith. Tugadh an treoir faoi mheasúnú sábháilteachta ábhar luibheolaíoch agus ullmhóidí luibheolaíoch chun críche, le haird ar na moltaí déanta ag meitheal ESCO (Comhoibriú Eolaíoch EFSA) a d'oibrigh ar chásanna roghnaithe. Eagraíodh ceardlann i mí na Samhna 2009 chun an obair déanta ag EFSA a chur i láthair do pháirtithe leasmhara agus do Bhallstáit agus chun an bealach féideartha chun cinn i ndáil leis an tsaincheist seo a phlé. Tá obair ar siúl ar infheidhmeacht níos leithne an choincheapa maidir le tairseach de dhíol imní tocsaineolaíoch i measúnuithe riosca EFSA. Tabharfar an tuairim faoi mheasúnú riosca agus tairbhe bianna chun críche in 2010 i ndiaidh comhairliúcháin phoiblí. Bunaíodh meitheal nua chun tráchtairacht agus moltaí a chur ar fáil faoi straitéisí tástála géineatocsaineachta sa réimse de ghníomhaíochtaí EFSA.

Féach ar an CD-ROM ceangailte le haghaidh tuilleadh mionsonraí.

Sláinte agus leas ainmhithe

Cuireann an Painéal um Shláinte agus Leas Ainmhithe (Painéal AHAW) comhairle eolaíoch neamhspleách ar fáil faoi gach gné de ghalair ainmhithe agus de leas ainmhithe. Baineann a chuid oibre go príomha le hainmhithe bia, éisc san áireamh.

Aschuir eolaíocha 2009	Líon
Tuairimí Cineálacha an Phainéil AHAW	15
Ráitis ón bPainéal AHAW	1
Treoracha ón bPainéal AHAW	1
Tuarascálacha Eolaíocha nó Teicniúla EFSA	2
Tuarascálacha seachtracha*	7

*Tuarascálacha táirgthe do EFSA ag páirtithe seachtracha faoi réir nósanna imeachta sainiúla EFSA

Ghlac an Painéal AHAW 13 thuairim eolaíoch maidir le saincheistean leasa ainmhithe a bhain le leas bó déiríochta, stiúdadh agus marú speiceas éisc, cineálacha cur chuige ginearálta i ndáil le leas éisc agus an coincheap de mhothaitheacht éisc. Lena chois sin, glacadh ráiteas maidir le riachtanais taighde i ndáil le leas iasc saothraithe. Glacadh tuairimí eolaíocha faoi *Brucella suis* i muca agus faoi ghalar fuilreatha eipeasótach. I gcomhar le roinnt ranna eile, tugadh tuarascáil eolaíoch inmheánach ar an bhfliú paindéimeach nua (H1N1) chun críche mar fhreagairt ghar-ullmhachta. Faoi Airteagal 36,

críochnaíodh tuarascálacha seachtracha ar eitinn i bhfiadhúlra an AE, ar fhiabhras fuilreatha Chongó na Crimé, ar ghalar fuilreatha eipeasótach, ar víreas seipticéime fuilreatha víreasaí, ar *Bonamia* spp. agus ar threoirlínte measúnaithe riosca do leas ainmhithe i ndáil le hiompar. Seoladh dhá ghlaó Airteagal 36, ceann amháin faoi threoirlínte measúnaithe riosca do leas ainmhithe (saothraíocht agus bainistíocht) agus ceann eile faoi thionchar roghnaithe ghéinitigh ar shláinte agus leas speiceas beostoic. Tionóladh cruinniú teicniúil maidir le roghnú géiniteach i bpóru sícíní grísce le páirtithe leasmhara (eagraíochtaí neamhrialtasacha, tionscal, cumainn feirmeoirí agus saineolaithe Ballstáit) chun plé a dhéanamh ar fhóinsí sonraí agus ar infhaighteacht sonraí, agus ar chineálacha cur chuige measúnaithe riosca chun tacú leis an sainordú maidir le gnéithe sláinte agus leasa an roghnaithe ghéinitigh i sícíní grísce. Ina theannta seo, seoladh glao poiblí ar shonraí don sainordú seo.

Glacadh treoirchoiciméad maidir le dea-chleachtas i stiúradh measúnaithe eolaíocha ar shláinte ain-

mhithe trí leas a bhaint as samháltú. Tionóladh cruinniú speisialta den Fhóram Comhairleach faoi shláinte agus leas ainmhithe i mí na Bealtaine chun ábhair chomhleasa a phlé agus moltar an cleachtadh seo a dhéanamh arís d'fhonn comhoibriú níos dlúithe idir Ballstáit agus EFSA a chur chun cinn. Foilsíodh tuarascáil theicniúil ina ndearnadh cur síos ar thorthaí suirbhé a rinne an Roinn AHAW ar eagrú, ar chineálacha cur chuige agus ar nósanna imeachta a úsáidtear i measúnuithe riosca ar shláinte agus leas ainmhithe sna Ballstáit. Leanfar ar aghaidh le hobair chun modheolaíochtaí measúnaithe riosca a fhorbairt, lena n-áirítear tionscadal Airteagal 36 faoi mheasúnuithe riosca ar allmhairiú bunaithe ar thráchtarraí.

Féach ar an CD-ROM ceangailte le haghaidh tuilleadh mionsonraí.

Breiseáin agus foinsí cothaitheacha arna gcur le bia

Déileálann an Painéal um breiseáin agus fhoinsí cothaitheacha arna gcur le bia (Painéal ANS) le saincheistean a bhaineann le sábháilteacht maidir le húsáid breiseán bia, foinsí cothaitheacha agus substaintí eile arna gcur le bia d'aon toisc (féach ar lch 46 le haghaidh eolais faoi bhlastáin agus einsímí).

Aschuir eolaíoch 2009	Líon
Tuairimí faoi iarratais an Phainéil ANS	33
Tuairimí Cineálacha an Phainéil ANS	2
Ráitis ón bPainéal ANS	37
Treoracha ón bPainéal ANS	1

Ghlac an Painéal ANS 72 tuairim agus ráiteas eolaíoch a d'fhreagair do 157 sainchomhad iarratais. Chun meastóireacht ar fhoinsí cothaitheacha a thabhairt chun críche, glacadh 23 tuairim eolaíoch agus 36 ráiteas eolaíoch a d'fhreagair do 144 sainchomhad iarratais. Leanadh ar aghaidh le measúnuithe riosca ar bhreiseáin bhia eile (e.g. meastóireacht ar bhreiseáin bhia nua agus athmheastóireacht ar dhathúcháin bhia) agus ghlac an painéal 12 thuairim eolaíoch (10 dtuairim iarratais agus 2 thuairim chineálach) agus ráiteas amháin sa réimse seo. Tugadh dhá chonradh a eisíodh in 2008 agus a bhain le hullmhú doiciméad réamh-mheastóireachta um meastóire-

acht ar fhoinsí cothaitheacha d'fhorbhianna chun críche i mí na Bealtaine 2009. Síniadh ceithre chonradh nua chun tacú le sainorduithe leanúnacha agus amach anseo i ndáil le hathmheastóireacht ar bhreiseáin bhia. Tionóladh cruinniú le Rúnaíocht an *Joint FAO/WHO Expert Committee on Food Additives* [Comhchoiste Saineolaithe FAO/WHO ar Éilleáin agus ar Bhreiseáin Bhia] (JECFA) chun comhoibriú a phlé. Foilsíodh trí ghlaio phoiblí ar shonraí d'fhonn sonraí a bhailiú d'athmheastóireacht breiseán bia éagsúil a bhain leis na ranganna feidhmeacha de leasaithe, frithocsaídeoirí, eiblitheoirí, cobhsaitheoirí, oibreáin ghlóthúcháin agus céaracha.

Ghlac an Painéal ANS ráiteas faoi na sonraí atá ag teastáil le haghaidh iarratas maidir le breiseáin bhia, d'fhonn bonn a chur ar fáil d'ullmhú treorach faoi iarratais maidir le breiseáin bhia amach anseo. Tugadh chun críche conradh soláthair chun tuairimí a fháil faoin treoir atá ann d'iarratais maidir le breiseáin bhia agus chun tograí a fháil d'fhorbairt bhreise treorach nuashonraithe i mí na Bealtaine. Chuathas i gcomhairle le páirtithe leasmhara agus an treoir atá ann á scríobh chomh maith. Beartaítear treoir nua a chur ar fáil d'iarratais maidir le breiseáin bhia.

Féach ar an CD-ROM ceangailte le haghaidh tuilleadh mionsonraí.

Guaiseacha bitheolaíoch a lena n-áirítear TSEanna

Déileálann Painéal um ghuaiseacha bitheolaíoch (Painéal BIOHAZ) EFSA le guaiseacha bitheolaíoch a bhaineann le sábháilteacht bia, galair bhia-iompartha, einceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha (TSEanna), micribhitheolaíocht bhia, sláinteachas bia agus saincheisteanna bainteacha a bhaineann le bainistiú dramhaíola.

Aschuir eolaíoch 2009	Líon
Tuairimí faoi Iarratais an Phainéil BIOHAZ	2
Tuairimí Cineálacha an Phainéil BIOHAZ	16
Ráitis ón bPainéal BIOHAZ	2
Ráitis ó EFSA	2

San iomlán, ghlac an Painéal BIOHAZ 24 tuairim agus tuarascáil eolaíoch in 2009. Eisíodh comh-thuairim ar fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbaigh (AMR) i gcomhar le EMEA, ECDC agus SCENIHR agus eisíodh comh-thuarascáil eolaíoch ar *Staphylococcus aureus* meiticillinfhriotaíoch (MRSA) i gcomhar le ECDC agus EMEA. Ina theannta sin, ghlac BIOHAZ tuairim faoi MRSA in ainmhithe agus i mbia agus i gcomhar leis an bPainéal GMO, d'eisigh sé comh-thuairim ar úsáid géinte AMR mar mharcóirí i bplandaí géinathraithe. Bhain tuairimí eile leis na hábhair seo a leanas: úsáid baictéara-fagach i dtáirgeadh bia; gnéithe sábháilteachta bia de leas bó déiríochta;

Campalabaictéar; frithsheasmhacht in aghaidh ESB i ngabhair; ESB i gcásálacha stéigeacha buaibheacha; an riosca atá i gceist do shláinte daoine agus ainmhithe mar thoradh ar leasú na réime monatóireachta ESB i roinnt Ballstát; agus trí thuairim ar fhotháirgí ainmhithe. Tugadh an chéad samhail mheasúnaithe riosca mhicribhitheolaíoch, chainníochtúil (QMRA) uile-Eorpach de *Salmonella* i muca, a bhí maoinithe faoi Airteagal 36, chun críche in 2009. Tionóladh ceardlann le saineolaithe agus le páirtithe leasmhara agus cuirfidh an Painéal BIOHAZ a thuairim ar bhonn na tuarascála ar fáil in 2010. Tionóladh cruinnithe páirtithe leasmhara leis an *European Livestock and Meat*

Trading Union [Ceardchumann Eorpach um Thrádáil Beostoic agus Feola] (UECBV) agus leis an European Fat Processors and Renderers Association [Cumann Eorpach um Próiseálaithe agus Lucht Rindreála Saille] (EFPRA). Tugadh an tionscadal seachfhoinsithe ar chríoch deiridh *Salmonella* spp. ar ablaigh sicíní grísce.

Tionóladh cruinnithe de na líonraí um Measúnú Riosca Micribhitheolaíoch agus um ESB-TSE i mí an Mheithimh agus mí Dheireadh Fómhair 2009, faoi seach. Glacadh an tuairim faoi choinneáil an liosta de mhicrorgánaigh le *Qualified Presumption of Safety* [Toimhde Coinníollach de Shábháilteacht] (QPS).

Féach ar an CD-ROM ceangailte le haghaidh tuilleadh mionsonraí.

Ábhair theagmhála bia, einsímí, blastáin agus áiseanna próiseála

Déileálann an Painéal um ábhair theagmhála bia, einsímí, blastáin agus áiseanna próiseála (Painéal CEF) le saincheistanna a bhaineann le sábháilteacht ábhar a bhíonn i dteagmháil le bia, einsímí, blastán agus áiseanna próiseála, agus le saincheistanna a bhaineann le leibhéal sábháilteachta próiseas.

Aschuir eolaíocha 2009	Líon
Tuairimí faoi Iarratais an Phainéil CEF	78
Tuairimí Cineálacha an Phainéil CEF	3
Treoracha ón bPainéal CEF	2
Ráitis ó EFSA	1
Tuarascálacha Eolaíocha nó Teicniúla EFSA	2

Ghlac an Painéal CEF 78 tuairim san iomlán. Maidir leo siúd, bhain 38 le 300 substaint is blastán agus bhain 29 le substaintí a úsáidtear chun ábhair theagmhála bia a dhéanamh. Ina theannta sin, glacadh 11 tuairim faoi bhlastáin deataigh. Cuireadh comhairle phráinneach ar fáil i bhfoirm ráiteas EFSA ar rioscaí féideartha a bhaineann le 4-beinsifeanón agus hidroc-saibeinsifeanón de bhunadh ábhair theagmhála bia. Eagraíodh 8 gcruinniú le páirtithe leasmhara (tionscal, eagraíochtaí tomhaltóirí agus an Coimisiún). Chuir dhá chonradh tacaíocht ar fáil do mheastóireacht leanúnach 2 600 substaint is blastán atá ar an mar-

gadh agus sannadh dhá chonradh nua d'obair ullmhúcháin sa réimse d'ábhair theagmhála bia.

Ghlac an Painéal CEF treoirlínte do mheastóireacht pacáistíochta gníomhaí agus cliste agus do mheastóireacht einsímí bia. Eagraíodh comhairliúcháin phoiblí faoi thrí threirdhoiciméad maidir le heinsímí, pacáistíocht ghníomhach agus chliste, agus blastáin. Eagraíodh ocht gcruinniú leis an tionscal chun na riachtanais leagtha síos sa treirdhoiciméad maidir le meastóireacht einsímí a phlé agus a shoiléiriú. Lena chois sin, glacadh tuairimí

faoi shoiléiriú na lamhála sábháilteachta i bhfeidhm do mheastóireacht ar bhlastáin deataigh agus faoi mheasúnú ar nochtadh cothúcháin do bhlastáin deataigh. Tugadh measúnú sábháilteachta ar an tuaslagóir eastósctha démhéiteilítear chun críche.

Féach ar an CD-ROM ceangailte le haghaidh tuilleadh mionsonraí.

Éilleáin sa slabhra bia

Tá an Painéal um éilleáin sa slabhra bia (Painéal CONTAM) freagrach as saincheisteanna a bhaineann le héilleáin sa slabhra bia agus beatha agus substaintí neamh-inmhianaithe cosúil le substaintí tocsaineacha nádúrtha, míceatocsainí agus iarmhair de shubstaintí neamhúdaraithe nach gclúdaíonn Painéil eile.

Aschuir eolaíocha 2009	Líon
Tuairimí Cineálacha an Phainéil CONTAM	12
Ráitis ón bPainéal CONTAM	2
Ráitis ó EFSA	1
Tuarascálacha seachtracha*	2

*Tuarascálacha táirgthe do EFSA ag páirtithe seachtracha faoi réir nósanna imeachta sainiúla EFSA

Ghlac an Painéal CONTAM 14 aschur eolaíoch (12 thuairim agus dhá ráiteas). Bhain trí thuairim le hiarmhairt miotal cosúil le caidmiam, arsanaic agus úráiniam. Lena chois sin, tugadh cúig thuairim ar thocsainí sliogéisc rialaithe chun críche. D'éisigh an Painéal ráiteas maidir le tionchar na próiseála ar thocsainí sliogéisc agus ráiteas faoi thionchar aflatoc-sainí i gcnónna crainn seachas almóinní, cnónna coill agus cnónna piostáise ar shláinte phoiblí. Tugadh chun críche an mheastóireacht ar rioscaí do shláinte ainmhithe a bhaineann le substaintí tocsaineacha planda nádúrtha a bheith i láthair i mbeatha ain-

mhithe (dhá thuairim). I ndiaidh iarratas a fháil ón gCoimisiún, rinne an Painéal CONTAM meastóireacht ar na critéir agus ar shábháilteacht substaintí a iompraítear mar lastas i gcoimeádáin loinge a úsáidtear chun saillte agus olaí inite a iompar isteach san AE ansin (dhá thuairim).

Ina theannta sin, i gcomhar leis na Ranna DATEX agus PRAPeR, chuir an Painéal CONTAM comhairle mhear ar fáil faoi nicitín i muisiriúin fhiáine, a chuir ar chumas an Choimisiúin bearta tráthúla a chur i bhfeidhm chun sláinte phoiblí a chosaint. Forbraíodh bunachar

sonraí ar tháirgí leighis tréidliachta a úsáidtear i dTríú Tíortha laistigh de chreat thionscadal Airteagal 36; éascaíonn an bunachar sonraí cur chuige réamhghníomhach maidir le hullmhú iarratas amach anseo faoi theorainneacha iarmhair substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de in earraí bia de bhunadh ainmhíoch. Ullmhaíodh doiciméad cúlra inar tugadh achoimre ar fhaisnéis maidir le hanailísiú, minicíocht agus tocsaineolaíocht ocht míceatocsain agus dtáirge planda nádúrtha trí mheán thionscadal Airteagal 36 a bhí dírithe ar mheasúnuithe riosca amach anseo a éascú.

Féach ar an CD-ROM ceangailte le haghaidh tuilleadh mionsonraí.

Breiseáin agus táirgí nó substaintí arna n-úsáid i mbia d'ainmhithe

Cuireann Painéal um breiseáin agus táirgí nó substaintí arna n-úsáid i mbia d'ainmhithe (Painéal FEEDAP) EFSA comhairle eolaíoch neamhspleách ar fáil faoi shábháilteacht agus/nó éifeachtacht breiseán agus táirgí nó substaintí arna n-úsáid i mbia d'ainmhithe.

Aschuir eolaíocha 2009	Líon
Tuairimí faoi Iarratais an Phainéil FEEDAP	36
Tuairimí Cineálacha an Phainéil FEEDAP	3
Treoracha ón bPainéal FEEDAP	1
Treoracha ó EFSA	1
Tuarascálacha seachtracha*	1

*Tuarascálacha táirgthe do EFSA ag páirtithe seachtracha faoi réir nósanna imeachta sainiúla EFSA

Ghlac an Painéal FEEDAP 36 tuairim san iomlán laistigh de chreat Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, lena n-áirítear 22 tuairim faoi tháirgí nua nó faoi leathadh úsáide táirgí údaraithe, ceann a bhain le hathmheastóireacht, trí cinn a chónasc úsáid nua agus athmheastóireacht, dhá cheann a bhain le hathrú téarmaí údaraithe táirge údaraithe, ceann amháin a bhain le húdarú práinneach agus seacht n-iarratas ar mheastóireacht ar fhaisnéis fhorlíontach curtha ar fáil ag iarrthóirí i ndiaidh tuairimí neamhchonclúideacha. Is iad seo a leanas roinnt de na hábhair eile a glacadh: cuid III den tuairim ar charaitéanóidigh a bhain le

caraitéanóidigh bhuí; tuairim faoi ractapaimín; agus tuairim faoi úsáid comhdhúl cóbailt mar bhreiseáin i gcothú ainmhithe. Tionóladh naoi n-éisteacht theicniúla le cumainn tionscail/iarrthóirí chun saincheistanna a bhain le hiarratais a phlé. D'fhonn obair a ullmhú d'athmheastóireacht gach breiseán bia atá ann i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, eagraíodh cúig chruinniú le Ballstáit, leis an gCoimisiún agus le Saotharlann Tagartha an Chomhphobail. Ina theannta sin, in 2009 nuashonraíodh treoir riaracháin d'iarrthóirí maidir le cur i láthair iarratas ar údarú breiseán beatha. Agus é mar aidhm aige feabhas a chur ar bhainistíocht, ar scaipeadh, ar chartlannú, agus ar mheasúnú sonraí cuimsithe in iarratais, cuireadh tús le nós imeachta soláthair i gcomhar le Roinn um Oibríochtaí TF (ITOP) EFSA chun athbhreithniú a dhéanamh ar na córais um aighniú leictreonach sainchomhad. Cuireadh deontas Airteagal 36 ar fáil chun sraith monagraf a ullmhú i ndáil le ról bitheolaíoch 27 riandúil agus ultrairiandúil, agus i ndáil leis an méid díobh a bhí ar fáil i mbeatha agus leibhéal a riachtanais i gcothú ainmhithe.

Thug an Painéal FEEDAP an treoir dhoiciméad teicniúil do bhreiseáin chéadfacha chun críche, rud a chiallaíonn go bhfuil sraith iomlán de dhoiciméid treorach d'iarrthóirí ann anois chun cabhrú le hiarratais a ullmhú agus a chur i láthair. Cuireadh fáilte roimh thuarascáil sheachtrach ar thionscadal Airteagal 36 faoi oibreáin um míceatocsainí a dhíthocsainiú a úsáidtear mar bhreiseáin bheatha agus úsáidfidh an Painéal FEEDAP an tuarascáil seo agus é ag ullmhú an treoir dhoiciméid. Bronnadh deontas Airteagal 36 chun tuarascáil a ullmhú ina mbaileofaí agus ina sintéiseofaí sonraí agus faisnéis eolaíoch i ndáil le cumas miocrorgánach agus einsímí a úsáidtear i mbia agus i mbeatha íogru riospráide a spreagadh. Táthar ag tnúth go gcuirfeadh tuarascáil deiridh ar thionscadal soláthair do réamh-mheasúnú tionchair since agus copair a úsáidtear i gcothú ainmhithe ar an gcomhshaol ar fáil i mí Eanáir 2010.

Féach ar an CD-ROM ceangailte le haghaidh tuilleadh mionsonraí.

Orgánaigh ghéinathraithe

Stiúran an Painéal um orgánaigh ghéinathraithe (Painéal GMO) measúnuithe riosca ar iarratais a bhaineann le bia agus beatha GM, cuireann sé comhairle eolaíoch ar fáil mar fhreagra ar iarratais *ad-hoc* ó bhainisteoirí riosca, agus aithníonn sé saincheistanna eolaíocha nach mór aird bhreise a thabhairt orthu.

Aschuir eolaíocha 2009	Líon
Tuairimí faoi iarratais an Phainéil GMO	17
Tuairimí Cineálacha an Phainéil GMO	9
Ráitis ón gCoiste Eolaíoch / ó na Painéil	1
Ráitis ó EFSA	1
Tuarascálacha Eolaíocha nó Teicniúla EFSA	16

Ghlac an Painéal GMO 17 dtuairim eolaíocha a chlúdaigh 21 sainchomhad iarratais. D'fhoilsigh EFSA 12 thuarascáil theicniúil a bhain le sainchomhaid iarratais (“tuairimí foriomlána”); cuimsíonn na tuarascálacha seo an tuairim eolaíoch, ach chomh maith leis sin, cuimsíonn siad tráchtanna Ballstát agus doiciméid eile a ordaítear sa rialachán. Bhain 14 cinn de na tuairimí eolaíocha a glacadh le hiarratais maidir le plandaí géinathraithe a chur ar an margadh faoi Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 agus glacadh 3 cinn i gcomhar leis an bPainéal FEEDAP (faoi Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003). Glacadh 8

dtuairim chineálacha san iomlán: 3 cinn a bhain le meastóireacht ar an bhfaisnéis aighnithe chun tacú le Clásail Choimirce arna n-agairt ag Ballstáit (Airteagal 23 de Threoir 2001/18/CE), 2 cheann a bhain le hiarratas ón gCoimisiún Eorpach i ndáil le measúnú sábháilteachta géinte marcóra de fhrithsheasmhacht in aghaidh antaibheathach, agus 3 cinn a bhain le hiarratais ar chomhairle eolaíoch maidir le tuairimí faoi iarratais a glacadh roimhe sin. In 2009, d’eagraigh EFSA 4 chruinniú le saineolaithe Ballstáit, 3 cinn le hiarrthóirí agus ceann amháin le heagraíochtaí neamhrialtasacha chun iarratais a phlé.

Ghlac an Painéal GMO dréacht-tuairimí eolaíocha faoi threoir d’anailís staitistiúil sonraí ginte le haghaidh meastóireachta sábháilteachta bia comparáidí agus le haghaidh treorach i ndáil le measúnú riosca plandaí GM do chuspóirí neamhbhia nó neamhbheatha. Cuireadh an dá thuairim ar fáil do chomhairliúchán poiblí agus cuimsíodh tráchtanna ón gcomhairliúchán sin sna leaganacha glactha. Ghlac an Painéal GMO dréacht-doiciméad treorach amháin d’iarrthóirí maidir le hailléirgineacht plandaí

GM agus miocrorgánach GM; seoladh comhairliúchán poiblí i mí na Nollag 2009 agus beartaítear an doiciméad deiridh a ghlacadh in 2010. Agus treoir á forbairt, tionóladh cruinnithe le saineolaithe Ballstáit (2), iarrthóirí (1) agus tríú páirtithe (2). Lena chois sin, i mí Mheán Fómhair 2009 tionóladh comhdháil sa Bhruiséil faoi mheasúnú riosca GMOnna do shláinte daoine agus ainmhithe agus don chomhshaol, agus d’fhreastail 150 príomhghníomhaí ó gach cearn den Eoraip agus ó áiteanna níos faide i gcéin uirthi. Chun tacú le hobair an Phainéil GMO maidir le treoir a fhorbairt do mheasúnú riosca ainmhithe GM, síníodh trí thionscadal seachfhoinsithe.

Féach ar an CD-ROM ceangailte le haghaidh tuilleadh mionsonraí.

Táirgí diaitéiteacha, Cothú agus Ailléirgí

Déileálann an Painéal NDA le ceistanna a bhaineann le cothú daoine, táirgí diaitéiteacha agus ailléirgí bia. Cuireann sé comhairle ar fáil freisin faoi ábhair bhainteacha cosúil le bianna nua, moltaí cothúcháin do chothaithigh agus d'fhuinneamh, agus rialachán an AE maidir le Cothú agus Maímh Sláinte.

Aschuir eolaíocha 2009	Líon
Tuairimí faoi Iarratais an Phainéil NDA	165
Tuairimí Cineálacha an Phainéil NDA	9
Ráitis ó EFSA	1
Treoracha ó EFSA	2

In 2009, ghlac an Painéal NDA 174 tuairim agus bhain formhór díobh sin (125) le maímh feidhme faoi Airteagal 13(1) a chlúdaigh 937 maíomh. Glacadh 24 tuairim maidir le leanaí agus maímh laghdaithe riosca agus glacadh 10 dtuairim faoi mháimh bunaithe ar eolaíocht nua-fhorbartha agus/nó sonraí dílsithe. I gcomhthéacs an nós imeachta um údarú maíomh sláinte, ghlac an Painéal NDA 2 tuairim faoi na coin-níollacha i bhfeidhm ar úsáid maíomh sláinte maidir le haigéid shailleacha éigeantacha agus maidir le stéaróil agus stanóil plandaí chomh maith. Sa réimse de mheasúnú sábháilteachta bianna nua, ghlac an Painéal NDA 5 tuairim a d'fhreagair do 5 iarratas. Chomh maith leis sin, ghlac an Painéal tuairimí faoin

aois chúí do thabhairt isteach beathaithe chomhlántaigh i naonáin agus faoi dhíolúine fhéideartha béite-amaláise in eorna ó lipéadú. Maidir le Luachanna Tagartha Cothúcháin, sheol an Painéal NDA comhairliúcháin phoiblí ar a dhréacht-tuairimí faoi shailte agus faoi charbaihiodráití agus d'eagraigh sé cruinniú saineolaithe le Ballstáit chun na tuairimí seo a phlé i dteannta dréacht-tuairimí faoi threoirlínte cothúcháin bia-bhunaithe, prionsabail ghinearálta maidir le Luachanna Tagartha Cothúcháin a dhíorthú agus a chur i bhfeidhm agus Luachanna Tagartha Cothúcháin d'uisce. Glacadh leaganacha leasaithe de na doiciméid seo a chuimsigh an t-aiseolas a fuarthas. Glacadh comhairle faoi lipéadú luachanna tagartha iontógála i gcás gnéithe cothaitheacha roghnaithe chomh maith. I bhfianaise na taithí a fuarthas ó na hiarratais maidir le maímh sláinte, chuir EFSA comhairle bhreise ar fáil d'iarrthóirí i bhfoirm doiciméad de cheistanna coitianta (FAQ). Bhí an dréacht-FAQ faoi réir comhairliúcháin phoiblí agus pléadh é ag cruinniú le hiarrthóirí sular tugadh chun críche é mar thuarascáil theicniúil de

chuid EFSA. Foilsíodh tráchtanna a rinneadh le linn an chomhairliúcháin phoiblí agus le linn an chruinnithe in éineacht le hachóimre ar an gcaoi ar tugadh aird ar na tráchtanna sin. Thionóil EFSA cruinniú le Ballstáit agus leis an gCoimisiún chun iad a chur ar an eolas faoi mheastóireacht mháimh sláinte Airteagal 13(1), agus chun na críche sin, ullmhaíodh dréacht-doiciméad faisnéise a nuashonraíodh agus a foilsíodh i ndiaidh an chruinnithe mar thuarascáil theicniúil de chuid EFSA. Seachfhoinsíodh tion-scadal faoi thréithriú ábhar próibhitheach laistigh de chreat meastóireachta na maíomh sláinte.

I bhfianaise leasú an rialacháin maidir le bianna nua atá ag teacht aníos, eagraíodh Collóiciam Eolaíoch chun ionchur luath a fháil ó pháirtithe leasmhara d'ullmhú treorach eolaíche agus teicniúla leasaithe d'iarrthóirí faoi ullmhú iarratas i ndáil le bianna nua.

Féach ar an CD-ROM ceangailte le haghaidh tuilleadh mionsonraí.

Sláinte plandaí

Cuireann Painéal um Shláinte Plandaí (Painéal PLH) EFSA comhairle eolaíoch ar fáil faoi na rioscaí i gceist ó lotnaidí a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do phlandaí, do tháirgí plandaí nó do bhithéagsúlacht san AE.

Aschuir eolaíocha 2009	Líon
Tuairimí Cineálacha an Phainéil PLH	2
Ráitis ón bPainéal PLH	1
Treoracha ón bPainéal PLH	1
Tuarascálacha seachtracha*	10

*Tuarascálacha táirgthe do EFSa ag páirtithe seachtracha faoi réir nósanna imeachta sainiúla EFSa

Ghlac an Painéal PLH ceithre aschur in 2009, lena n-áirítear tuairimí faoi iontaofacht agus éifeachtúlacht modh bheartaithe um shliseoga adhmaid inmhíolaithe ag an néimeatóid ghiúise *Bursaphelenchus xylophilus* a chóireáil agus meastóireacht ar anailísíú riosca lotnaidí (PRA) déanta ag an Ríocht Aontaithe ar an leamhan *Thaumetopoea processionea*. Tháirg an Painéal ráiteas mar fhreagra práinneach ar thogra maidir le cóireáil fhuar plandaí sú talún chun *Bemisia tabaci* a bhaint de chóinsíneachtaí le bheith iompartha chuig an AE ó SAM. Eisíodh treoir freisin faoi mheastóireacht ar

mheasúnuithe riosca lotnaidí um bearta fiteashláintíocha a bhí déanta ag tríú páirtithe.

Ghlac an Painéal PLH treirdhoiciméad um meastóireacht a dhéanamh ar PRAnna déanta ag tríú páirtithe chun údar a thabhairt le bearta fiteashláintíocha faoi Threoir 2000/29/CE ón gComhairle. Tionóladh an dara cruinniú den Sainfóram Comhairleach ar Shláinte Plandaí i mí Dheireadh Fómhair agus chuimsigh an clár oibre riachtanais maidir sonraí, rioscaí atá ag teacht chun cinn agus faireachán ar lotnaidí. Mar thoradh ar chomhoibriú leis an JRC ar shamhaltú a úsáidtear chun bunú agus scaipeadh orgánach

díobhálach a réamhinsint, seoladh ClimPest, creat um shamhaltú oiriúnachta aeráidí do lotnaidí. Tugadh tionscadal Airteagal 36 ar fhardal d'fhoinsí sonraí do PRAnna (PRASSIS) chun críche agus síníodh glao Airteagal 36 a bhain le cur chuige comparáideach i ndáil le cás-staidéir do PRAnna. Aontaíodh agus síníodh tionscadal comhoibríoch athnuaite le Agricast, JRC Ispra ag deireadh 2009. D'fhormhuinigh an painéal an treoir-dhoiciméad faoi chreat comhchuibhithe do mheasúnú rioscaí i ndáil le horgánaigh atá díobhálach do phlandaí agus do tháirgí plandaí agus cuimsíodh na tráchtanna a fuarthas ón gcomhairliúchán poiblí sa doiciméad atá le bheith glactha agus foilsithe in 2010.

Féach ar an CD-ROM ceangailte le haghaidh tuilleadh mionsonraí.

Táirgí cosanta plandaí agus a n-iarmhair

Cuireann an Painéal PPR comhairle eolaíoch neamhspleách ar fáil faoi mheasúnú riosca táirgí cosanta plandaí (dá ngairtear lotnaidicídí go hiondúil) agus a n-iarmhair, le haird ar rioscaí don úsáideoir/oibrí, don tomhaltóir agus don chomhshaol.

Aschuir eolaíocha 2009	Líon
Tuairimí Cineálacha an Phainéil PPR	8
Treoracha ó EFSA	1
Tuarascálacha Eolaíocha nó Teicniúla EFSA	5
Tuarascálacha seachtracha*	1

*Tuarascálacha táirgthe do EFSA ag páirtithe seachtracha faoi réir nósanna imeachta sainiúla EFSA

Ghlac an Painéal PPR tuairim amháin maidir le measúnú ar nochtadh carnach d'fhuingicídí trí-asóil agus sé thuairim maidir le nuashonrú larscríbhinní II agus III de Threoir 91/414 CEE. Beartaítear tuairimí faoi roghanna maidir le spriocanna cosanta agus faoi fhorbairt éici-réigiún a fhoilsiú sa chéad leath de 2010.

Ghlac an Painéal PPR tuairim faoi mheasúnú ar nochtadh ithreach – baineann sé seo leis an treoir-dhoiciméad faoi mharthanacht lotnaidicídí in

ithir atá á forbairt. D'fhoilsigh comh-Mheitheal ar a raibh ionadaithe Ballstáit, an Coimisiún Eorpach agus EFSA an treoir-dhoiciméad faoi mheasúnú riosca d'éin agus do mhamaigh i mí na Nollag. Úsáideadh tuarascálacha a táirgeadh le cabhair ó dheontais Airteagal 36 chun bonn a chur faoin obair ullmhúcháin do tháirgeadh treoir-dhoiciméad faoi astuithe ó chórais bharráil chosanta (e.g. tithe gloine) a bheartaítear a ghlacadh in 2010, agus faoi nochtadh oibrithe, oibreoirí, daoine i láthair agus cónaitheoirí, agus chun tuairim a chur ar fáil faoi bhunú grúpaí measúnaithe coiteanna de shubstaintí gníomhacha do mheasúnú riosca carnach agus faoi mheastóireacht ar ábharthacht thocsaineolaíochta meitibilítí lotnaidicídí.

Síníodh conradh seachfhoinsithe i ndáil le hobair ullmhúcháin do threoir faoi ionsú deirmeach. Tugadh treoir-dhoiciméid faoi phrionsabail mheast-

óireachta ualaigh tocsaineolaíochta meitibilítí, faoi tháirgí díghrádaithe agus imoibríthe lotnaidicídí i dtráchtearraí bia agus faoi mharthanacht san ithir (a fhoilseofar sa chéad leath de 2010) chun críche trí mheán conarthaí leis an JRC. D'eagraigh an Roinn PPR dhá cheardlann do pháirtithe leasmhara faoi "chríoch deiridh" lotnaidicídí i mí na Bealtaine in JRC (Ispra) agus i mí na Samhna i bParma, le 70 agus 60 rannpháirtí faoi seach. In 2010, leanfar ar aghaidh le hobair chun an dá threoir-dhoiciméad atá ann faoi éiceathocsaineolaíocht (ar thalamh agus in uisce) a nuashonrú.

Féach ar an CD-ROM ceangailte le haghaidh tuilleadh mionsonraí.

Modheolaíocht Measúnaithe

Cuireann an Roinn um Modheolaíocht Measúnaithe (AMU) tacaíocht theicniúil ar fáil sa réimse de staidreamh, samhaltú, bainistíocht sonraí agus measúnú riosca. Cuireann sé, ach go háirithe, le forbairt agus le cur i bhfeidhm cineálacha cur chuige nua nó leasaithe maidir le measúnú riosca sa réimse de shábháilteacht bia agus beatha.

Aschuir eolaíocha 2009	Líon
Tuarascálacha Eolaíocha nó Teicniúla EFSA	1
Tuarascálacha seachtracha*	2

*Tuarascálacha táirgthe do EFSA ag páirtithe seachtracha faoi réir nósanna imeachta sainiúla EFSA

Chuir AMU tacaíocht eolaíoch ar fáil do thuairimí na bPainéal CONTAM, PLH, AHAW, BIOHAZ agus GMO agus do thuairimí an Choiste Eolaíoch. Chuimsigh sé sin: tacaíocht bainistíochta sonraí do thuairimí BIOHAZ; anailís eipidéimeolaíoch agus staitistiúil do BIOHAZ, CONTAM agus PLH; agus athbhreithnithe córasacha ar litríocht le meitea-anailísí. Eiseamláir amháin d'athbhreithniú córasach den sórt sin ba ea an tuarascáil theicniúil *"Meta-analysis of Dose-Effect Relationship of Cadmium for Benchmark Dose Evaluation"*.^[1] Meitea-anailís ar Chaidreamh Dáileoige-Tionchair Caidmiam um Meastóireacht ar Dháileog Tagarmhairc] a cuimsíodh i dtuairim CONTAM faoi chaidmiam.

I mí na Nollag, le tacaíocht ó mheitheal de shaineolaithe seachtracha, d'eisigh AMU treoir-dhoiciméad

faoi chur i bhfeidhm na modheolaíochta athbhreithnithe chórasaigh i measúnuithe ar shábháilteacht bia agus beatha. Tástálfar é le linn cearldainne do shaineolaithe agus d'fhoireann EFSA i mí Feabhra 2010. Ó 2003 i leith, tá tuairiscí faighte de bhásmhaireacht shuntasach beach i gcoirceoga san Eoraip agus i SAM. Ba in 2006 a úsáideadh an téarma Neamhord Cliseadh Coilíneachta (CCD) chun cur síos a dhéanamh ar an bhfeiniméan seo den chéad uair. Is éard atá i gceist leis ná cailleadh mear phobal na mbeach fásta i gcoilíneacht. Cé nach dtuigtear an chúis le CCD fós, moladh roinnt cúiseolaíochtaí. D'fhonn fachtóirí riosca féideartha breise a iniúchadh, sheol AMU glao ar thionscadal atá oscailte d'eagraíochtaí inniúla faoi Airteagal 36 de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002. Foilsíodh toradh an tionscadail seo i mí na Nollag 2009.

D'fhoilsigh AMU tuarascáil ar shamhlacha cainníochtúla ina ndéantar cur síos ar leathadh, bunú nó forbairt lotnaidí planda ar bharráí san Eoraip, lena n-áirítear sonraí geografacha agus aeráide agus/nó feineolaíocht plandaí mar fhachtóirí ionchuir.

Cuimsíonn aschur an tionscadail seo, a bhí tacaíthe ag deontas Airteagal 36, fardal struchtúrtha, leictreonach de shamhlacha roghnaithe agus anailísithe freisin, rud a bheidh rí-luachmhar san obair a dhéanfar amach anseo i ndáil le samhlacha réamh-mheastacha de lotnaidí plandaí a chruthú.

Cé go meastar go bhfuil bianna a bhfuil méid mór iseaflavón iontu mar chuid de chothú sláintiúil, tá ceisteanna ann fós faoina dtionchar ar shláinte, ar laghdú riosca galar agus ar fheabhsú cáilíochta beatha. I ndiaidh comhairliúcháin leis an bhFóram Comhairleach, cinneadh go bhfuil spéis ag roinnt Ballstát san ábhar seo. Dá bhrí sin, iarradh ar AMU meitheal ESCO a bhunú a chuirfidh tuarascáil ar fáil in 2010 ina dtabharfar forbheathnú ar an litríocht faoi na guaiseacha agus na tairbhí sláinte féideartha a bhaineann le hiseaflavón a ithe. Cuireann AMU tacaíocht eipidéimeolaíoch agus samhaltaithe ar fáil don Roinn DATEX (β-cáisimoirfin-7) agus do staidéir bhonnline na Ranna Zónóisí freisin, agus chuir sé tacaíocht bainistíochta sonraí ar fáil don Tuarascáil Bhliantúil ar larmhair Lotnaidicídí.

Féach ar an CD-ROM ceangailte le haghaidh tuilleadh mionsonraí.

Bailiú sonraí agus nochtadh

Déileálann an Roinn um Bailiú Sonraí agus Nochtadh (Roinn DATEX) le bailiú, tiomsú agus anailísú sonraí ar thomhaltas bia agus ar mhinicíocht ceimiceán i mbia agus i mbeatha chun measúnuithe noхта a chur ar fáil ag an leibhéal Eorpach.

Aschuir eolaíoch 2009	Líon
Treoracha ó EFSA	1
Tuarascálacha Eolaíoch nó Teicniúla EFSA	4
Tuarascálacha seachtracha*	2

* Tuarascálacha táirgthe do EFSA ag páirtithe seachtracha faoi réir nósanna imeachta sainiúla EFSA

Gníomhaíocht mhór de chuid na Roinne DATEX ba ea cruthú Meithle chun athbhreithniú a dhéanamh ar fhianaise eolaíoch faoi thionchar féideartha β -cáisimoirfiní agus peiptídí bainteacha ar an tsláinte, go háirithe β -cáisimoirfin-7 (BCM7), seicheamh peiptíde atá i láthair sa phróitéin bainne β -cáiséin. Thug roinnt staidéar le fios go bhféadfadh BCM7 cur le riosca méadaithe de ghalair neamhtheagmhálacha áirithe, cosúil le huathachas, galair chardashoithíoch agus diaibéiteas cineál I. Ghlac EFSA leis an obair seo mar chuid den mhonatóireacht agus den mheasúnacht rialta a dhéanann sé ar rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag teacht chun cinn a bhaineann leis an slabhra bia. Chinn an Mheitheal nach raibh sé indéanta caidreamh cúise agus éifeachta a bhunú

idir iontógáil cothúcháin BCM7, peiptídí bainteacha nó a réamhtheachtaithe próitéine féideartha agus galair neamhtheagmhálacha.

Tá an fhaisnéis is mionchruinne maidir le tomhaltas bia leanaí agus daoine fásta atá ar fáil ó gach Ballstát comhoibríoch á cur i mbunachar sonraí cuimsitheach ar thomhaltas bia. Beartaítear go mbeidh an bunachar sonraí ag gníomhú ó 2010 i leith chun ríomhanna noхта níos mionchruinne a chumasú i ndáil le substaintí nó oibreáin thairbheacha nó dhíobhálacha i mbia. I rith na bliana, eisíodh treoirlínte chun breis comhchuibhithe a dhéanamh ar bhailiú sonraí maidir le tomhaltas bia. I gcomhar leis na Ballstáit, ghlac EFSA céim mhór chun

tosaigh maidir le feabhas breise a chur ar cháilíocht na measúnuithe noхта Eorpacha um shábháilteacht bia. D'fhorbair Meitheal a chomhordaigh an Roinn DATEX dréacht-doiciméad treorach faoin modh is fearr chun déileáil le sonraí coiscthe ar chlé (sonraí faoi bhun an tsriain bhraite). D'iniúch an roinn toimhdí réamhshocraithe a úsáideadh ar fud EFSA chun riosca a mheasú d'fhonn úsáid den sórt sin a chomhchuibhiú trasna disciplíní. Foilseofar an doiciméad in 2010.

Ar iarratas ón gCoimisiún Eorpach, d'anailísigh an Roinn DATEX sonraí bailithe ag Ballstáit i ndáil le haicriolaimíd agus fúrán agus d'eisigh sí dhá thuarascáil. Sa tuarascáil ar aicriolaimíd, rinneadh

>>>

>>>

athbhreithniú ar thionchar beart deonach curtha i bhfeidhm ag an lucht tionscail chun leibhéil aicriolaimíde a laghdú. Cé gur chosúil go raibh treocht i dtreo nochta laghdaithe, níl sé soiléir fós an raibh an tionchar inmhianaithe ag na bearta. Bhí an tuarascáil maidir le fúrán mar chéim eatramhach chun tuiscint níos fearr a fháil ar leibhéil fúrán i mbia agus chomhlánaigh dhá thionscadal a cuireadh ar fáil mar thoradh ar dheontas Airteagal 36 é; bhain na tionscaddail sin le tionchar modhanna ullmhaithe bia ar chruthú fúrán agus ar nochtadh d'fhúrán trí fhúrán a ionanálú le linn cócaireachta. Cuirfidh na tacair shonraí a chuirfear ar fáil mar thoradh orthu seo ar chumas EFSA measúnú níos láidre a dhéanamh ar nochtadh trí mheán bealaí éagsúla, ionanálú

san áireamh. Dréachtaíodh tuarascáil ar dhé-ocsainí i mbia agus i mbeatha. Den chéad uair riamh, chabhraigh an roinn leis an gCoimisiún na staitisticí don tuarascáil bhliantúil ar iarmhair leigheasra tréidliachta a ullmhú.

Chuir an Roinn DATEX le roinnt tuairimí trí nochtadh cothúcháin do raon substaintí, go háirithe éilleáin, a mheasúnú. Bailíodh faisnéis ar leibhéal na mbiotoc-sainí muirí i mbia mara agus chuir an Painéal CON-TAM na leibhéil nochta i gcomparáid le luachanna treorach sláinte-bhunaithe. Ba dheacair sonraí a bhailiú ar arsanaic toisc nach raibh mórán faisnéise ar fáil i ndáil le harsanaic neamhorgánach, an comhábhar tocsaineach príomhúil. Táirgeadh algartaim

ar bhonn faisnéise litríochta chun leibhéil d'arsanaic iomlán a chur i gcomparáid le meastacháin faoi arsanaic neamhorgánach sna grúpaí bia faoi seach. Ríomhadh nochtadh i gcás daoine fásta, agus den chéad uair riamh bhí sé indéanta ríomhanna nochta mionchruinne a chur ar fáil d'aoisghrúpaí éagsúla leanaí i roinnt Ballstát. Cuireadh tacaíocht ar fáil don Phainéal CEF chun cabhrú leo modh a roghnú a bheadh oiriúnach chun nochtadh do bhlástáin deataigh a mheasúnú.

Féach ar an CD-ROM ceangailte le haghaidh tuilleadh mionsonraí.

Rioscaí atá ag Teacht Chun Cinn

Tá an Roinn um Rioscaí atá ag Teacht Chun Cinn (Roinn EMRISK) freagrach as nósanna imeachta a bhunú chun faisnéis agus sonraí a mhonatórú, a bhailiú agus a anailísiú chun rioscaí atá ag teacht chun cinn sa réimse de shábháilteacht bia agus beatha a aithint, d'fhonn cosc a chur orthu.

Aschuir eolaíocha 2009	Líon
Tuarascálacha Eolaíocha nó Teicniúla EFSA	2
Tuarascálacha seachtracha*	1

**Tuarascálacha táirgthe do EFSA ag páirtithe seachtracha faoi réir nósanna imeachta sainiúla EFSA*

D'fhoilsigh Meitheal ESCO ar Rioscaí atá ag Teacht Chun Cinn tuarascáil theicniúil ar rioscaí atá ag teacht chun cinn, agus i dteannta tuarascálacha a d'eisigh an Coiste Eolaíoch roimhe seo, cuirfidh an tuarascáil sin bonn faoin gcéad Tuarascáil Bhliantúil de chuid EFSA ar Rioscaí atá ag Teacht Chun Cinn, atá beartaithe le bheith foilsithe go luath in 2010. Foilsíodh tuarascáil theicniúil ina ndearnadh cur síos ar mheastóireacht ar chórais mhonatóireachta gréasáin éagsúla d'fhonn rioscaí atá ag teacht chun cinn a aithint. Sa tuarascáil seo déantar cur síos ar mheastóireacht ar uirlis mhonatóireachta meán

cumarsáide, MediSys, a d'fhorbair Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin Eorpaigh, agus cuirtear i gcomparáid le ProMED-mail é, ó thaobh a úsáideachta maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn a aithint. Cuireadh bunachar sonraí ar chomhdhúile bithghníomhacha ó phlandaí ar fáil trí mheán tionscadail seachfhoinsithe agus seoladh glao agus bronnadh conradh um shamhaltú, um réamh-mheas agus um mapáil teacht chun cinn míceatocsainí i ngránbharraí san AE mar thoradh ar athrú aeráide. Tá EMRISK freagrach freisin as ullmhacht EFSA chun freagairt do shaincheisteanna práin-

neacha a chomhordú. Chun na críche sin, nuashonraíodh na nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag EFSA chun déileáil le hiarratais phráinneacha den sórt sin (an Lámhleabhar Éigeandála) ar bhonn na taithí a fuarthas trí dhéileáil le saincheisteanna práinneacha agus trí chleachtaí oiliúna inmheánacha. Chomhordaigh EMRISK cleachtadh a réachtáladh leis na Ballstáit agus le AS SANCO chun cumarsáid i gcás "géarchéime" a ionsamhlú. Pleanáladh na cleachtaí agus cuireadh i gcrích iad i gcomhar le sainchomhairleoir seachtrach (maoinithe trí mheán soláthair) agus meitheal saineolaithe.

Féach ar an CD-ROM ceangailte le haghaidh tuilleadh mionsonraí.

Athbhreithniú Piaráí ar Mheasúnuithe Riosca Lotnaidicídí

Tá an Roinn um Athbhreithniú Piaráí ar Mheasúnuithe Riosca Lotnaidicídí (PRAPeR) freagrach as athbhreithniú piaráí a dhéanamh ar shubstaintí gníomhacha a úsáidtear i dtáirgí cosanta plandaí. Seoltar na measúnuithe, an t-athbhreithniú piaráí san áireamh, chuig an gCoimisiún Eorpach chun cur ar a chumas a chinneadh cibé ar chóir nó nár chóir an tsubstaint a chuimsiú ar liosta dearfach an AE de shubstaintí ceadaithe a fhéadfar a úsáid i dtáirgí ar fud na hEorpa. Lena chois sin, bíonn an Roinn páirteach i measúnuithe riosca ar thomhaltóirí a nochtar d'iarbhair lotnaidicídí i mbia, rud a chuireann bonn faoi shocrú na n-uasleibhéal iarbhair (MRLanna) faoi dhlí an AE. Tá an Roinn freagrach freisin as an tuarascáil bhliantúil ar iarbhair lotnaidicídí a ullmhú.

Aschuir eolaíocha 2009	Líon
Ráitis ó EFSA	1
Conclúidí ón Athbhreithniú Piaráí ar Lotnaidicídí	28
Tuairimí Réasúnaithe	76
Tuarascálacha Eolaíocha nó Teicniúla EFSA	1

An 1 Meán Fómhair 2008, tháinig Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i bhfeidhm. Mar thoradh air sin, bhí an Roinn PRAPeR páirteach i nósanna imeachta um shocrú agus um leasú uasleibhéal iarbhair (MRLanna) a bheartaíonn na Ballstáit úsáidí nua lotnaidicídí a údarú dóibh, agus sa chreat um bunú lamháltas allmhairithe (Airteagal 10 de Rialachán 396/2005). In 2009, chuir an Coimisiún Eorpach 101 iarratas MRL faoina bhráid a bhain

le leasú thart ar 400 MRL. Mar fhreagra ar na hiarratais seo, d'eisigh EFSA 70 tuairim réasúnaithe (a thug aghaidh ar 76 iarratas). Lena chois sin, chuir EFSA trí thuairim réasúnaithe ar fáil i ndáil le hiarratais shonracha ón gCoimisiún Eorpach a bhain le substaintí gníomhacha ar toimhdíodh go raibh rioscaí do shláinte tomhaltóirí i gceist leo. Sa chlár um athbhreithniú MRLanna (Airteagal 12 de Rialachán 396/2005), fuair EFSA faisnéis chúlra ó Bhallstáit do 137 substaint gníomhach a mheasúnaíonn EFSA anois. I gcomhar le Ballstáit agus leis an gCoimisiún Eorpach, bunaíodh plean oibre chun na tuairimí réasúnaithe a chur in ord tosaíochta agus a thabhairt chun críche. Ní raibh sé indéanta an líon beartaithe de thuairimí réasúnaithe Airteagal 12(1) agus 12(2) a thabhairt chun críche agus a luaitear i bPlean Bainistíochta 2009 mar thoradh ar na cúiseanna seo leanas:

- moill ar aighniú doiciméad ag Ballstáit;
- tosaíocht níos airde tugtha do ghnáth-iarratais MRL (Airteagal 10 de Rialachán 396/2005) agus leithroinnt tosaíochta acmhainní a bhí ar fáil sa Roinn PRAPeR ar an tasc seo;
- bhí líon na n-ghnáth-iarratas MRL agus líon na dtuairimí réasúnaithe a d'eisigh EFSA mar fhreagra ar na hiarratais seo (Airteagal 10 de Rialachán 396/2005) níos airde ná mar a rabhthas ag tnúth leis, rud a chuir srian breise leis an acmhainn ar fáil chun déileáil le hiarratais Airteagal 12.

>>>

Athbhreithniú Piaráí ar Mheasúnuithe Riosca Lotnaidicídí

>>>

Nuashonraigh an tAonad PRAPeR an bunachar sonraí ar luachanna tagartha tocsaineolaíochta lotnaidicídí, le haird ar luachanna nua nó leasaithe bunaithe san AE nó ag comhlachtaí idirnáisiúnta. Tá níos mó ná 1 100 luach iontógála glactha laethúil (ADI) agus 900 luach géardháileoige tagartha (ARfD) ar fáil sa bhunachar sonraí. Seoladh glao ar thairiscintí d'fhonn feabhas a chur ar an mbunachar sonraí ar MRLanna molta ag *Codex Alimentarius*. Tá an fhaisnéis seo riachtanach chun measúnú riosca cuimsitheach a dhéanamh de réir mar a cheanglaítear sa chlár um athbhreithniú MRLanna faoi Airteagal 12, agus chun an fhaisnéis faoi cibé an bhfuil nó nach bhfuil na MRLanna bunaithe ag *Codex Alimentarius* sábháilte do thomhaltóirí Eorpacha a chur ar fáil do bhainisteoirí riosca. I gcomhar leis na Ranna CONTAM, DATEX agus EMRISK, d'ullmhaigh an Roinn PRAPeR ráiteas mar fhreagra ar iarratas ar thuairim eolaíoch phráinneach faoin riosca don tsláinte phoiblí i gceist le nicitín i muisiriúin fhiáine.

In 2009, d'fhoilsigh EFSA an chéad Tuarascáil Bhliantúil ar larmhair Lotnaidicídí do 2007. Sa tuarascáil, déantar achoimre ar thorthaí thart ar 74 000 sampla a d'anailísigh Ballstáit in 2007 chun comhlíonadh na bhforálacha dlí a chinntiú. Go hachomair, fuair an tuarascáil gur chomhlíon 96 % de na samplaí a anailísíodh na huasleibhéil iarmhair (MRLanna) dlíthiúla agus sháraigh 4 % de na samplaí na leibhéil sin, i gcomparáid le 5 % in 2006. Úsáideadh na sonraí seo chun nochtadh iarbhir tomhaltóirí d'iarmhair lotnaidicídí trí mheán bia a mheasú; cuimsíodh torthaí an mheasúnaithe seo sa tuarascáil freisin. Mar thoradh ar easpaí a aithníodh san fhormáid tuairiscithe atá ann, d'fhorbair EFSA samhail nua de shonraí chun torthaí gníomhaíochtaí monatóireachta a aighniú. Tástáladh an fhormáid nua sonraí seo i dtreoirthionscadal le 6 Bhallstát a d'aighnigh torthaí na dtorthaí monatóireachta a díorthaíodh in 2008 do thart ar 6 mhilliún dearbhú de lotnaidicídí in 27 000 sampla. Sheol an Roinn glao ar thairiscintí maidir le cúnamh eolaíoch agus teicneolaíoch do dhréachtú na chéad tuarascála bliantúla eile maidir le hiarmhair lotnaidicídí.

Is iad seo a leanas roinnt de na gníomhaíochtaí maidir le hathbhreithniú piaráí ar lotnaidicídí a rinneadh in 2009: substaintí gníomhacha nua; substaintí a aighníodh arís le bheith cuimsithe in Iarscríbhinn I de Threoir 91/414/CEE i ndiaidh cinnidh tosaigh gan iad a chuimsiú; substaintí atá cuimsithe in Iarscríbhinn I a bhfuil a dtréimhsí cuimsithe ar tí éag; substaintí cuimsithe in Iarscríbhinn I a dhlítear conclúidí EFSA fúthu a chur ar fáil faoin 31 Nollaig 2010 (na substaintí "green track", i.e. substaintí a chomhlíonann na critéir maidir le táscairí soiléire d'easpa tionchair dhíobhálaigh); agus substaintí a cuireadh sonraí deimhnithe i ndáil leo ar fáil i ndiaidh dóibh a bheith cuimsithe. Tionóladh sraith cruinnithe eolaíochta le saineolaithe Ballstáit maidir le substaintí gníomhacha nua agus atá ann agus maidir le miocrorgánaigh a úsáidtear mar shubstaintí gníomhacha. Fuair EFSA tuarascálacha measúnaithe do 50 substaint a aighníodh arís agus 6 shubstaint Iarscríbhinn I a bhí dlite do bheith athnuaithe, agus chuir sé tús le comhairliúchán le Ballstáit, le hiarrthóirí agus leis an bpobal i gcoitinne chun aiseolas a chur ar fáil don

>>>

>>>

Choimisiún Eorpach. Beidh an tréimhse chomhairliúcháin i ndáil le líon mór de na substaintí a aighníodh arís ar siúl fós in 2010. Chomh maith leis sin, d'iarr an Coimisiún Eorpach ar EFSA athbhreithniú piaraí a eagrú le saineolaithe Ballstáit agus conclúidí a chur ar fáil faoi 20 substaint a aighníodh arís agus 6 shubstaint larscríbhinn I a bhí dlite do bheith athnuaithe. Mar fhreagra ar na hamlínite dúshlánacha a bhain leis na cláir athaighnithe agus athnuachana, mhéadaigh an Roinn PRAPeR an úsáid a baineadh as teileachomhdháil. D'eagraigh sí 23 teileachomhdháil le saineolaithe Ballstáit, mar shampla. Tugadh cuireadh do EFSA tráchtanna a chur ar fáil don Choimisiún Eorpach faoi mheasúnú sonraí deimhnithe aighnithe ag na Ballstáit rapóirtéara do 9 substaint.

San iomlán, d'eisigh an Roinn PRAPeR conclúidí faoi 28 substaint in 2009, lena n-áirítear 9 substaint ghníomhach nua, 9 substaint a aighníodh arís agus 7 substaint ghníomhach a cuimsíodh in larscríbhinn I

ach ar cuireadh an t-athbhreithniú piaraí orthu siar. Tá an uimhir seo níos lú ná mar a beartaíodh mar níor iarr an Coimisiún ar EFSA conclúidí a dhréachtú faoi shonraí deimhnithe; bhí moilleanna nach rabhthas ag tnúth leo sna cláir um athnuachan larscríbhinn I agus sna cláir maidir le hathaighniú substaintí; agus, le comhaontú an Choimisiúin, leathnaíodh an spriocdháta d'fhormhór na substaintí "green track" go 2012. Mar thoradh air sin, bhí líon na gcomhairliúcháin poiblí a seoladh in 2009 níos lú ná mar a rabhthas ag tnúth leis freisin.

Féach ar an CD-ROM ceangailte le haghaidh tuilleadh mionsonraí.

Comhoibriú Eolaíoch

Is é an cuspóir leis an Roinn um Chomhoibriú Eolaíoch (SCO) comhoibriú eolaíoch, tionscadail agus malartú faisnéise eolaíche idir EFSA agus gníomhaireachtaí náisiúnta sábháilteachta bia i mBallstáit an AE a chur chun cinn.

Aschuir eolaíocha 2009	Líon
Tuarascálacha seachtracha (*)	2

*Tuarascálacha táirgthe do EFSA ag páirtithe seachtracha faoi réir nósanna imeachta sainiúla EFSA

Lean líonra na bPointí Fócasacha, a bunaíodh in 2007, ar aghaidh ag tacú le Baill an Fhórais Chomhairligh. Chun na críche sin, síníodh comhaontuithe Pointí Fócasacha ilbhliantúla leis na 27 Ballstát chun an líonra atá ann a dháingniú. I mí Mheán Fómhair 2009, fuair na 3 thír is iarrthóirí ar bhallaíocht den AE ballraíocht den líonra Pointí Fócasacha. D’eagraigh a lán Pointí Fócasacha, go háirithe i dtíortha i Lár na hEorpa, ócáidí chun feasacht a mhúscailt ar obair na mBallstát agus obair EFSA. D’ullmhaigh an Roinn SCO tuarascáil ar ghníomhaíochtaí na bPointí Fócasacha in 2009. I measc thosaíochtaí líonra na bPointí Fócasacha, bhí malartú faisnéise ar ghníomhaíochtaí oiliúna agus ar thionscadail cosúil le bailiú sonraí agus maoiniú taighde.

Anois tá 370 eagraíocht ar an liosta méadaithe d’eagraíochtaí Airteagal 36 a thacaíonn le EFSA, agus ghlac Bord Bainistíochta EFSA clár oibre 2010 in 2009 chun a chinntiú go dtosófaí á chur i gcrích go luath.

Cuireadh oiliúint ar fáil do Phointí Fócasacha in 2009 d’fhonn cur ar a gcumas feabhas a chur ar thacaíocht d’eagraíochtaí Airteagal 36 ina dtíortha féin, agus tá uirlisí TF á bhforbairt chun feabhas a chur ar líonrú. Ullmhaíodh tuarascáil mheasúnaithe, bunaithe ar shuirbhé ar ghníomhaíochtaí clúdaithe ag scéimeanna deontais agus soláthair EFSA. Lean bunachar saineolaithe EFSA ar aghaidh ag dul i méid agus anois cuimsíonn sé thart ar 2000 saineolaí ó bhreis agus 60 tír. Tá an fás seo mar thoradh ar ghníomhaíochtaí comhoibriúchá tionscanta i mblíana le Ballstáit agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta d’fhonn feabhas a chur ar úsáid an bhunachair shonraí seo. Eisíodh cúig ghnáth-thuarascáil ar ghníomhaíochtaí sa tionscadal um bunachar sonraí saineolaithe i rith 2009.

Thug an Mheitheal ESCO um “*Analysis of Risks and Benefits of Fortification of Food with Folic Acid*” [“Anailís ar rioscaí agus tairbhí a bhaineann le treisiú bia le haigéad fólach”] a cuid oibre chun críche. Eisíodh a tuarascáil, a chuimsíonn torthaí ócáide eolaíche a réachtáladh in Uppsala, agus chuir an Stiúrthóir Feidhmiúcháin faoi bhráid an Choiste Eolaíoch í le bheith breithnithe ag an bPainéal NDA. Is uirlis í an tArdán

Malartaithe Faisnéise (IEP) a chabhraíonn le Ballstáit agus le EFSA faisnéis a mhalartú maidir le gníomhaíochtaí measúnaithe riosca atá curtha i gcrích ag eagraíochtaí Ballstáit le sainordú cosúil le sainordú EFSA. Go dtí seo, tá breis agus 400 doiciméad eolaíoch foilsithe ag IEP Lena chois sin, cuireann sé pleananna oibre agus faisnéis eile a bhaineann le tíortha ar leith ar fáil. Ó mhí Aibreáin i leith, cuireadh naoi dtuarascáil mhíosúla ar fáil d’úsáideoirí.

Seoladh réimse nua láithreáin don *EFSA Journal* [Iris EFSA] i mí na Nollag chun cuimsiú na hIrise i mbunachair shonraí bhibleagrafaíochta a éascú. Is é an aidhm le feabhsú na hIrise ná asraon d’obair eolaíoch EFSA a chur ar fáil atá infheicthe agus a théann i bhfeidhm ar an bpobal eolaíoch agus a chomhlíonann dea-chleachtas maidir le foilsitheoireacht acadúil ag an am céanna. Foilsíodh an Tuarascáil Achomair ar Chollóicium Uimh. 12 (*Campylobacter*) i mí an Mhárta. An 19-20 Samhain, d’fhreastail thart ar 100 eolaí agus páirtithe leasmhara ó 25 tír ar an 13ú collóicium eolaíoch de chuid EFSA, “What’s new on Novel Foods” [“Nuacht faoi Bhianna Nua”] in Amstardam.

Féach ar an CD-ROM ceangailte le haghaidh tuilleadh mionsonraí.

Bailiú sonraí faoi zónóisí

Anailísíonn agus tuairiscíonn an Roinn Zónóisí sonraí faoi zónóisí, faoi fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbaigh, faoi éilleáin mhicribhitheolaíocha agus faoi bhrístí amach galar bia-iompartha. Cuireann na Ballstáit agus tíortha tuairiscithe eile na sonraí ar fáil i gcomhréir le Treoir 2003/99/CE.

Aschuir eolaíocha 2009	Líon
Tuarascálacha Eolaíocha nó Teicniúla EFSA	14
Tuarascálacha seachtracha*	5

*Tuarascálacha táirgthe do EFSA ag páirtithe seachtracha faoi réir nósanna imeachta sainiúla EFSA

In 2009, leanadh ar aghaidh ag comhchuíbhiú monatóireachta agus tuairiscithe zónóisí san AE d'fhonn feabhas a chur ar cháilíocht na sonraí a fhaightear agus a anailísítear ag leibhéal an Chomhphobail. Go háirithe, foilsíodh ceithre thuarascáil ar shonraíochtaí do mhonatóireacht agus do thuairisciú comhchuíbhithe seadán zónóiseach (*Trichinella*, *Echinococcus*, *Cysticercus* agus *Sarcocystis*) in ainmhithe ag Ballstáit an AE mar thoradh ar thionscadal a maoiníodh le deontas Airteagal 36. Ina theannta sin, chomhordaigh an roinn dhá thionscadal eile a bhí maoinithe ag deontas Airteagal 36 agus a raibh mar aidhm acu monatóireacht agus tuairisciú confaidh agus fiabhrais Q in ainmhithe, agus na modhanna um shuirbhéireacht a dhéanamh ar oibreáin

zónóiseacha, a chomhchuíbhiú sna Ballstáit éagsúla. Chomh maith leis sin, le tacaíocht ón Tascfhórsa um Bailiú Sonraí faoi Zónóisí agus ó mheithleacha seachtracha, d'eisigh an roinn féin sonraíochtaí do shuirbhéanna comhchuíbhithe ar dhá phataigin zónóiseacha, *E. coli* véaratocsaigineach agus *Yersinia enterocolitica*, in ainmhithe agus i mbia. Tá na sonraíochtaí beartaithe chun treoir a thabhairt do Bhallstáit agus a ngníomhaíochtaí monatóireachta náisiúnta á gcur i gcrích acu, agus chun béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le dearadh maith suirbhé. Ar iarratas ón gCoimisiún, ullmhaíodh sonraíochtaí teicniúla do shuirbhé uile-AE ar *Listeria monocytogenes*, pataigin thábhachtach bhia-iompartha, i mbianna réidh le hithe. Reáchtálfar an suirbhé sin in 2010.

Rinneadh sonraí ó thuairisciú bliantúil faoi zónóisí ag na Ballstáit, agus ó na trí shuirbhé bhonnlíne uile-AE a rinneadh in 2008, a bhailíochtú agus úsáid á baint as córas bainistíochta sonraí nua bunaithe ar SAS le critéir bhailíochtaithe uathoibríocha. Rinneadh iarrachtaí ar leith chun feabhas a chur ar anailísí ar na

sonraí ón suirbhé bliantúil ar zónóisí agus ó na suirbhéanna bonnlíne ó taobh TF agus modheolaíochta de. Chun na críche sin, forbraíodh córais ollstóir sonraí agus GIS (faisnéis gheografach) chun láimhseáil agus rochtain sonraí a éascú. Ina theannta sin, thug dhá mheitheal saineolaithe aghaidh ar fhorbairt anailísí staitistiúla agus spásúla ar shonraí zónóisí agus ar anailísí ar threochtaí thar am, agus chuir siad moltaí ar fáil faoi na modhanna is cuí le húsáid i bhforbairtí amach anseo. Roimhe seo, úsáideadh an mhodheolaíocht anailíseach fheabhsaithe i dTuairisc Achomair Bhliantúil an Chomhphobail ar zónóisí in 2008 agus sa Tuairisc Achomair ar bhrístí amach bia-iompartha in 2007, tuairiscí a ullmhaíodh i gcomhar leis an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC). Arís fuarthas gurbh iad *Salmonella* agus *Campylobacter* na pataiginí zónóiseacha is minice a tuairiscíodh san AE. Foilsíodh dhá thuarascáil ar na suirbhéanna bonnlíne uile-AE ar *Staphylococcus aureus* meiticillinfhriotáíoch (MRSA) agus *Salmonella* i muca síolraíochta. I ngach tuarascáil, leagadh béim ar leith ar chur in iúl soiléir torthaí agus anailísí.


Féach ar an CD-ROM ceangailte le haghaidh tuilleadh mionsonraí.

IARSCRÍBHINN IV – TUARASCÁIL AIRGEADAIS




Úsáid an Bhuiséid 2009

- Gealladh EUR 68.92 milliún nó 97.1 % den bhuiséad de EUR 70.96 milliún, leis an gclár Réamhaontachais san áireamh. Bhí an leibhéal geallta 1% faoi bhun na sprice leagtha amach don bhliain i.e. 98 %.
- Íocadh EUR 53.47 milliún nó 75.4 % de na leithreasáí iomlána. Tá an leibhéal íocaíochta seo 3 % faoi bhun na sprice de EUR 55.6 milliún.
- Tugadh EUR 9.5 milliún de leithreasáí íocaíochta nó 13 % den bhuiséad úsáidte ar aghaidh chuig 2010 (24.4 % in 2008).





Teideal	Leithreasáí (milliún EUR)	Gealltanais (milliún EUR)	Céatadán geallta	Íocaíochtaí (milliún EUR)	Céatadán íochta	RAL (milliún EUR)
Pearsanra	34.77	33.81	97 %	33.12	95 %	0.69
Bonneagar	10.75	10.69	99 %	6.30	59 %	4.40
Oibríochtaí	25.44	24.42	96 %	14.05	55 %	10.37
A bhain le réamhaontachas	0.51	0.35	69 %	0.23	46 %	0.11
Iomlán	70.96	68.92	97 %	53.47	75 %	15.45

Úsáid an Bhuiséid ar Bhonn Gníomhaíochtaí (ABB) 2009




Gníomhaíocht	Leithreasáí (milliún EUR)	Gealltanais (milliún EUR)	Céatadán geallta	Íocaíochtaí (milliún EUR)	Céatadán íochta	RAL (milliún EUR)
Gníomhaíocht 1	30.72	29.84	97 %	24.05	78 %	5.79
Gníomhaíocht 2	19.52	19.04	98 %	13.58	70 %	5.46
Gníomhaíocht 3	10.42	9.96	96 %	7.18	69 %	2.78
Gníomhaíocht 4	10.30	10.09	98 %	8.67	84 %	1.42
lomlán	70.96	68.92	97 %	53.47	75 %	15.45

- Gníomhaíocht 1:** Comhairle eolaíoch agus tuairimí eolaíoch a sholáthar
- Gníomhaíocht 2:** Modheolaíochtaí measúnaithe riosca
- Gníomhaíocht 3:** Cumarsáid agus comhphlé
- Gníomhaíocht 4:** Bainistíocht agus riarachán






Leithreasáí ABB 2009



- Gníomhaíocht 1:** Comhairle eolaíoch agus tuairimí eolaíocha a sholáthar
- Gníomhaíocht 2:** Modheolaíochtaí measúnaithe riosca
- Gníomhaíocht 3:** Cumarsáid agus comhphlé
- Gníomhaíocht 4:** Bainistíocht agus riarachán

ABB úsáidte in 2009





© An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia, 2010

ISBN 978-92-9199-255-3

doi:10.2805/49849

Ceadaítear atáirgeadh ar choinníoll go n-admhaítear an fhoinsé, ach amháin má luaitear a mhalairt. Ní gá go léiríonn na dearcaí ná na seasaimh a chuirtear in iúl san fhoilseachán seo seasamh oifí giúil an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia i dtéarmaí dlí.

Ní ghlacann an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia aon fhreagracht ná dliteanas as aon earráidí nó míchruinnis a fhéadfaidh a bheith ann.

